



TOGRA

Uimh. an doic. ón COM(2026) 313 final
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh
TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla agus leis
an Ordú Eorpach um Chian-Rannpháirtíocht (athmhúnlú)



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2026
COM(2026) 313 final/2

2026/0172 (COD)

ADDENDUM

This document replaces document COM(2026) 313 final of 23.6.2026

Concerns all language versions.

Insertion of the reference to the Commission Staff Working Document SWD(2026) 780 final linked to this Proposal

The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla agus leis an Ordú Eorpach um Chian-Rannpháirtíocht (athmhúnlú)

{SWD(2026) 780 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá méadú ag teacht ar ghnéithe trasteorann na gníomhaíochta coiriúla agus is dúshlán tromchúiseach í don tslándáil laistigh den Aontas. Oibríonn líonraí coiriúla agus eagraíochtaí sceimhlitheoireachta go rianúil ar fud dlínsí éagsúla chun a ngníomhaíochtaí coiriúla a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá gá againn le córais cheartais choiriúil an Aontais a bhfuil uirlisí éifeachtacha agus comhar iontaofa acu chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí sin.

Le Treoir 2014/41/AE¹ ('an Treoir'), bunaíodh an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach ('OIE') mar ionstraim chun fianaise a bhailiú ar bhonn trasteorann in ábhair choiriúla. Ba fhreagairt í an Treoir ar ghá praiticiúil léir-shainaitheanta le creat cuimsitheach, bunaithe ar aitheantas frithpháirteach, chun fianaise a fháil i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Ó cuireadh an Treoir i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2017, tá uirlis luachmhar curtha ar fáil aici d'údarais bhreithiúnacha agus d'údarais inniúla eile, uirlis a úsáidtear go forleathan ar fud na mBallstát rannpháirteach.

Ba é ab aidhm don 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha² a rinneadh idir 2023 agus 2024 meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme na Treorach. Le tacaíocht ó shonraí ó Eurojust³ agus ón nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla ('EJN')⁴, deimhníodh sa mheastóireacht gur úsáideadh OIEnna go minic. Chuir an mheastóireacht deis luachmhar ar fáil freisin chun réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fheabhsú agus a fhorbairt, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais. Sa tuarascáil chríochnaitheach maidir leis an 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar chur chun feidhme OIE ('tuarascáil chríochnaitheach maidir le meastóireachtaí frithpháirteacha')⁵ sainithníodh roinnt réimsí ina léirmhíniú na Ballstáit an Treoir ar bhealaí éagsúla nó ina bhfuil nósanna imeachta sonracha in easnamh orthu, go háirithe: (i) fianaise a úsáid chun críocha eile; (ii) sainmhíniú ar 'idircheapadh teileachumarsáide'; (iii) úsáid gléasanna taifeadta teicniúla agus an gaol idir OIE agus faireachas trasteorann faoi Airteagal 40 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme ('CISA')⁶; agus (iv) faisnéis forfheidhmithe dlí a malartaíodh roimhe seo a úsáid mar fhianaise. Thángthas ar an

¹ Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in imeachtaí in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

² I gcomhréir le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 97/827/CGB an 5 Nollaig 1997 (an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach), lenar bunaíodh sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme na ngealltanas idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe ar an leibhéal náisiúnta.

³ Léirítear i dtuarascáil bhliantúil Eurojust 2025 6 711 chás Eurojust atá ar siúl faoi láthair, lena n-áirítear 2 751 chás nua, beagnach leath de chásanna uile Eurojust: <https://www.eurojust.europa.eu/about-us/planning-and-reporting/annual-report#downloadpdf>.

⁴ Léirítear i dtuarascáil EJN 2023-2024 maidir le gníomhaíochtaí agus bainistíocht gur thuairiscigh pointí teagmhála EJN, ó 2023 go 2024, níos mó ná 4 612 chás inar chuidigh siad le hiarrataí a bhaineann le OIE. Is é a bhí i gceist leis na cásanna sin beagnach aon trian de na cásanna uile ina raibh gá le cúnamh EJN: <https://www.ejn-crimjust.europa.eu/ejn2021/ContentDetail/EN/2/67>.

⁵ Tuarascáil chríochnaitheach maidir le meastóireachtaí frithpháirteacha: <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15834-2024-REV-1/en/pdf>.

⁶ An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, IO L 239, 22.9.2000, lch. 19.

gconclúid inti go gcuireann na bearnaí sin bac ar chur chun feidhme comhsheasmhach agus d'iarr sé ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar leasuithe reachtacha a bhreithniú chun na saincheisteanna sin a shoiléiriú. Thairis sin, cuireadh i dtábhacht inti saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 24 den Treoir (maidir le héisteachtaí trí fhíschomhdháil) agus iarradh ar an gCoimisiún inti 'aghaidh a thabhairt ar an leibhéal reachtach ar an gceist maidir le rannpháirtíocht an duine atá cúisithe sa triail trí fhíschomhdháil ó Bhallstát eile'.

Ina theannta sin, mheas an Grúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí go mbaineann roinnt dúshlán d'údaráis forfheidhmithe dlí le hiarrataí trasteorann ar idircheapadh dleathach. Moladh sa tuarascáil deiridh⁷ féachaint ar an gcaoi a bhféadfadh an Treoir tacú ar bhealach níos fearr le hiarrataí éifeachtúla trasteorann ar idircheapadh dleathach.

Deimhníodh an gá atá le gníomhaíocht reachtach spriocdhírithe freisin le torthaí oibríochtúla a thuairiscigh Eurojust⁸ agus EJN⁹, le tuarascáil an Fhórait Ardleibhéil maidir le Todhchaí cheartas coiriúil an Aontais¹⁰ agus leis an measúnú ar an éifeacht a thug na Ballstáit do Mholadh (AE) 2022/915 ón gComhairle¹¹.

Soiléiríodh freisin le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) conas ba cheart gnéithe áirithe de Threoir OIE a léirmhíniú agus cuireadh i dtábhacht ann réimsí ina bhfuil soiléiriú reachtach breise iomchuí. Baineann roinnt cásanna, go háirithe, le léirmhíniú Airteagal 24 den Treoir¹². Cuirtear i dtábhacht iontu an éiginnteacht dhlíthiúil maidir leis an raon feidhme, na coinníollacha faoina bhféadfar físchomhdháil a úsáid in imeachtaí coiriúla agus a mhéid a fhéadfar cúnamh ina leith sin a iarraidh faoin Treoir thar an bpríomhchuspóir fianaise a ghlacadh.

I bhfianaise an mhéid sin, tá dhá phríomhchuspóir ag an togra:

- (1) soiléireacht dhlíthiúil agus éifeachtacht oibríochtúil a fheabhsú i mbailiú trasteorann fianaise san Aontas trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh spriocdhírithe a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm na Treorach; agus
- (2) rialacha comhchoiteanna a tharraingt suas maidir le cúnamh a iarraidh chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine atá faoi dhrochamhras, do dhaoine atá cúisithe agus d'íospartaigh páirt a ghlacadh go cianda in éisteachtaí cúirte coiriúla ó Bhallstát eile.

⁷ Tuarascáil deiridh ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le rochtain ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú éifeachtach an dlí (15 Samhain 2024). https://home-affairs.ec.europa.eu/document/download/4802e306-c364-4154-835b-e986a9a49281_en?filename=Concluding%20Report%20of%20the%20HLG%20on%20access%20to%20data%20for%20effective%20law%20enforcement_en.pdf.

⁸ Topaic Oibríochtúil maidir le hIdircheapadh Teileachumarsáide, Achoimre agus tiomsú freagraí, Meitheamh 2024.

⁹ Barúlacha agus Conclúidí ón 59ú Cruinniú Iomlánach den Líonra Breithiúnach Eorpach (EJN) (Prág, an 9-11 Samhain 2022).

¹⁰ Tuarascáil ón bhFóram Ardleibhéil maidir le Todhchaí Cheartas Coiriúil an Aontais: https://commission.europa.eu/document/download/606f0f38-12f9-4893-8941-3ac835229bcd_en?filename=JUST_template_comingsoon_standard_16.pdf.

¹¹ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, measúnú ar an éifeacht a thug na Ballstáit do Mholadh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, 31 Eanáir 2025 SWD(2025) 36 críochnaitheach, 31 Eanáir 2025.

¹² Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 4 Iúil 2024, *FP agus Eile*, C-760/22, ECLI:EU:C:2024:574; breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 6 Meitheamh 2024, *AVVA agus Páirtithe eile*, Cásanna Uamtha C-255/23 agus C-285/23, EU:C:2024:462; breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 18 Nollaig 2025, C-325/24, *Bissili*, EU:C:2025:989.

Dá dtabharfaí aghaidh ar na heasnaimh sin, rannchuideofaí le comhar breithiúnach níos éifeachtaí agus mhéadófaí muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit.

Maidir leis an gcéad chuspóir, féachann an togra le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm níos aonfhoirmí phríomhfhorálacha na Treorach a áirithiú ar fud na mBallstát rannpháirteach trí choincheapa agus rialacha níos imeachta as ar eascair cleachtais náisiúnta éagsúla a shoiléiriú. Go háirithe, tá sé d'aidhm aige deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar maidir leis na nithe seo a leanas: (i) fianaise a úsáid chun críocha eile agus í a aistriú ar aghaidh; (ii) an sainmhíniú ar an gcoincheap 'teileachumarsáid' agus gnéithe níos imeachta an níos imeachta um fhógra a thabhairt maidir le hidircheapadh gan gá le cúnamh teicniúil ó Bhallstát eile; (iii) an sainmhíniú ar 'údarás eisiúna; agus (iv) na nósanna imeachta chun úsáid fhianaiseach faisnéise a malartaíodh roimhe sin idir údaráis forfheidhmithe dlí nó a malartaíodh go spontáineach idir údaráis bhreithiúnacha a iarraidh.

Leagtar amach sa togra freisin rialacha maidir le húsáid gléasanna taifeadta teicniúla agus maidir le faireachas trasteorann chun críche fianaise a bhailiú agus soiléirítear ann an idirghníomhaíocht idir OIE agus bearta faireachais trasteorann faoi Airteagal 40 CISA. Tá sé d'aidhm aige freisin feabhas a chur ar fhorghníomhú tráthúil beart imscrúdaitheach áirithe, rud a chiallaíonn fianaise a bhailiú i bhfíor-am, amhail seachadtaí rialaithe, chomh maith le hidircheapadh teileachumarsáide agus faireachas trasteorann. Déanfar é sin trí fhorghníomhú sealadach na mbeart imscrúdaitheach sin a cheadú i gcás ina bhfuil géarghá leis chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith éifeachtach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin in imscrúduithe coireachta eagraithe, i gcás ina bhfuil úsáid na dteicnící imscrúdaitheacha speisialta sin fíor-riachtanach chun fianaise a bhailiú. Thairis sin, tugtar aghaidh sa togra ar na heasnaimh a sainaithníodh i bhfoirm OIE. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra feidhmiú praiticiúil an chreata chomhchoitinn a neartú chun fianaise a fháil i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear trí dhébhríochtaí dlíthiúla a laghdú a bhféadfadh moilleanna, diúltuithe d'fhorghníomhú, nó coimircí níos imeachta neamhréireacha a bheith mar thoradh orthu.

Maidir leis an dara cuspóir, léirigh torthaí na gcomhairliúchán nach bhfuil rialacha sonracha ach ag roinnt Ballstát maidir le cian-rannpháirtíocht trasteorann in éisteachtaí coiriúla, agus go bhfuil difríocht shuntasach idir ábhar na rialacha sin. I gcásanna áirithe, ní dhéantar foráil sna creataí náisiúnta fiú maidir le rannpháirtíocht údarás ó na Ballstáit ina bhfuil an duine lonnaithe. Tá fadhbanna ag baint leis an ilroinnt sin ó thaobh cearta níos imeachta na ndaoine lena mbaineann a chosaint agus cuireann sí bac ar chomhar breithiúnach éifeachtach. Ní mór nósanna imeachta, caighdeán agus coimircí iomchuí coiteanna a bheith i bhfeidhm ionas go mbeidh imeachtaí cothrom agus gur féidir teicneolaíocht físchomhdhála a úsáid go héifeachtach in imeachtaí coiriúla trasteorann. Fágann sé sin go bhfuil an comhar breithiúnach níos éifeachtaí agus neartaíonn sé muinín fhrithpháirteach i Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, is é is aidhm do na rialacha atá beartaithe maidir le cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla go príomha a áirithiú go bhfeidhmeofar ar bhealach níos éifeachtaí an ceart chun bheith i láthair ag triail agus chun páirt éifeachtach a ghlacadh in éisteachtaí cúirte, mar a ráthaítear faoi dhlí an Aontais le hAirteagail 47 agus 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le Treoir (AE) 2016/343¹³. Sa chleachtas, daoine a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla a d'fheidhmigh a gceart chun saorghluaiseachta agus a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile nó atá ag fanacht go sealadach ann, d'fhéadfadh sé gurbh

¹³ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thiomhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lgh. 1-11.

fhearr leo, in imthosca sonracha an cháis, páirt a ghlacadh go cianda seachas taisteal chun freastal go pearsanta. De rogha air sin, d'fhéadfadh bacainní dlisteanacha a bheith rompu maidir le freastal go fisiciúil ar éisteachtaí sa Bhallstát atá i mbun na n-imeachtaí, amhail teorainneacha a bhaineann leis an tsláinte, freagrachtaí cúraim, srianta a bhaineann le cailleadh saoirse i mBallstát eile, nó cúiseanna eile a bhfuil údar cuí leo. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh sé go gcuirfi iallach *de facto* ar an duine dá ndéantar difear, mar gheall ar a imthosca, a cheart a bheith i láthair ag a thriail a tharscaoileadh go díreach toisc nach féidir leis taisteal chun freastal ar éisteachtaí go pearsanta, cé gur mhaith leis a bheith rannpháirteach. Trína dhéanamh níos éasca páirt a ghlacadh go cianda, féachann an tionscnamh, dá bhrí sin, le líon na dtrialacha trasteorann *in absentia* a laghdú agus lena áirithiú nach laghdóidh feidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta laistigh den Aontas, sa chleachtas, teachtadh éifeachtach na gceart nós imeachta in imeachtaí coiriúla. Go háirithe, meastar freisin go laghdóidh an tionscnamh na rioscaí a bhaineann le híospart thánaisteach d'íospartaigh na coireachta tríd an ngá atá le taisteal arís agus arís eile, nochtadh neamhriachtanach do thimpeallachtaí strusmhara, nó coimhlínt dhíreach leis an duine atá faoi dhrochamhras nó leis an duine atá cúisithe i gcásanna trasteorann a theorannú, i gcás inarb iomchuí.

Ar an dara dul síos, i gcás nach bhfuil gá le bearta comhéigneacha ná le tabhairt suas ná nach bhfuil siad comhréireach, féadfaidh cian-rannpháirtíocht, i gcás inarb iomchuí, a bheith ina rogha mhalartach ar thabhairt suas fisiciúil an duine de bhun Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle¹⁴.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra athmhúnlaith seo, neartaítear creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh maidir le hionstraimí comhair bhreithiúnaigh trasteorann in ábhair choiriúla, trí bhearnaí a shainaithnítear sa Treoir a líonadh agus trí chomhsheasmhacht le hionstraimí eile a choinneáil ar bun.

Tá na leasuithe spriocdhírithe atá beartaithe ar OIE comhsheasmhach agus comhlántach le hionstraimí an Aontais atá ann cheana i réimse an chomhair ceartais choiriúil, lena n-áirítear:

- an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh¹⁵, trí nós imeachta a leagan amach maidir le toiliú a iarraidh chun faisnéis a úsáid mar fhianaise, ar faisnéis í a malartaíodh go spontáineach roimhe sin idir údarais bhreithiúnacha faoin gCoinbhinsiún sin;
- an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, tríd an ngaol idir Airteagal 40 de maidir le faireachas trasteorann agus creat OIE a shoiléiriú;

¹⁴ Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, IO L 190, 18.7.2002, lch. 1.

¹⁵ Coinbhinsiún a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, IO C 197, 12.7.2000, lch. 3.

- an Treoir maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí¹⁶, trí nós imeachta a leagan amach chun toiliú a iarraidh chun faisnéis a malartaíodh roimhe sin idir údaráis forfheidhmithe dlí faoin Treoir sin a úsáid mar fhianaise.

Tá an tionscnamh comhsheasmhach freisin agus cruthaíonn sé naisc dhíreacha le Eurojust¹⁷ agus le Rialachán Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE')¹⁸, chomh maith leis an gCinneadh ón gComhairle maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach¹⁹.

Maidir leis na rialacha nua maidir le cúnamh a iarraidh chun go mbeidh sé níos éasca páirt a ghlacadh go cianda in éisteachtaí cúirte coiriúla ó Bhallstát eile trí bhíthin Ordú Eorpach um chian-rannpháirtíocht (OCRP-AE), líontar leis an togra bearna atá ann faoi láthair in *acquis* an Aontais, lena rialaítear cian-rannpháirtíocht i gcomhthéacsanna sonracha amháin agus chun críoch teoranta.

Le Rialachán (AE) 2023/2844²⁰, cruthaítear creat dlíthiúil chun físchomhdháil agus teicneolaíochtaí cianchumarsáide eile a úsáid in imeachtaí trasteorann. In ábhair choiriúla, foráiltear le hAirteagal 6 den Rialachán sin bunús dlí chun físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile a úsáid chun éisteacht le daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe, daoine ciontaithe agus daoine eile dá ndéantar difear faoi líon teoranta nósanna imeachta um chomhar breithiúnach a shainathnóitear go sonracha san fhoráil sin²¹. Leis an gcreat nua, bunaítear socruithe tiomnaithe le haghaidh cian-rannpháirtíocht daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh na coireachta chun páirt a ghlacadh go cianda ó Bhallstát eile in éisteachtaí cúirte na bpríomhimeachtaí ina bhfuil siad rannpháirteach. Agus an méid sin á dhéanamh ag an gcreat nua, líonann sé bearna rialála i gcreat reatha an Aontais maidir le digitiú an cheartais choiriúil, atá teoranta d'éisteachtaí a dhigitiú i nósanna imeachta um chomhar breithiúnach.

Rialaítear le hAirteagal 24 den Treoir éisteachtaí trí fhíschomhdháil nó trí tharchur closamhairc eile chun críoch fianaiseach. Faoin bhforáil sin, féadfar OIE a eisiúint chun

¹⁶ Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle, IO L 134, 22.5.2023, lch. 1.

¹⁷ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin, IO L 295, 21.11.2018, lch. 138.

¹⁸ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

¹⁹ Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach, IO L 348, 24.12.2008, lch. 130.

²⁰ Rialachán (AE) 2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh, IO L, 2023/2844, 27.12.2023, ELI:

²¹ Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an liosta uileghabhálach de ghníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán maidir le Digitiú: (a) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach, go háirithe Airteagal 18(1)(a) de; (b) Cinneadh Réime 2008/909/CGB maidir le príosúnaigh a aistriú, go háirithe Airteagal 6(3) de; (c) Cinneadh Réime 2008/947/CGB maidir le haitheantas frithpháirteach breithiúnas agus cinntí promhaidh, go háirithe Airteagal 17(4) de; (d) Cinneadh Réime 2009/829/CGB maidir le haitheantas frithpháirteach cinntí i ndáil le bearta maoirseachta mar rogha mhalartach ar choinneáil shealadach, go háirithe Airteagal 19(4) de; (e) Treoir 2011/99/AE maidir leis an ordú cosanta Eorpach, go háirithe Airteagal 6(4) de; (f) Rialachán (AE) 2018/1805 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe caltha agus d'orduithe coigistíochta, go háirithe Airteagal 33(1) de.

éisteacht le finné, le saineolaí, le duine atá faoi dhrochamhras nó le duine atá cúisithe atá lonnaithe i mBallstát eile, trí fhíschomhdháil, d'fhonn fianaise a bhailiú. Mar a shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais, tá feidhm ag Airteagal 24 maidir le héisteachtaí chun fianaise a bhailiú, agus nach dtéann a bhforghníomhú thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin²².

Os a choinne sin, is é is aidhm don togra seo rannpháirtíocht iomlán ó Bhallstát eile a éascú i ngach cineál éisteachta cúirte coiriúla ag céim na réamhthrialach agus na trialach araon, de réir mar is iomchuí ag brath ar cé acu an duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach na coireachta é an duine lena mbaineann. Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht iomlán feidhmiú iomlán na gceart nós imeachta a bhfuil an duine lena mbaineann ina dteideal amhail is go mbeadh an duine i láthair go fisiciúil ag an éisteacht.

Maidir le híospartaigh na coireachta, déantar foráil in Airteagal 17 de Threoir 2012/29/AE²³ maidir leis an bhféidearthacht éisteacht le híospartaigh atá lonnaithe i mBallstát eile trí bhíthin teicneolaíocht físchomhdhála agus ceanglaítear ar na Ballstáit rannpháirtíocht íospartach a éascú, a mhéid is féidir faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta, trí fhíschomhdháil, agus a ról sna himeachtaí á chur san áireamh. Dá bhrí sin, comhlánaíonn an togra seo an creat sin trí rialacha agus coimircí sonracha a leagan amach maidir le cian-rannpháirtíocht íospartach in éisteachtaí cúirte coiriúla, lena n-áirítear rialacha maidir le coimircí nós imeachta, socruithe teicniúla agus rannpháirtíocht éifeachtach.

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach freisin le *acquis* an Aontais maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla. Cumhdaítear in Airteagal 8 de Threoir (AE) 2016/343 ceart daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe a bheith i láthair ag an triail. Gan dochar don cheart sin ná do na caighdeáin a leagtar síos faoin Treoir sin chun trialacha a reáchtáil *in absentia*, is é is aidhm don togra seo feidhmiú an chirt chun bheith i láthair ag triail a neartú. Déantar é sin trí chead a thabhairt do dhaoine lena mbaineann páirt a ghlacadh go cianda trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile in éisteachtaí ina gcomhlíontar coinníollacha dochta agus ina ráthaítear roinnt coimircí. An tráth céanna, is é is aidhm don togra a áirithiú gur féidir cearta agus coimircí nós imeachta a ceapadh lena bhfeidhmiú go pearsanta a fheidhmiú go héifeachtach go cianda freisin, i gcás inar gá.

Rannchuidíonn na forálacha nua maidir le OCRP-AEnna le feabhas a chur ar an rochtain ar an gceartas in imeachtaí coiriúla trasteorann. Cuireann siad ar a gcumas do dhaoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh na coireachta a bhfuil cónaí orthu, atá faoi choinneáil nó atá ag fanacht go sealadach i mBallstát eile ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, páirt éifeachtach a ghlacadh in imeachtaí coiriúla gan ceangal a bheith orthu taisteal chuig an Stát eisiúna. Ar an gcaoi sin, féadfaidh an togra, in imthosca iomchuí, a bheith ina rogha mhalartach ar thabhairt suas fisiciúil faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle, aon uair a mheastar nach bhfuil gá le beart comhéigineach sa chás sonrach agus go bhfuil an cuspóir atá á shaothrú teoranta do rannpháirtíocht an duine in éisteacht nó ina dtrial a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

²² Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 18 Nollaig 2025, C-325/24, *Bissili*, EU:C:2025:989, mír 59.

²³ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-íonadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, IO L 315, 14.11.2012, lch. 57.

Leis an pacáiste seo de thionscnaimh ceartais choiriúil, saothraítear cuspóir comhleanúnach comhlántach: neartú acmhainneacht an Aontais chun coireacht thromchúiseach trasteorann a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh i dtimpeallacht slándála atá ag éirí níos casta. Trí nuachóiriú a dhéanamh ar na creataí dlíthiúla lena rialaítear comhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha agus údaráis ábhartha eile, féachtar leis an bpacáiste le héifeachtacht, comhleanúnachas agus idir-inoibritheacht ollstruchtúr slándála inmheánaí an Aontais a threisiú.

Is iad na hathbhreithnithe atá beartaithe ar Rialacháin Europol agus Eurojust croílár na hiarrachta sin. Comhlíonann Europol agus Eurojust feidhmeanna atá éagsúil ach comhlántach laistigh den Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais: cé go dtacaíonn Europol le gníomhaíochtaí coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, éascaíonn Eurojust comhar breithiúnach agus áiríthíonn sé obair leantach ionchúisimh agus bhreithiúnach éifeachtach. Dá bhrí sin, is é is aidhm don phacáiste comhar agus comhlántacht a neartú idir an dá ghníomhaireacht, agus le gníomhaithe ábhartha eile de chuid an Aontais i réimsí an Cheartais agus Gnóthaí Baile agus an Ollstruchtúir Frithchalaoise, d'fhonn leanúnachas rianúil a áirithiú idir gníomhaíocht forfheidhmithe dlí agus obair leantach bhreithiúnach ag gach céim de shlabhra an cheartais choiriúil.

Sa chomhthéacs sin, leis na leasuithe ar chreat an Ordaithe Imscrúdaithe Eorpaigh agus ar na rialacha cosanta sonraí is infheidhme i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile, rannchuidítear a thuilleadh leis an gcuspoir sin trí chomhar éifeachtach trasteorann a éascú, trí fheabhas a chur ar na dálaí le haghaidh malartú faisnéise agus trí chreat dlíthiúil comhleanúnach a áirithiú atá curtha in oiriúint do réaltachtaí oibríochtúla agus d'fhorbairtí teicneolaíochta. I dteannta a chéile, leis na bearta a mholtar sa phacáiste seo, cuirfear feabhas ar chumas an Aontais freagairt do bhagairtí slándála atá ag teacht chun cinn agus cearta bunúsacha, an smacht reachta agus roinnt na bhfreagrachtaí idir na gníomhaithe éagsúla lena mbaineann á n-urramú go hiomlán an tráth céanna.

Tá an togra seo comhsheasmhach le beartais ghaolmhara an Aontais, go háirithe ar na cúiseanna seo a leanas:

- Rannchuidíonn sé le cuspóirí Straitéis ProtectEU²⁴, lena gcuirtear i dtábhacht an gá atá leis an gcomhar breithiúnach a neartú agus uirlisí níos éifeachtaí a chur ar fáil chun an choireacht thromchúiseach eagraithe agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac i dtimpeallacht atá ag éirí níos trasnáisiúnta agus níos digití.
- Tá sé ailínithe le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún ‘DigitalJustice@2030’²⁵, lena gcuirtear digitiú na gcóras ceartais chun cinn, lena n-áirítear uirlisí digiteacha slána a fhorbairt agus teicneolaíochtaí fisichomhdhála idir-inoibritheacha a úsáid chun éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus athléimneacht imeachtaí breithiúnacha a fheabhsú ar fud an Aontais. Go háirithe, sainaitníodh sa Teachtaireacht cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla ó Bhallstát eile trí fhíschomhdháil mar réimse gníomhaíochta don Choimisiún amach anseo (Beart 9).

²⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le [ProtectEU:Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach](#), COM(2025) 148 final.

²⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún [DigitalJustice@2030](#), COM(2025) 802 final.

- Tá sé mar chuid den treochlár maidir le rochtain dhleathach agus éifeachtach ar shonraí d'fhorfheidhmiú an dlí²⁶, inar gealladh measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le OIE a neartú a thuilleadh chun éifeachtúlacht na n-iarrataí trasteorann ar idircheapadh dleathach a mhéadú.
- Is cuid de Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh²⁷ é, ina léirítear gur gá OIE a neartú mar chuid den tosaíocht straitéiseach maidir le feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach chun feabhas a chur ar an tslándáil agus chun an tsochaí a chosaint.
- Tá sé go hiomlán comhsheasmhach le *acquis* an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679²⁸, Treoir (AE) 2016/680²⁹ agus Rialachán (AE) 2018/1725³⁰, toisc go bhforáiltear leis nach mór an phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar faoin Treoir atá beartaithe a bheith i gcomhréir leis an gcreat cosanta sonraí is infheidhme de chuid an Aontais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an tionscnamh bunaithe ar Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Foráiltear le hAirteagal 82(1) CFAE go mbeidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla laistigh den Aontas bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha. Tugtar de chumhacht don Choimisiún bearta a mholadh chun (i) rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos lena n-áiríteofar aitheantas frithpháirteach ar fud an Aontais do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha de gach cineál;

Glacadh an Treoir ar bhonn Airteagal 82(1) CFAE, mar a glacadh le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh eile atá ann cheana. Dá bhrí sin, trí Airteagal 82(1) CFAE a choinneáil mar bhunús dlí, áirithítear comhsheasmhacht leis an rogha bhunaidh agus léirítear cuspóir agus ábhar na leasuithe a tugadh isteach tríd an tionscnamh athmhúnlaithé.

²⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Treochlár le haghaidh rochtain dhleathach éifeachtach ar shonraí le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí', COM/2025/349 final.

²⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh, 4.12.2025, COM(2025) 743 final.

²⁸ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88

²⁹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údarais inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

³⁰ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an Treoir bunaithe cheana féin ar leibhéal an Aontais mar ionstraim le haghaidh comhar breithiúnach trasteorann in ábhair choiriúla chun fianaise a bhailiú. De bharr a chineáil, tugann an Treoir aghaidh ar shaincheisteanna trasteorann nach féidir leis na Ballstáit aonair déileáil go héifeachtach leo agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Tá an tAontas tar éis a chumhachtaí a fheidhmiú cheana féin tríd an Treoir a ghlacadh, agus ba cheart, dá bhrí sin, tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh ar leibhéal an Aontais freisin.

A mhéid a bhaineann leis na leasuithe sonracha lena dtugtar isteach rialacha chun cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla a éascú i gcás ina bhfuil an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe, nó íospartach na coireachta i mBallstát eile, ciallaíonn cineál trasteorann na saincheiste sin nach féidir le haon Bhallstát aonair na rialacha sin a bhunú as a stuaim féin.

Deimhnítear leis na freagraí ar na comhairliúcháin spriocdhírthe phoiblí gur dócha go dtiocfaidh torthaí níos fearr as gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo ná mar a thiocfaidh as gníomhaíocht na mBallstát. D'aithin an Chomhairle go bhfuil gá le gníomhaíocht lasmuigh den leibhéal náisiúnta mar gheall ar na dúshláin a bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh seo aghaidh a thabhairt orthu. Dá bhrí sin, freagraíonn an togra seo do shaincheisteanna a d'ardaigh na Ballstáit mar a mhínítear thuas.

I bhfianaise ghné thrasteorann na saincheisteanna a leagtar amach thuas, agus ós rud é gur fheidhmigh an tAontas a chumhachtaí sna hábhair sin cheana féin, ní mór an togra a ghlacadh ar leibhéal an Aontais chun na cuspóirí a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Cuireann sé leis na hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh agus leis an mbonneagar digiteach atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, rud a chuireann teorainn le hualaí breise riaracháin agus airgeadais.

Tá na leasuithe spriocdhírthe atá beartaithe ar OIE teoranta do na hábhair inní a shainaithin an Chomhairle sa 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha agus i dtuarascálacha eile a luaitear i roinn an chomhthéacs den Mheabhrán Míniúcháin seo. Ar fud an togra seo, is iad na roghanna a leagtar amach na roghanna is lú a chuireann isteach ar chórais cheartais choiriúil náisiúnta na mBallstát, agus creat ginearálta na Treorach á fhorbairt an tráth céanna.

Freagraíonn na rialacha atá beartaithe maidir le cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla d'iarrataí ó na Ballstáit le linn na meastóireachta frithpháirtí ar an Treoir. Leis an tionscnamh, cruthaítear creat spriocdhírthe atá teoranta do é a dhéanamh níos éasca do na Ballstáit iarrataí ar dhaoine páirt a ghlacadh go cianda in éisteachtaí cúirte coiriúla a eisiúint agus a aithint. Ní dhéantar nósanna imeachta coiriúla náisiúnta a chomhchuibhiú ar bhonn níos leithne ar an leibhéal náisiúnta. Tá úsáid OCRP-AE i gcásanna aonair fós faoi rogha na mBallstát, agus tá sí faoi réir measúnú comhréireachta agus oiriúnachta i ngach cás aonair. Mar riail ghinearálta, tá cian-rannpháirtíocht bunaithe ar thoiliú an duine lena mbaineann agus tá coimircí ag gabháil léi chun a áirithiú go mbeidh na himeachtaí cothrom agus go bhfeidhmeofar cearta nós imeachta go héifeachtach.

Urramaítear leis an togra freisin neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát toisc go bhfuil stiúradh na n-éisteachtaí fós á fhágáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna agus faoi bhearta forghníomhaithe áirithe arna rialú ag dlí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh.

- **An rogha ionstraime**

Tá sé beartaithe leis an togra seo foráil a dhéanamh maidir le leasuithe spriocdhírithé ar an Treoir chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí, na neamhréireachtaí agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn chur chun feidhme agus mheastóireacht na Treorach. I bhfianaise a gcineáil spriocdhírithé, is í an ionstraim dlí chéanna an rogha is iomchuí chun na leasuithe a thabhairt isteach, agus meastar gurb é athmhúnlú an teicníc is oiriúnaí chun an Treoir a ionadú agus a aisghairm.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Is í an tuarascáil deiridh maidir le meastóireachtaí frithpháirteacha an príomhdhoiciméad tagartha chun meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil an Treoir anois ina hionstraim éifeachtach a úsáidtear go forleathan le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ar fud an Aontais Eorpaigh agus go meastar go ginearálta go bhfeidhmíonn an córas go maith. Mar sin féin, sainaithnítear ann roinnt dúshlán dlíthiúil agus oibríochtúil. Go háirithe, iarrtar sa tuarascáil go ndéanfaí leasuithe spriocdhírithé i ndáil leis an méid seo a leanas: (i) fianaise a úsáid chun críocha eile; (ii) idircheapadh teileachumarsáide (iii) úsáid gléasanna taifeadta teicniúla agus faireachas trasteorann; agus (iv) úsáid faisnéise mar fhianaise, ar faisnéis í a malartaíodh roimhe sin idir údaráis forfheidhmithe dlí nó a malartaíodh go spontáineach idir údaráis bhreithiúnacha. Cuireann sé i bhfios go láidir freisin gur leag cleachtóirí béim ar dheacrachtaí praiticiúla a bhaineann le castacht fhoirm chaighdeánach OIE, saincheisteanna aistriúcháin, agus moilleanna ar fhorghníomhú. Moltar sa tuarascáil freisin scrúdú a dhéanamh ar shaincheist na ndaoine atá cúisithe atá rannpháirteach go cianda ina dtriail. Ar an iomlán, moltar sa mheastóireacht soiléiriú reachtach breise agus comhchuibhiú níos fearr chun deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm na Treorach a fheabhsú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra á tharraingt suas, rinne an Coimisiún comhairliúcháin fhairsinge in 2025 agus 2026. Bhí na comhairliúcháin dírithe ar réimse leathan páirtithe leasmhara a rinne ionadaíocht ar shaoránaigh, údaráis phoiblí, ionadaithe ón saol acadúil, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, comhlachais dlíodóirí cosanta Eorpacha agus páirtithe leasmhara ábhartha eile.

Is éard a bhí sna comhairliúcháin: (i) comhairliúcháin spriocdhírithé le húdaráis na mBallstát, Eurojust, EIJ, OIPE, Europol, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), Comhlachas Eorpach an Bharra Choiriúil agus Comhairle Bharraí agus Chumainn Dlí na hEorpa; (ii) aiseolas poiblí ar an nglao ar fhianaise, lena n-áirítear aighneachtaí ó acadóirí;

(iii) cruinniú le saineolaithe d'údaráis na mBallstát³¹ agus (iv) cruinniú le Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin maidir leis an dlí coiriúil³².

Ar an iomlán, bhí comhdhearcadh leathan ann gur cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a sainaithníodh trí leasuithe spriocdhírithe ar an Treoir.

Go háirithe, d'aithin a lán saineolaithe na dúshlán a bhaineann le bearta imscrúdaitheacha áirithe a úsáid chun fianaise a bhailiú i gcomhthéacs trasteorann, go háirithe faireachas trasteorann chun críche fianaise a bhailiú agus gléasanna taifeadta teicniúla (chun sonraí suímh, fuaime nó amhairc a bhailiú). Bhí tacaíocht ghinearálta ann d'fhorálacha sonracha maidir leis na hábhair sin a áireamh sa Treoir. Chreid roinnt saineolaithe go mbeadh sé úsáideach an coincheap 'idircheapadh teileachumarsáide' a shainmhíniú sa Treoir. Chonaic roinnt saineolaithe freisin go bhféadfaí soiléiriú a dhéanamh ar an nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le hidircheapadh gan gá le cúnamh teicniúil ó Bhallstát eile.

Bhí tuairimí éagsúla ag na páirtithe leasmhara maidir le cé acu is gá nó nach gá soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le húsáid fianaise chun críoch eile. Mar sin féin, thacaigh roinnt saineolaithe le nós imeachta simplithe chun coinníollacha sonracha a leagan síos maidir le húsáid na fianaise a fuarthas agus chun a iarraidh go gcuirfí deireadh leis na coinníollacha sin chun solúbthacht agus éifeachtúlacht imscrúduithe trasteorann a choinneáil ar bun. Mheas roinnt páirtithe leasmhara go raibh gá leis an nós imeachta a leagan amach chun úsáid fhianaiseach na faisnéise a malartaíodh roimhe sin idir údaráis forfheidhmithe dlí a iarraidh, agus chuir páirtithe leasmhara eile i dtábhacht gur cheart na difríochtaí i gcreataí dlíthiúla náisiúnta a chur san áireamh i rialacha nua. Ar an gcaoi chéanna, léiríodh sna comhairliúcháin go bhfuil éagsúlacht sa reachtaíocht agus sa chleachtas náisiúnta maidir le cathain is féidir faisnéis a bhí 'malartaithe go spontáineach' ag údaráis bhreithiúnacha a úsáid mar fhianaise, rud a thugann le fios go bhfuil gá le rialacha tiomnaithe. Léiríodh sna comhairliúcháin freisin go bhfuil gá le soiléirithe teoranta breise sa Treoir, amhail maidir le raon feidhme OIE agus maidir leis an sainmhíniú ar 'údarás eisiúna'. Cuireadh in iúl freisin go bhfuil gá le hoiliúint bhreithiúnach agus le lámhleabhair nó treoir bhreise a fhorbairt, go háirithe chun an gaol idir OIE agus ionstraimí eile a shoiléiriú, agus maidir le húsáid OIE chun teicnící imscrúdaitheacha speisialta a aithint agus a fhorghníomhú ar bhonn trasteorann. Ina theannta sin, measadh go raibh úsáid uirlisí comhlántacha, amhail an tAtlas Breithiúnach Eorpach agus Fiches Belges, úsáideach chun cur i bhfeidhm rianúil OIE a áirithiú, go háirithe i gcásanna ina gcruthaíonn difríochtaí i gcleachtais agus i reachtaíocht na mBallstát maidir le bearta imscrúdaitheacha speisialta dúshlán don chomhar. Mheas saineolaithe gur ghá na huirlisí sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun athruithe ar reachtaíocht na mBallstát, ar údaráis inniúla agus ar cheanglais phraiticiúla a léiriú, agus ar an gcaoi sin a n-iontaofacht agus a n-úsáideacht leanúnach a áirithiú do chleachtóirí.

Tríd is tríd, thacaigh páirtithe leasmhara leis an gcuspóir cian-rannpháirtíocht trasteorann in imeachtaí coiriúla a éascú trí chreat dlíthiúil tiomnaithe de chuid an Aontais. Mar sin féin, leag siad béim ar an ngá atá le cothroime na n-imeachtaí agus feidhmiú éifeachtach chearta nós imeachta na ndaoine lena mbaineann a chaomhnú. Bhí formhór na mBallstát agus na saineolaithe den tuairim gur cheart cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí a rialú le dlí nós imeachta an Bhallstáit eisiúna maidir le gach bealach, cé is moite de sheiceálacha céannachta agus na coinníollacha teicniúla maidir le fisichomhdháil, ar cheart iad a rialú le dlí nós imeachta an Bhallstáit fhorghníomhaigh.

³¹ Tionóladh na trí chruinniú saineolaithe thiomnaithe an 31 Márta 2025, an 2 Iúil 2025 agus an 5 Bealtaine 2026.

³² Tionóladh an éisteacht an 14 Bealtaine 2025.

D'aontaigh roinnt saineolaithe gur cheart feidhm a bheith ag na coimircí agus na leigheasanna céanna is infheidhme maidir le rannpháirtíocht i bpearsa in éisteachtaí cúirte i gcomhthéacs cianda. Mar sin féin, leag formhór na bpáirtithe leasmhara béim ar an ngá atá le coimircí sonracha, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) toiliú an duine lena mbaineann OCRP-AE; (ii) bealach cumarsáide rúnda a bheith ar fáil idir an duine lena mbaineann agus a dhlíodóir; (iii) leigheasanna sonracha i gcás teipeanna teicniúla; agus (iv) daoine leochaileacha agus leanaí a chosaint. Léiríodh na haighneachtaí sin sa togra.

Mar sin féin, chuir páirtithe leasmhara seasaimh éagsúla in iúl maidir leis an méid seo a leanas: (i) féidearthacht (agus méid) eisceachtaí ón gceanglas toilithe; (ii) na cineálacha údarás atá inniúil le haghaidh seiceálacha céannachta agus gníomhartha nós imeachta sa Bhallstát forghníomhaitheach: agus (iii) leigheasanna sonracha a bheith ann sa bhreis orthu sin atá ar fáil cheana féin faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna. Mar shampla, d'iarr formhór na mBallstát eisceachtaí teoranta ar an ngá atá le toiliú an duine lena mbaineann a fháil in imthosca eisceachtúla, ach chuir eagraíochtaí dlíodóirí cosanta i gcoinne maoluithe den sórt sin go ginearálta. Dá bhrí sin, glactar cur chuige cothrom sa togra trí thoiliú an duine lena mbaineann a choinneáil mar choinníoll éigeantach chun OCRP-AE a eisiúint, agus maolú cúng a cheadú an tráth céanna faoi réir coimircí dochta agus formhaoirseacht bhreithiúnach.

Áireofar achoimre níos mionsonraithe ar thoradh chomhairliúcháin an Choimisiúin i ndoiciméad inmheánach oibre a ghabhfaidh leis an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Taobh amuigh de na comhairliúcháin thuasluaite a rinneadh le páirtithe leasmhara, bhailigh agus d'úsáid an Coimisiún saineolas ó fhoinsí eile.

Go háirithe, baineann an togra leas as tuarascáil críochnaitheach na meastóireachtaí frithpháirteacha, as tuarascálacha ó Eurojust agus ón nGréasán Breithiúnach Eorpach, agus as plé teicniúil agus polaitiúil an Fhóraitm Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Cheartais Choiriúil.

Maidir le rialacha faoi chian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa togra freisin: (i) torthaí tionscadail taighde maidir le digitiú na gceart cosanta in imeachtaí coiriúla a mhaoinigh an Coimisiún Eorpach faoin gclár um Cheartas³³; (ii) tuarascáil FRA 'An Ceartas a Dhigitíú: Cur Chuige Bunaithe ar Chearta Bunúsacha'³⁴ agus (iii) réamhthorthaí an phlé ag comhdhálacha oibre ar an ábhar sin³⁵.

- **Measúnú tionchair**

Measadh go raibh údar le maolú ar an gceanglas measúnú tionchair a dhéanamh sa chás seo ar dhá phríomhfhóras: easpa roghanna agus gan aon tionchar diúltach ábhartha eacnamaíoch, sóisialta ná comhshaoil a bheith ann. Rinneadh measúnú siarbhreathnaitheach cuimsitheach cheana féin ar an Treoir mar chuid den 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha, as ar eascair moltaí sonracha chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe nach gcumhdaítear go fóill leis an Treoir agus leasuithe ar fhorálacha atá ann cheana. Baineadh de thátaí as an obair a rinne an Chomhairle le linn an 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha go bhfuil an raon roghanna beartais inmharthana teoranta. Tá an t-athbhreithniú seo bunaithe ar an obair sin. Is de chineál teicniúil agus nós imeachta den chuid is mó iad an Treoir fholuiteach, a glacadh ar

³³ <https://www.law.kuleuven.be/linc/english/research/researchdigirights.html>.

³⁴ https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2025-digitalising-justice-fundamental-rights-approach_en.pdf.

³⁵ Comhdháil oibre maidir le húsáid físchomhdhála chun críoch trialach i gcásanna coiriúla trasteorann san Aontas a tionóladh an 20 Eanáir 2026 agus a d'eagraigh Aireacht Dlí agus Cirt na hÍsiltíre agus Ollscoil Erasmus Rotterdam; Comhdháil Bhliantúil 2026 maidir le Trialacha Cothroma LEAP.

dtús ar bhonn tionscnamh ó na Ballstáit, agus na leasuithe atá beartaithe. Is ar údarais phoiblí a bhfuil baint acu le comhar breithiúnach trasteorann go príomha a bheidh a dtionchar. Tá coinne leis go mbeidh aon tionchar ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha dearfach, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag na leasuithe deimhneacht dhlíthiúil a neartú, éifeachtacht na nósanna imeachta atá ann cheana a fheabhsú agus rochtain ar an gceartas a éascú trí úsáid a bhaint as cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla.

Ós rud é go dtugann an tionscnamh aghaidh ar shaincheisteanna trasteorann ó nádúr, ní ardaíonn sé ábhair inní shonracha maidir leis an gcoimhdeacht. Tá coinne leis go ndéanfar aon chostas ar údarais phoiblí a bhaineann le cur chun feidhme na leasuithe a fhritháireamh le gnóthachain éifeachtúlachta in imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann, chomh maith le laghduithe ar mhoilleanna, aistrithe agus ualaí oibríochtúla gaolmhara. Ós rud é go dtugann an tionscnamh aghaidh ar shaincheisteanna trasteorann ó nádúr, ní ardaíonn sé ábhair inní shonracha maidir leis an gcoimhdeacht. In éagmais measúnú tionchair, beidh doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra chun an comhthéacs beartais, sainiú na faidhbe, an rogha beartais nó na roghanna beartais a rinneadh agus na tionchair a bhfuil coinne leo a chur i láthair, lena n-áirítear torthaí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara agus socruithe faireacháin a bheidh ann amach anseo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le Clár an Choimisiúin um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), le gach tionscnamh atá dírithe ar reachtaíocht AE atá ann cheana a athbhreithniú, ba cheart féachaint leis an ualach riaracháin ar na Ballstáit a shimpliú agus a laghdú.

Is de chineál teicniúil agus nós imeachta den chuid is mó iad an Treoir fholuiteach agus na leasuithe atá beartaithe araon. Is ar údarais phoiblí a bhfuil baint acu le comhar breithiúnach trasteorann go príomha a bheidh a dtionchar. Meastar go mbeidh aon tionchar ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha dearfach, ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag na leasuithe deimhneacht dhlíthiúil a neartú, éifeachtacht na nósanna imeachta atá ann cheana a fheabhsú agus rochtain ar an gceartas a éascú trí úsáid a bhaint as cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla.

Tá coinne leis go ndéanfar aon chostas ar údarais phoiblí a bhaineann le cur chun feidhme na leasuithe a fhritháireamh le gnóthachain éifeachtúlachta in imscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla trasteorann, chomh maith le laghduithe ar mhoilleanna, aistrithe agus ualaí oibríochtúla gaolmhara.

Níl coinne leis go mbeidh aon tionchar ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ná ar an iomaíochas.

- **Ceartha bunúsacha**

Comhlíonann an togra na ceartha bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear sa Chairt, go háirithe an ceart chun triail chóir a fháil agus chun leigheas éifeachtach agus ceartha cosanta, mar a chumhdaítear in Airteagail 47 agus 48 den Chairt agus in Airteagail 6 agus 13(1) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Cuireann sé leis na sé Threoir de chuid an Aontais maidir le ceartha nós imeachta do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, go háirithe Treoracha 2010/64/AE³⁶,

³⁶ Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, IO L 280, 26.10.2010, lch. 1.

2012/13/AE³⁷, 2013/48/AE³⁸, (AE) 2016/343, (AE) 2016/800³⁹ agus (AE) 2016/1919⁴⁰, chomh maith le Treoir 2012/29/AE maidir le cearta íospartaigh na coireachta.

Leis an Treoir, cosnaítear cearta bunúsacha trí choimircí a leabú ar fud an chreata maidir le OIE agus bearta eile chun fianaise a fháil in ábhair choiriúla. Go háirithe, leagtar síos sa Treoir forálacha sonracha atá beartaithe chun a áirithiú go mbeidh ráthaíochtaí a bhaineann le hurraim do chearta bunúsacha an duine lena mbaineann ag gabháil le heisiúint nó bailíochtú OIE. Ceadáítear leis an Treoir freisin don údarás forghníomhaitheach a áirithiú go n-urramófar prionsabal na comhréireachta agus cearta nós imeachta agus bunúsacha an duine lena mbaineann agus OIE á fhorghníomhú. Ina theannta sin, le sásraí sonracha nós imeachta, amhail na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt le haghaidh bearta imscrúdaitheacha trasteorann nach n-éilíonn cúnamh ó Bhallstát eile, áirithítear go gcuirtear an Ballstát ina bhfuil ábhar an bhirt lonnaithe ar an eolas agus go bhféadfaidh sé idirghabháil a dhéanamh i gcás nach n-údarófaí an beart i gcás intíre comhchosúil.

Leis na rialacha atá beartaithe maidir le cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí cúirte coiriúla, leagtar síos coinníollacha soiléire dochta chun OCRP-AE a eisiúint agus a fhorghníomhú, chomh maith le coimircí agus leigheasanna nós imeachta gaolmhara. Áirithítear leis na rialacha sin nach ndéanfar cian-rannpháirtíocht in éisteachtaí ar bhealach a bhaineann an bonn de chothroime na n-imeachtaí ná d'fheidhmiú na gceart nós imeachta. Go háirithe, tá sé beartaithe leis an oibleagáid toiliú a fháil ón duine lena mbaineann OCRP-AE a áirithiú go leanfaidh forghníomhú OCRP-AE de bheith comhoiriúnach le cosaint na gceart bunúsach a chumhdaítear sa Chairt, go háirithe an ceart a bheith i láthair go pearsanta ag an triail. Ní cheadaítear maolú ar an gceanglas sin maidir le toiliú ach amháin i gcásanna eisceachtúla arna sainathint go soiléir ar teorainneacha incheadaithe iad i gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt. Thairis sin, is coimirce bhreise é an ceanglas go ndéanfaidh dlíodóir sainordaithe atá i láthair sa Bhallstát eisiúna ionadaíocht ar an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe chun cearta cosanta a fheidhmiú go héifeachtach.

Tá na rialacha atá beartaithe maidir le cian-rannpháirtíocht in imeachtaí coiriúla comhsheasmhach le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) agus na Cúirte Breithiúnais araon. Cé gur aithin an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine go comhsheasmhach gur gné thábhachtach den cheart chun triail chóir a fháil é láithreachth fhisiciúil an chúisí sa seomra cúirte, chinn sí freisin nach bhfuil rannpháirtíocht in éisteachtaí trí fhíschomhdháil, ann féin, ar neamhréir leis an gceart chun éisteacht chóir phoiblí a fháil, ar choinníoll go bhfuil an duine lena mbaineann in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na himeachtaí a leanúint; (ii) na daoine a bheidh páirteach san éisteacht a fheiceáil agus a chloisteáil; (iii) a bheith le feiceáil agus le cloisteáil gan baic theicniúla; agus (iv) cumarsáid

³⁷ Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla, IO L 142, 1.6.2012, lch. 1.

³⁸ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart dlíodóir a fháil in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann le barántas gabhála Eorpach, agus maidir leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas ar chailleadh saoirse agus chun dul i dteagmháil le tríú páirtithe agus le húdaráis chonsalachacha i gcás cailte saoirse, IO L 294, 6.11.2013, lch. 1.

³⁹ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, IO L 132, 21.5.2016, lch. 1.

⁴⁰ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí a bhaineann leis an mbarántas gabhála Eorpach, IO L 297, 4.11.2016, lch. 1.

éifeachtach agus rúnda a dhéanamh lena ndlíodóir⁴¹. Léiríonn an togra na caighdeáin sin go léir agus, mar a luaitear thuas, bunaítear leis roinnt coimircí breise.

Cuirtear san áireamh sna rialacha atá beartaithe freisin cásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais, go háirithe cás C-760/22⁴². Sa chás sin, shoiléirigh an Chúirt, ós rud é nach rialaítear go sainráite le hAirteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 saincheist na cian-rannpháirtíochta i dtrialacha coiriúla, nach féidir leis an bhforáil sin cosc a chur ar dhuine atá cúisithe, a iarrann amhlaidh go sainráite, a bheith in ann páirt a ghlacadh ina éisteachtaí trialach trí fhíschomhdháil. Dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin, i gcás ina gceadaíonn na Ballstáit don chosantóir an ceart chun freastal go cianda ar a thriail a fheidhmiú, nár cheart do na rialacha sin an bonn a bhaint den aidhm atá á saothrú le Treoir (AE) 2016/343, is é sin an ceart chun triail chóir a fháil in imeachtaí coiriúla, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta a neartú mar a chumhdaítear sa Chairt agus in ECHR.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí buiséadacha ag an tionscnamh, go háirithe mar thoradh ar a chomhphárteanna digitithe. Áirítear leis sin obair dhlíthiúil, bheartais agus chomhordúcháin laistigh den Choimisiún, chomh maith le hobair theicniúil maidir leis an gcóras TF díláraithe agus a chomhphárteanna a fhorbairt, a oiriúnú, a thástáil, a chothabháil agus tacú leis.

Léirítear go mion sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach a ghabhann leis an togra na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Seiceálfaidh an Coimisiún go ndéanfar na forálacha arna leasú leis an Treoir seo a thrasú i gceart agus go héifeachtach i ndlíthe náisiúnta na mBallstát rannpháirteach uile. Le linn chéim an trasuite, eagróidh an Coimisiún ceardlanna trasuite leis na Ballstáit uile.

Déantar foráil sa togra maidir le staitisticí a bhailiú ionas gur féidir leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach agus tuarascáil chomhfhreagrach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ós rud é go bhfuil oibleagáidí dlíthiúla nua sa togra i gcomparáid leis an Treoir atá ann cheana, beidh sé riachtanach doiciméid mhíniúcháin, lena n-áirítear, mar shampla, tábla comhghaoil idir forálacha náisiúnta agus an Treoir, a sheoladh leis an bhfógra maidir le bearta trasuite. Tá sé sin amhlaidh ar mhaithe lena áirithiú go bhfuil na bearta trasuite atá curtha ag na Ballstáit leis an reachtaíocht atá ann cheana so-aitheanta go soiléir.

⁴¹ An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2006, *Marcello Viola v an Iodáil*, ECLI:CE:ECHR:2006:1005JUD004510604, míreanna. 65-67, agus an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 27 Samhain 2007, *Asciutto v an Iodáil*, ECLI:CE:ECHR:2007:1127JUD003579502, míreanna. 62-73; An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, breithiúnas an 16 Feabhra 2016, *Yevdokimov e.a. v an Rúis*, ECLI:CE:ECHR:2016:0216JUD002723605, mír. 43; An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, *Sakhnovskiy v an Rúis*, Iarratas Uimh. 21272/03, ECLI:CE:ECHR:2010:1102JUD002127203, mír. 98.

⁴² Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 4 Iúil 2024, FP agus Páirtithe eile (Procès par visioconférence), C-760/22, EU:C:2024:574;

Thairis sin, na bearta náisiúnta is gá chun an togra seo a thrasú, is dócha go ndéanfaidh na Ballstáit iad a thrasú i níos mó ná téacs dlí amháin. Ar an gcúis sin, is gá do na Ballstáit doiciméad míniúcháin a sholáthar don Choimisiún ina mbeidh téacs na bhforálacha a glacadh i dtrasú na Treorach seo. Leis an doiciméad sin, ba cheart a léiriú an chaoi a n-idirghníomhaíonn na forálacha sin leis na forálacha a glacadh cheana chun an Treoir a thrasú agus le forálacha a chumhdaítear le beartais ábhartha eile an Aontais Eorpaigh.

• **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Moltar na hathruithe a leanas:

Teideal I: Forálacha ginearálta

Airteagal 1: Leagtar amach an t-ábhar.

Airteagal 2: Liosta sainmhínithe tábhachtacha.

Teideal II: leagtar amach an creat don OIE agus bearta eile chun fianaise a fháil in ábhair choiriúla

Airteagal 3: sainmhínítear OIE agus déantar tuairisc ar an oibleagáid é a fhorghníomhú.

Airteagal 4: leagtar amach raon feidhme OIE.

Airteagal 5: liostaítear na cineálacha imeachtaí ar ina leith is féidir OIE a eisiúint.

Airteagal 6: leagtar síos an t-ábhar is gá a bheith in OIE agus a fhoirm.

Airteagal 7: leagtar amach coinníollacha chun OIE a eisiúint agus a tharchur.

Airteagal 8: leagtar amach an nós imeachta chun OIE a tharchur idir údaráis eisiúna/fhorghníomhaithe.

Airteagal 9: gnéithe ar leith má tá OIE gaolmhar le OIE roimhe seo.

Airteagal 10: leagtar amach an oibleagáid atá ar an údarás forghníomhaitheach OIE a aithint agus a fhorghníomhú.

Airteagal 11: rialaítear leis úsáid cineál eile birt imscrúdaithe agus liostaítear leis na bearta nach mór a bheith ar fáil i gcónaí faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh.

Airteagal 12: liostaítear foras le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamh-fhorghníomhú.

Airteagal 13: leagtar amach teorainneacha ama d'aitheantas nó d'fhorghníomhú.

Airteagal 14: leagtar amach rialacha maidir le haistriú fianaise a fuarthas.

Airteagal 15: liostaítear foras le haghaidh aitheantas nó neamh-fhorghníomhú a chur siar.

Airteagal 16: leagtar síos oibleagáidí an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas

Airteagal 17: leagtar amach na leigheasanna dlí nach mór a bheith ar fáil.

Airteagal 18: leagtar amach rialacha maidir le dliteanas coiriúil na n-oifigeach.

Airteagal 19: leagtar amach rialacha maidir le dliteanas sibhialta na n-oifigeach.

Airteagal 20: leagtar amach an dualgas rúndachta.

Airteagal 21: leagtar amach coinníollacha maidir le faisnéis nó fianaise a úsáid agus a aistriú ar aghaidh ina dhiaidh sin.

Airteagal 22: déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht daoine atá á gcoinneáil faoi choimeád a aistriú go sealadach chuig an Stát eisiúna chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích.

Airteagal 23: déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht daoine atá á gcoinneáil faoi choimeád a aistriú go sealadach chuig an Stát forghníomhaitheach chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích.

Airteagal 24: déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile.

Airteagal 25: déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht éisteacht le saineolaithe nó le finnéithe trí chomhdháil ghutháin.

Airteagal 26: déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht faisnéis a iarraidh faoi chuntais bhainc agus faoi chuntais airgeadais eile.

Airteagal 27: déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht faisnéis a iarraidh faoi oibríochtaí baincéireachta agus oibríochtaí airgeadais eile.

Airteagal 28: rialaítear bearta imscrúdaitheacha a thabharfaidh le tuiscint bailiú fianaise i bhfíor-am, ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama.

Airteagal 29: leagtar amach rialacha sonracha maidir le himscrúduithe ceilte.

Airteagal 30: leagtar amach rialacha sonracha maidir le faireachas trasteorann.

Airteagal 31: leagtar amach rialacha sonracha maidir le hidircheapadh teileachumarsáide a iarraidh le cúnamh teicniúil ó Bhallstát eile.

Airteagal 32: leagtar amach rialacha sonracha maidir le bearta sealadacha chun caillteanas fianaise a chosc.

Airteagal 33: leagtar amach fógra nós imeachta an Bhallstáit ina bhfuil an duine is ábhar don idircheapachán lonnaithe agus nach bhfuil cúnamh teicniúil ón mBallstát sin ag teastáil.

Airteagal 34: leagtar amach nós imeachta um fhógra atá ag an mBallstát faoi úsáid gléis taifeadta theicniúil ar a chríoch nach bhfuil cúnamh teicniúil ag teastáil uaidh.

Airteagal 35: leagtar amach an nós imeachta chun toiliú a iarraidh chun faisnéis a malartaíodh roimhe sin a úsáid mar fhianaise.

Teideal III: bunaítear OCRP-AE, mar ionstraim nua aitheantais fhrithpháirtigh lena n-éascaítear iarrataí ar dhuine atá faoi dhrochamhras, ar dhuine atá cúisithe nó ar íospartaigh na coireachta a bheith rannpháirteach go cianda in éisteachtaí cúirte coiriúla ó Bhallstát eile trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile.

Airteagal 36: sainítear OCRP-AE.

Airteagal 37: leagtar amach na coinníollacha chun OCRP-AE a eisiúint.

Airteagal 38: bunaítear an nós imeachta agus na coimircí chun toiliú a fháil ón duine lena mbaineann.

Airteagal 39: sonraítear ábhar éigeantach fhoirm chaighdeánach OCRP-AE.

Airteagal 40: rialaítear leis tarchur OCRP-AE.

Airteagal 41: bunaítear an oibleagáid OCRP-AE a aithint agus a fhorghníomhú gan foirmiúlachtaí breise.

Airteagal 42: soláthraítear rialacha mionsonraithe maidir leis na socruithe praiticiúla chun iarrataí OCRP-AE a fhorghníomhú.

Airteagal 43: leagtar amach foras éigeantach agus roghnach le neamhaithint/forghníomhú OCRP-AE.

Airteagal 44: leagtar síos teorainneacha ama le haghaidh cinntí maidir le haithint agus forghníomhú OCRP-AE.

Airteagal 45: rialaítear leis cásanna nach féidir OCRP-AE a fhorghníomhú.

Airteagal 46: déantar foráil maidir le hoibleagáidí faisnéise idir na húdaráis inniúla.

Airteagal 47: rialaítear leis bearta sealadacha tar éis ciontú.

Airteagal 48: moltar comhairliúcháin dhíreacha idir na húdaráis eisiúna agus na húdaráis fhorghníomhaitheacha.

Airteagal 49: leagtar amach na cearta nós imeachta is infheidhme.

Airteagal 50: bunaítear an ceart chun leigheasanna éifeachtacha a fháil.

Teideal IV: leagtar amach forálacha coiteanna.

Airteagal 51: leagtar amach rialacha maidir le modhanna cumarsáide.

Airteagal 52: ceadaítear d'údaráis lárnacha a bheith ainmnithe i ngach Ballstát.

Airteagal 53: tugtar aghaidh ar shaincheisteanna comhair le Eurojust agus le EIJN.

Airteagal 54: rialaítear leis saincheisteanna costas.

Airteagal 55: déantar foráil maidir le hoibleagáidí ar na Ballstáit staitisticí a sholáthar.

Airteagal 56: déantar foráil maidir le rialacha i ndáil leis na foirmeacha caighdeánacha a leasú.

Airteagal 57: sonraítear rialacha maidir le feidhmiú an tarmhligin.

Teideal V: leagtar amach forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha

Airteagal 58: leagtar amach oibleagáidí maidir le fógraí a thabhairt d'údaráis inniúla.

Airteagal 59: rialaítear leis an caidreamh le hionstraimí eile de chuid an Aontais agus le hionstraimí idirnáisiúnta eile.

Airteagal 60: leagtar amach forálacha idirthréimhseacha.

Airteagal 61: leagtar amach na spriocdhátaí trasuí.

Airteagal 62: leagtar amach oibleagáid ar an gCoimisiún tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach.

Airteagal 63: leagtar amach an clásal aisghairme.

Airteagal 64: leagtar amach an clásal maidir le teacht i bhfeidhm.

Airteagal 65: sonraítear na seolaithe.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla agus leis an Ordú Eorpach um Chian-Rannpháirtíocht (athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a tharchur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁽⁴³⁾

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

↓ nua

- (1) Rinneadh Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴ a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

↓ 2014/41/AE aithris 1

- (2) Tá cuspóir leagtha amach ag an Aontas Eorpach dó féin limistéar saoirse, slándála agus ceartais a choinneáil ar bun agus a fhorbairt.

↓ nua

- (3) Tá an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, agus an sceimhlitheoireacht, ag éirí níos trasnáisiúnta de réir a chéile agus is bagairt iad don tslándáil laistigh den Aontas. Ceanglaítear le hAirteagal 67(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar an Aontas a dhícheall a dhéanamh ardleibhéal slándála a áirithiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhordú agus comhar idir údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile, chomh maith le breithiúnais a aithint go frithpháirteach in ábhair choiriúla. Dá bhrí sin, tá comhar breithiúnach trasteorann éifeachtach in ábhair

⁴³ [...]

⁴⁴ Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/41/oj>).

chóiriúla fíor-riachtanach chun bailiú agus aistriú fianaise thar theorainneacha a éascú, rud a thacaíonn leis an imscrúdú agus an ionchúiseamh éifeachtach, agus chun a chur ar a gcumas don Aontas agus do na Ballstáit freagairt go héifeachtach do na bagairtí sin.

↓ 2014/41/AE aithris 2

- (4) De bhun Airteagal 82(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), déanfar an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla san Aontas a bhunú ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, dá ngairtear go coitianta, ó tionóladh an Chomhairle Eorpach in Tampere an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 1999, bunchloch don chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla laistigh den Aontas.

↓ 2014/41/AE aithris 3
(oiriúnaithe)

~~I gCinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle⁴⁵ tugadh aghaidh ar an ngá le horduithe a aithint go fhrithpháirteach láithreach chun díothú, claochlú, bogadh, aistriú nó diúscairt fianaise a chos. Ós rud é go bhfuil an ionstraim sin srianta don chéim eile, áfach, is gá ordú eile a bheith ag gabháil le hiarraidh ar leith maidir le haistriú na fianaise chuig an Stát a cisiúnn an t-ordú ('an Stát cisiúna') i geomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cúnaimh fhrithpháirteach in ábhair choiriúla. Is é an toradh atá air sin ná níos imoibreacha dhá chéim atá dochrach dá héifeachtúlacht. Thairis sin, maireann an córas sin taobh leis na hionstraimí traidisiúnta comhoibrithe agus dá bhrí sin, is annamh a úsáideann na húdaráis inniúla é i geallchas.~~

↓ 2014/41/AE aithris 4
(oiriúnaithe)

~~Glacadh Cinneadh Réime 2008/978/CGB ón gComhairle⁴⁶ maidir leis an mBarántas Fianaise Eorpach (BFE) chun prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm chun rudaí, doiciméid agus sonraí a fháil lena n-úsáid in imoibreacha in ábhair choiriúla. Ní infheidhme an BFE, áfach, ach amháin maidir le fianaise atá ann cheana féin agus dá bhrí sin, ní chumhdaíonn sé ach réimse teoranta de chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla maidir le fianaise. Mar gheall ar a raon feidhme teoranta, tá saoirse ag údaráis inniúla úsáid a bhaint as an geóras nua nó úsáid a bhaint as nósanna imoibreacha maidir le cúnaimh dlíthiúil fhrithpháirteach, i geall ar bith, is infheidhme maidir le fianaise atá lasmuigh de raon feidhme BFE.~~

⁴⁵ ~~Cinneadh Réime 2003/577/CGB ón gComhairle an 22 Iúil 2003 maidir le horduithe a fhorghníomhú san Aontas Eorpach chun maoin nó fianaise a reo (IO L 196, 2.8.2003, leh. 45).~~

⁴⁶ ~~Cinneadh Réime 2008/978/CGB ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach chun rudaí, doiciméid agus sonraí a fháil lena n-úsáid in imoibreacha dlí in ábhair choiriúla (IO L 350, 30.12.2008, leh. 72).~~

↓ 2014/41/AE aithris 5
(oiriúnaithe)

~~Ó glacadh Cinneadh Réime 2003/577/CGB agus 2008/978/CGB, is léir anois go bhfuil an creat atá ann cheana maidir le fianaise a bhailiú ró ilroinnte agus róchasta. Dá bhrí sin, is gá cur chuige nua a bheith ann.~~

↓ 2014/41/AE aithris 6
(oiriúnaithe)

~~I gClár Stóicéim, arna ghlacadh ag an gComhairle Eorpach an 10-11 Nollaig 2009, mheas an Chomhairle Eorpach gur cheart bunú córas cuimsitheach a chur ar bun chun fianaise a fháil i gcásanna ina bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, a shaothrú tuilleadh. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur chóras ilroinnte iad na hionstraimí láithreacha agus gur ghá cur chuige nua a bheith ann, bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ach solúbthacht chóras traidisiúnta cúnaimh fhrithpháirtigh dhlíthiúil á chur i geuntas freisin. Dá bhrí sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach córas cuimsitheach chun ionstraimí nua a chur in ionad na n-ionstraimí láithreacha uile, lena n-áirítear Cinneadh Réime 2008/978/CGB, a chuimsíodh gach cineál fianaise, a raibh spriocdhátaí orthu lena bhforfheidhmiú agus a chuirfeadh teorainn leis na forais do dhlíthiú chomh fada agus ab fhéidir.~~

↓ nua

- (5) Le Treoir 2014/41/AE bunaíodh an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach ('OIE') mar ionstraim chun fianaise a bhailiú ar bhonn trasteorann in ábhair choiriúla. Ba fhreagairt í an Treoir sin ar an ngá praiticiúil léir-shainaitheanta atá le creat cuimsitheach, atá bunaithe ar aitheantas frithpháirteach, chun fianaise a fháil i gcásanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo. Tháinig sé in ionad an chórais bailithe fianaise ilroinnte a bhí ann roimhe sin agus solúbthacht chóras traidisiúnta an cúnaimh dhlíthiúil fhrithpháirtigh á chur san áireamh an tráth céanna.
- (6) Tá Treoir 2014/41/AE á cur i bhfeidhm ó bhí an 22 Bealtaine 2017 ann agus tá sé cruthaithe go bhfuil sí éifeachtach sa chleachtas. Mar sin féin, leis an taithí a fuarthas trína cur i bhfeidhm, lena n-áirítear torthaí an 10ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha⁴⁷, tá réimsí léirithe inar cheart an creat dlíthiúil a neartú agus a fhorlónadh chun soiléireacht dhlíthiúil agus éifeachtacht an bhailithe fianaise trasteorann a fheabhsú. Chuige sin, tá gá le feabhsuithe reachtacha spriocdhírithe ar an OIE, chomh maith le cian-rannpháirtíocht daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh na coireachta atá lonnaithe i mBallstát eile in éisteachtaí cúirte coiriúla trí fhíschomhdháil a éascú. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha comhchoiteanna maidir le comhar breithiúnach trasteorann ó thaobh bailiú fianaise in ábhair choiriúla faoi Threoir 2014/41/AE a fheabhsú agus a fhorbairt a thuilleadh chun feidhmiú éifeachtúil na hionstraime sin a áirithiú agus chun feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach ó thaobh bailiú fianaise.
- (7) An timpeallacht dhlíthiúil ar fud na mBallstát maidir le cian-rannpháirtíocht daoine atá faoi dhrochamhras, daoine atá cúisithe agus íospartaigh na coireachta in éisteachtaí

⁴⁷ Arna fhormhuiniú ag an gCoiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS) an 21 Samhain 2024.

cúirte trí fhíschomhdháil ó Bhallstát eile, níl sí á rialú ar leibhéal an Aontais faoi láthair. Dá bhrí sin, tá ilroinnt agus cleachtais neamhréireacha roimh na Ballstáit maidir le cian-rannpháirtíocht trasteorann in éisteachtaí cúirte coiriúla. Bíonn bacainní roimh dhaoine aonair maidir le rochtain a fháil ar cheartas ó thaobh fheidhmiú a saoirse gluaiseachta, chomh maith le héiginnteacht dhlíthiúil, in éagmais rialacha ar leibhéal an Aontais.

- (8) Chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, bunaítear leis an togra seo creat dlíthiúil nua i bhfoirm Ordú Eorpach um Chian-Rannpháirtíocht (OCRP-AE) lena gcumasaítear comhar idir na Ballstáit chun rannpháirtíocht éifeachtach duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartaigh choireachta trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile a éascú, i gcás ina bhfuil stádas páirtí sna himeachtaí acu, in éisteacht chúirte choiriúil amháin nó níos mó ó Bhallstát eile. Dá bhrí sin, féadfaidh baint a bheith ag OCRP-AE le héisteacht amháin nó níos mó ag céim na réamhthrialach nó na trialach. Maidir le híospartaigh na coireachta, iarrtar le Treoir 2012/29/AE⁴⁸ ar na Ballstáit iarrataí ar chian-rannpháirtíocht íospartach in imeachtaí coiriúla ó Bhallstát eile a éascú, gan rialacha sonracha a bhunú chun na críche sin, áfach.
- (9) Chun críocha OCRP-AE, ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear le cian-rannpháirtíocht an rannpháirtíocht iomlán i ngach cineál éisteachta cúirte coiriúla ag an gcéim réamhthrialach agus ag an gcéim thrialach araon ó Bhallstát eile, de réir mar is iomchuí, ag brath ar an duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach coireachta é an duine lena mbaineann. Is éard atá i gceist le rannpháirtíocht iomlán feidhmiú iomlán na gceart nós imeachta a bhfuil an duine lena mbaineann ina dteideal amhail is go mbeadh an duine i láthair go fisiciúil ag an éisteacht, lena n-áirítear aon chineál fianaise a thabhairt nó a ghlacadh. Dá bhrí sin, cuirtear in iúl le rannpháirtíocht iomlán ní hamháin freastal ar éisteacht ach freisin, de réir mar is iomchuí, aon chineál glactha fianaise ón duine lena mbaineann trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile. Ba cheart a áirithiú leis an rannpháirtíocht sin go mbeidh an duine lena mbaineann in ann na himeachtaí a leanúint agus éisteacht a fháil faoi choinníollacha lena n-urramaítear cearta na cosanta, de réir mar is infheidhme, agus cothroime na n-imeachtaí.
- (10) Aon uair atá cuspóir na héisteachta teoranta d'fhianaise a bhailiú chun na fíorais ábhartha a shuí maidir le cion coiriúil a bheith ann, na himthosca ina ndearnadh an cion nó céannacht dhéantóir na coire, agus a mhéid nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun na críche sin, ba cheart don údarás inniúil brath ar OIE a eisiúint, bíodh sé chun éisteacht a thabhairt don duine lena mbaineann i gcríoch an Stáit fhorghníomhaigh, le haghaidh éisteachtaí trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile ón Stát forghníomhaitheach nó chun duine atá faoi choimeád a aistriú go sealadach chuig an Stát eisiúna.
- (11) Chun críoch na Treorach seo, ba cheart físchomhdháil nó teicneolaíocht chianchumarsáide eile a thuiscint mar thagairt do theicneolaíocht tarchurtha closamhairc lenar féidir cumarsáid dhá threo agus chomhuaineach a dhéanamh le híomhá agus fuaime, agus ar an gcaoi sin idirghníomhaíocht amhairc, fuaime agus béil

⁴⁸ Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeán maidir le cearta íospartaigh na coireachta, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle ([IO L 315, 14.11.2012, lch. 57](http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj), ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2012/29/oj>).

a chumasú, de réir na brí a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹.

- (12) Chun fisichomhdháil agus teicneolaíocht chianchumarsáide eile a úsáid in imeachtaí coiriúla, tá gá le bonneagar teicniúil iontaofa slán atá in ann rannpháirtíocht éifeachtach an duine lena mbaineann a áirithiú. Leis an teicneolaíocht sin, ba cheart don duine lena mbaineann a bheith in ann a chearta nós imeachta a fheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear an duine sin a bheith in ann cumarsáid rúnda a dhéanamh lena dhlíodóir, ar cheart dó a bheith i láthair sa seomra cúirte sa Stát eisiúna. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar mhodhanna teicniúla atá slán, inrochtana agus iontaofa a ndóthain chun críoch cian-rannpháirtíochta in imeachtaí coiriúla.

↓ 2014/41/AE aithris 7
(oiriúnaithe)

- (13) ~~Tá an cur chuige nua sin bunaithe ar ionstraim amháin dá ngairtear an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE).~~ Tá OIE le heisiúint chun beart imscrúdaitheach ar leith amháin nó le roinnt bearta imscrúdaitheacha a dhéanamh ~~sa Stát a fhorghníomhaíonn an OIE (sa Stát forghníomhaitheach)~~ d'fhonn fianaise a bhailiú. Cuimsítear leis seo ~~seo~~ sin ~~seo~~ fianaise atá i seilbh an údaráis fhorghníomhaithigh cheana a fháil.

↓ 2014/41/AE aithris 8
(oiriúnaithe)

- (14) Ba cheart raon feidhme cothrománach a bheith ag an OIE agus, dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le gach beart imscrúdaitheach atá dírithe ar fhianaise a bhailiú. Tá gá le rialacha sonracha, áfach, maidir le foireann chomhpháirteach um imscrúdú a bhunú agus fianaise a bhailiú laistigh d'fhoireann den sórt sin agus is fearr déileáil leo ar leithligh. Gan dochar do chur i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart, mar sin, go mbeadh feidhm ag na hionstraimí atá ann cheana maidir leis an gcineál seo ~~seo~~ sin ~~seo~~ birt imscrúdaitheach.

↓ nua

- (15) I gcásanna áirithe, chun beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú go héifeachtach d'fhonn fianaise a bhailiú, ní mór duine lena mbaineann an beart sa Stát forghníomhaitheach a chur ar an eolas faoi ghníomh imscrúdaitheach chun fianaise a fháil agus ní mór é a bheith ar a chumas freastal ar ghníomh imscrúdaitheach nó páirt a ghlacadh ann. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfaí doiciméid nós imeachta a sheirbheáil chun na críche sin faoin Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil géarghá leis an tseirbheáil sin chun beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú d'fhonn fianaise a fháil.

⁴⁹ Rialachán (AE) 2023/2844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh agus rochtain ar an gceartas in ábhair thrasteorann shibhialta, thráchtála agus choiriúla, agus lena leasaítear gníomhartha áirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh (IO L, 2023/2844, 27.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2844/oj>).

↓ 2014/41/AE aithris 9

~~Níor cheart go mbeadh feidhm ag an Treoir seo maidir le faireachas trasteorann dá dtagraítear sa Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme⁵⁰~~

↓ 2014/41/AE aithris 10

- (16) Ba cheart an OIE a bheith dírithe ar an mbeart imscrúdaitheach atá le déanamh. Is é an t-údarás eisiúna, ar bhonn a eolais ar shonraí an imscrúdaithe lena mbaineann, is fearr atá in ann cinneadh a dhéanamh cén beart imscrúdaitheach atá le húsáid. Ba cheart don údarás forghníomhaitheach, áfach, i gcás inar féidir, cineál eile birt imscrúdaitheach a úsáid murar ann don bheart luaite faoina dhlí náisiúnta nó mura mbeadh sé ar fáil i gcás intíre comhchosúil. Ba cheart tagairt a dhéanamh le ‘infhaighteacht’ do chásanna inar ann don bheart imscrúdaitheach luaite faoi dhlí an Stáit forghníomhaitheach ach nach bhfuil sé ar fáil go dleathach ach i gcásanna áirithe, mar shampla, i gcás ina gcuirtear an beart imscrúdaitheach i gcrích i leith cionta a bhfuil méid áirithe tromchúise ag baint leo, in aghaidh daoine a bhfuil leibhéal áirithe amhrais ann cheana ina leith nó le toiliú an duine lena mbaineann. Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach dul i muinín cineál eile birt imscrúdaitheach i gcás ina mbainfí amach an toradh céanna leis agus a mbainfí amach leis an mbeart imscrúdaitheach a luaitear san OIE, trí mhodhanna a d’fhágfadh go mbeadh níos lú cur isteach ar chearta bunúsacha an duine lena mbaineann.

↓ 2014/41/AE aithris 11
(oiriúnaithe)

- (17) Ba cheart an OIE a roghnú i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil forghníomhú birt imscrúdaitheach comhréireach, leordhóthanach agus infheidhme maidir leis an gcás atá i gceist. Dá bhrí sin, ba cheart don údarás eisiúna a fháil amach an bhfuil an fhianaise atá á lorg riachtanach agus comhréireach chun críocha na n-imeachtaí, an bhfuil an beart imscrúdaitheach a roghnaíodh riachtanach agus comhréireach chun an fhianaise lena mbaineann a bhailiú, agus ar cheart, tríd an OIE a eisiúint, do Bhallstát eile a bheith rannpháirteach i mbailiú na fianaise sin. Ba cheart an measúnú céanna a dhéanamh sa nós imeachta bailíochtaithe, i gcás ina mbíonn bailíochtú OIE riachtanach faoin Treoir seo. ~~Níor cheart forghníomhú OIE a dhiúltú ar fhorais seachas na forais a luaitear sa Treoir seo. Ba cheart go mbeadh an t-údarás forghníomhaithe i dteideal rogha a dhéanamh ar bheart imscrúdaitheach nach bhfuil chomh hionsáite leis an mbeart a luaitear in OIE más féidir torthaí comhchosúla a bhaint amach.~~

↓ 2014/41/AE aithris 12
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (18) Agus OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ á eisiúint aige, ba cheart don údarás eisiúna aird ar leith a thabhairt ar lánurraim do na cearta a áirithiú, ar cearta iad atá cumhdaithe in

⁵⁰ ~~Coinbhinsiún lena gcuirtear chun feidhme Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Poblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a geomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).~~

Airteagal 47 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt). ⇒ Tá an ceart chun triail chóir a fháil ar cheann de na bunphrionsabail i sochaí dhaonlathach. ⇐ Tá toimhde na neamhchiontachta ⇒ , an ceart chun bheith i láthair ag an triail ⇐ agus na cearta eile ⇐ chun cosanta in imeachtaí coiriúla ina mbunchloch de na cearta bunúsacha a aithnítear leis an gCaite laistigh de réimse an cheartaí choiriúil. Má dhéantar aon teorannú ar na cearta sin de bharr ceart imscrúdaitheach arna ordú i gcomhréir leis an Treoir seo, ba cheart an teorannú sin a bheith ag teacht leis na ceanglais a bhunaítear in Airteagal 52 den Chairt maidir leis an ngá, leis an gcomhréireacht agus leis na cuspóirí ar cheart a bheith saothraithe léi, go háirithe cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint.

↓ nua

- (19) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart a áirithiú go dtugtar lánurraim do na cearta a sholáthraítear faoi Threoracha 2010/64/AE⁵¹, 2012/13/AE⁵², 2013/48/AE⁵³, (AE) 2016/343⁵⁴, (AE) 2016/800⁵⁵ agus (AE) 2016/1919⁵⁶ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, treoracha a bhaineann le cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, agus do na cearta íospartach a sholáthraítear faoi Threoir 2012/29/AE, agus ba cheart a áirithiú go gcomhlíontar na cearta sin freisin.
- (20) Le cur chun feidhme Theideal III den Treoir seo, go háirithe, níor cheart difear a dhéanamh don cheart chun bheith i láthair ag an triail mar atá cumhdaithe in Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 ná do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla nó i ndlí nós imeachta coiriúil, agus go háirithe forálacha maidir le húsáid físchomhdhála nó teicneolaíochta tarchurtha closamhairc eile in ábhair choiriúla.
- (21) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart aird chuí a thabhairt ar riachtanais shonracha daoine leochaileacha, rud a chiallaíonn daoine atá i gcásanna leochaileacha. D'fhéadfadh dúshlán bhreise a bheith ag baint le húsáid físchomhdhála nó teicneolaíochta cianchumarsáide eile, go háirithe, do na daoine sin agus d'fhéadfadh sé go n-éileofaí coimircí sonracha nós imeachta a sholáthar agus socruithe a dhéanamh,

⁵¹ Treoir 2010/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2010/64/oj>).

⁵² Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2012/13/oj>).

⁵³ Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí a bhaineann leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar an eolas tráth caillte na saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta le linn don tsaoirse a bheith caillte (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/48/oj>).

⁵⁴ Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/343/oj>).

⁵⁵ Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/800/oj>).

⁵⁶ Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnaimh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí a bhaineann leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1919/oj>).

lena n-áirítear bearta tacaíochta iomchuí a sholáthar. Ba cheart cur chuige leathan solúbtha a ghlacadh agus cásanna leochaileachta á sainaithint, chun a áirithiú gur féidir le gach duine a dteastaíonn aird ar leith uathu a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar dhaoine leochaileacha agus measúnú á dhéanamh ar a iomchuí agus a chomhréirí atá sé OCRP-AE a eisiúint agus aon mhaolú ar cheanglas an toilithe á mheas. I gcás inar leanbh an duine lena mbaineann, ba cheart tús áite a thabhairt dá leas. Chun rannpháirtíocht éifeachtach a áirithiú, ba cheart do na húdaráis inniúla oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun bearta iomchuí atá saincheaptha do riachtanais aonair an duine lena mbaineann a shainaithint agus a chur chun feidhme.

↓ 2014/41/AE aithris 13

~~D'fhonn tarchur an OIE chuig údarás inniúil an Stáit forghníomhaithe a áirithiú, féadfaidh an t-údarás eisiúna úsáid a bhaint as aon mhodh tarchuir atá indéanta nó ábhartha, mar shampla, córas slán teilcachumarsáide an Chréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh, Eurojust nó cainéil eile a úsáideann údaráis bhreithiúnacha nó údaráis forghníomhaithe dlí.~~

↓ 2014/41/AE aithris 15
(oiriúnaithe)

~~Ba cheart an Treoir seo a chur chun feidhme agus forálacha ábhartha Threoir 2010/64/CE⁵⁷, Threoir 2012/13/CE⁵⁸ agus Threoir 2013/48/CE⁵⁹ á geur i gceantas, treoracha a bhaineann le cearta nósanna imeachta in imeachtaí coiriúla.~~

↓ 2014/41/AE aithris 11
(oiriúnaithe)

- (22) Níor cheart forghníomhú OIE a dhiúltú ar fhorais seachas na forais a luaitear sa Treoir seo. Ba cheart an t-údarás forghníomhaitheach a bheith i dteideal beart imscrúdaitheach nach bhfuil chomh cunórach leis an mbeart a luaitear in OIE a roghnú más féidir torthaí comhchosúla a bhaint amach leis.

↓ 2014/41/AE aithris 16

- (23) D'fhéadfadh a bheith i gceist le bearta neamh-chomhéigneacha, mar shampla, bearta nach sáraíonn an ceart chun príobháideachais ná an ceart chun maoine, ag brath ar an dlí náisiúnta.

⁵⁷ ~~Treoir 2010/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun atangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).~~

⁵⁸ ~~Treoir 2012/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun teacht ar fhaonéis in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).~~

⁵⁹ ~~Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalacha nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).~~

↓ 2014/41/AE aithris 17
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (24) Is prionsabal bunúsach dlí san Aontas é an prionsabal *ne bis in idem*, arna aithint leis an gCairt agus arna fhorbairt ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ba cheart an t-údarás forghníomhaitheach a bheith i dteideal forghníomhú OIE a dhiúltú ~~de~~ ☒ i gcás ina ☒ mbeadh a fhorghníomhú contrártha don phrionsabal sin. I bhfianaise chineál tosaigh na n-imeachtaí a fholuionn OIE, níor cheart a fhorghníomhú a bheith faoi réir diúltú i gcás inarb é is aidhm dó a shuí an ann do choimhlint fhéideartha leis an bprionsabal *ne bis in idem*, nó i gcás ina bhfuil deimhnithe soláthartha ag an údarás eisiúna ☒, i gcás an OIE, ☒ nach n-úsáidfí an fhianaise a aistríodh mar thoradh ar fhorghníomhú an OIE chun duine a bhfuil a chás diúscartha ar deireadh i mBallstát eile ar bhonn na bhfioras céanna a ionchúiseamh nó pionós a ghearradh air. ⇒ I gcás OCRP-AE, ós rud é go bhfuil cian-rannpháirtíocht mar chuid de sheoladh imeachtaí coiriúla agus go bhfuil dul chun cinn i dtreo cinneadh ciontachta i gcás ar leith i gceist léi, i gcás ina suitear go bhfuil breithiúnas críochnaitheach tugtha cheana féin ar an duine lena mbaineann i leith na ngníomhartha céanna, nó gur glacadh cinneadh críochnaitheach lena gcuirtear bac ar imeachtaí breise ar na tuillteanais, ba cheart don údarás forghníomhaitheach aitheantas agus forghníomhú an OCRP-AE sin a dhiúltú. ⇐

↓ 2014/41/AE aithris 18
(oiriúnaithe)

- (25) Amhail ionstraimí eile aitheantais fhrithpháirtigh, níl sé d'éifeacht ag an Treoir seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid chun urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus do phrionsabail bhunúsacha dlí mar atá cumhdaithe in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus den Chairt. ~~Chun soiléiriú a dhéanamh air sin, cuirtear foráil shonrach isteach sa téacs.~~

↓ 2014/41/AE aithris 19
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (26) Tá cruthú limistéir saoirse, slándála agus ceartais laistigh den Aontas bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar thoimhde comhlíontachta a bheith ag Ballstáit eile le dlí an Aontais, agus go háirithe, le cearta bunúsacha. Tá an toimhde sin infhrisnéise, áfach. Dá bhrí sin, ~~na té~~ ☒ i gcás ina bhfuil ☒ forais substaintiúla ann lena chreidiúint go sárófaí ceart bunúsach an duine lena mbaineann trí bheart imscrúdaitheach a luaitear san OIE ⇒ nó san OCRP-AE ⇐ a dhéanamh agus go ndéanfadh an Stát forghníomhaitheach neamhaird dá oibleagáidí maidir le cosaint na gcearta bunúsach a aithnítear leis an gCairt, ba cheart forghníomhú an OIE ⇒ nó an OCRP-AE ⇐ a dhiúltú.

↓ 2014/41/AE aithris 20
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (27) Ba cheart go bhféadfaí OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a dhiúltú i gcás ina mbeadh baint ag a aitheantas nó a fhorghníomhú sa Stát forghníomhaitheach le sárú díolúine nó pribhléide sa Stát sin. Níl aon sainmhíniú coitianta ar cad is díolúine ann nó cad is pribhléid ann i ndlí an Aontais; fágтар sainmhíniú beacht na dtéarmaí ~~see~~ ☒ sin ☒ faoin dlí náisiúnta, ina bhféadfar a chuimsiú cosaintí a bhfuil feidhm acu maidir le gairmeacha leighis agus gairmeacha dlí, ach nár cheart iad a léirmhíniú ar bhealach chun cur i gcoinne na hoibleagáide deireadh a chur le forais diúltaithe áirithe a leagtar amach sa Phrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh⁶⁰. Féadfar a chuimsiú leis ~~see~~ ☒ sin ☒ , cé nach meastar mar phribhléid nó mar dhíolúine iad, rialacha a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile.

↓ 2014/41/AE aithris 21
⇒ nua

- (28) Tá gá le teorainneacha ama chun comhar tapa, éifeachtach agus comhsheasmhach a áirithiú idir na Ballstáit in ábhair choiriúla. Ba cheart an cinneadh maidir le haitheantas nó le forghníomhú, chomh maith le forghníomhú iarbhír an bhirt imscrúdaithe, a dhéanamh leis an tapúlacht agus an tosaíocht chéanna le cás intíre comhchosúil. Ba cheart teorainneacha ama a thabhairt chun cinneadh nó forghníomhú a áirithiú laistigh de thréimhse réasúnta ama nó chun constaici nós imeachta sa Stát eisiúna a chomhlíonadh. ⇒ Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhearta imscrúdaitheacha lena mbaineann bailiú fianaise a dhéantar i bhfíor-am, ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama, amhail faireachán ar oibríochtaí baincéireachta nó oibríochtaí airgeadais eile atá á ndéanamh trí chuntas sonraithe amháin nó níos mó agus na seachadtaí rialaithe ar chríoch an Stáit fhorghníomhaigh, idircheapadh teileachumarsáide agus faireachas trasteorann, ar cheart aird a thabhairt orthu láithreach agus, i gcás ina bhfuil géarghá lena n-éifeachtacht a chaomhnú, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach a chinneadh a fhorghníomhú sealadach a cheadú go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le haitheantas nó forghníomhú, faoi réir scor i gcás ina ndiúltaítear aitheantas. ⇐

↓ 2014/41/AE aithris 22

- (29) Ba cheart leigheasanna dlí in aghaidh OIE a bheith ar a laghad comhionann leis na leigheasanna atá ar fáil i gcás intíre in aghaidh an bhirt imscrúdaithe lena mbaineann. I gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit infheidhmeacht na leigheasanna dlí sin a áirithiú, lena n-áirítear aon pháirtí leasmhar a chur ar an eolas in am trátha faoi na féidearthachtaí agus na modúlachtaí chun na leigheasanna dlí sin a lorg. I gcásanna ina dtíolacann páirtí leasmhar sa Stát forghníomhaitheach agóidí in aghaidh an OIE i leith na gcúiseanna substainteacha chun an OIE a eisiúint, tá sé

⁶⁰ Prótacal arna bhunú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 21.11.2001, lch. 2).

inmholta faisnéis faoin agóid sin a tharchur chuig an údarás eisiúna agus an páirtí leasmhar a chur ar an eolas dá réir.

↓ nua

- (30) I gcás ina bhfaightear faisnéis nó fianaise trí OIE a fhorghníomhú nó trí nós imeachta um fhógra a thabhairt nach n-éilíonn cúnamh an Bhallstáit dá dtugtar fógra, agus i gcás ina bhforáiltear le dlí an Stáit fhorghníomhaigh nó an Bhallstáit dá dtugtar fógra do choinníollacha lena dteorannaítear úsáid na faisnéise nó na fianaise sin chun críoch eile seachas na críocha sin ar chucu a bailíodh í nó é ar dtús, ba cheart na coinníollacha sin a chur in iúl go cuí tráth aistriú na fianaise nó laistigh den teorainn ama a shonraítear i ndáil leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt. Ba cheart toiliú roimh ré a bheith ag teastáil le haghaidh aon aistriú ar aghaidh chuig Ballstát eile, chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.
- (31) I gcás ina lorgaíonn údarás inniúil toiliú, i gcás ina gceanglaítear sin faoina dhlí náisiúnta nó faoi na coinníollacha a ghabhann le tarchur bunaidh na faisnéise, chun faisnéis a malartaíodh roimhe sin idir údaráis forfheidhmithe dlí nó trí mhalartú spontáineach faisnéise a úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla, ba cheart toiliú den sórt sin a iarraidh maidir le gach úsáid atá beartaithe don fhaisnéis sin, lena n-áirítear aon úsáid éagsúil a bhaintear aisti.

↓ 2014/41/AE aithris 23
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (32) Na costais arna dtabhú ar chríoch an Stáit fhorghníomhaigh de bharr OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a fhorghníomhú, ba cheart don Stáit sin go heisiach iad a íoc. Comhlíonann an socrú sin prionsabal ginearálta an aitheantais fhrithpháirtigh. D'fhéadfadh sé, áfach, go dtabhódh an Stát forghníomhaitheach costais fíor-ard de bharr OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a fhorghníomhú. Na costais ard uirgínach sin, mar shampla, ☒ i gcás OIE, ☒ d'fhéadfadh tuairimí casta saineolaithe nó oibríochtaí póilíní móra nó gníomhaíochtaí faireachais thar thréimhse fhada ama a bheith ann ⇒ nó, i gcás OCRP-AE, d'fhéadfaidís a bheith mar thoradh ar líon ard éisteachtaí cianda ⇐. Níor cheart don mhéid seo ☒ sin ☒ bac a chur ar fhorghníomhú an OIE ⇒ nó an OCRP-AE ⇐ agus ba cheart ☒ don údarás ☒ eisiúna agus don údarás ☒ údarás ☒ forghníomhaitheach féachaint lena suí cé acu costais a mheasfar mar chostais fíor-ard. Féadfaidh saincheist na gcostas a bheith faoi réir comhairliúchán idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach agus moltar dóibh an tsaincheist ☒ sin ☒ a réiteach le linn na gcomhairliúchán. Mar rogha dheiridh, féadfaidh an t-údarás eisiúna an OIE ⇒ nó an OCRP-AE ⇐ a tharraingt siar nó é a choinneáil ar bun, agus an chuid de na costais a mheasann an Stát forghníomhaitheach mar chostais fíor-ard agus a bheidh iomlán riachtanach le linn na n-imeachtaí, ba cheart an Stát eisiúna iad a chumhdach. ☒ I gcás OIE, ☒ Níor cheart an sásra sin a bheith ina fhoras breise le diúltú, agus in aon chás níor cheart mí-úsáid a bhaint as ar bhealach a chuirfeadh bac nó moill ar fhorghníomhú an OIE.

↓ 2014/41/AE aithris 24
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (33) Bunaítear leis an OIE aon réimeas amháin chun fianaise a fháil. Tá gá le rialacha breise, áfach, i leith cineálacha áirithe beart imscrúdaitheach, rialacha ba cheart a bheith léirithe san OIE, amhail daoine atá ar coimeád a aistriú go sealadach, éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil, fianaise a fháil maidir le cuntais bhainc nó idirbhearta baincéireachta, le seachadtaí rialaithe, ~~no~~ le himscrúduithe folaitheacha, ⇒ le faireachas nó le húsáid gaireas taifeadta teicniúil ⇐ . Ba cheart bearta imscrúdaitheacha lena mbaineann bailiú fianaise a dhéantar i bhfíor-am, ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama ⇒ , chomh maith le faireachas trasteorann, ⇐ a chumhdach leis an OIE, ach, i gcás inar gá, ba cheart socruithe praiticiúla a chomhaontú idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach chun freastal ar na difríochtaí i ndlíthe náisiúnta na Stát sin.

↓ 2014/41/AE aithris 25
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (34) ~~Leis an~~ ☒ Le Teideal II den ☒ Treoir seo, leagtar amach rialacha maidir le beart imscrúdaitheach a dhéanamh, ag gach céim d'imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear céim na trialach, ~~mas~~ ☒ i gcás inar ☒ gá rannpháirtíocht an duine lena mbaineann d'fhonn fianaise a bhailiú. Mar shampla, féadfar OIE a eisiúint i leith aistriú sealadach an duine sin chuig an Stát eisiúna nó chun éisteacht a dhéanamh trí fhíschomhdháil, ⇒ a mhéid atá cuspóir fianaiseach ag an mbeart sin agus nach dtéann a fhorghníomhú thar a bhfuil riachtanach chun fianaise a bhailiú. ⇐ Mar sin féin, i gcás ina n-aistrítear an duine sin chuig Ballstát eile chun críoch ionchúisimh, lena n-áirítear an duine sin a thabhairt os comhair na cúirte chun dul faoi thriail, ba cheart barántas gabhála Eorpach a eisiúint i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle⁶¹.

↓ 2014/41/AE aithris 26
⇒ nua

- (35) D'fhonn barántas gabhála Eorpach a úsáid go comhréireach, ba cheart don údarás eisiúna a mheas ar mhodh éifeachtach agus comhréireach é OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ chun imeachtaí coiriúla a shaothrú. Ba cheart don údarás eisiúna a mheas, go háirithe, an bhféadfadh eisiúint OIE i leith éisteacht duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe trí fhíschomhdháil ⇒ nó eisiúint OCRP-AE lena n-éascófar cian-rannpháirtíocht duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in éisteachtaí cúirte coiriúla ⇐ a bheith ina rogha mhalartach éifeachtach.

⁶¹ Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2002/584/oj).

↓ 2014/41/AE aithris 27
(oiriúnaithe)

- (36) Féadfar OIE a eisiúint chun fianaise a fháil maidir le cuntais, gan beann ar an gcineál, in aon bhanc nó aon institiúid airgeadais neamhbhaincéireachta le duine atá faoi réir imeachtaí coiriúla. Tuigfear go leathan go gcuimseoidh an fhéidearthacht ~~seo~~ ☒ sin ☒ ní hamháin daoine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe ach aon duine eile a mheasann na húdaráis inniúla gur gá an fhaisnéis sin ina leith le linn imeachtaí coiriúla.

↓ 2014/41/AE aithris 28
(oiriúnaithe)

- (37) I gcás ina ndéantar tagairt sa Treoir seo d'institiúidí airgeadais, ba cheart an téarma ~~seo~~ ☒ sin ☒ a thuiscint ~~de réir an tsainmhínthe ábhartha~~ ☒ i gcomhréir leis an sainmhíniú ábhartha ☒ d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/849 ~~Threoir 2005/60/CE~~ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{62,63}.

↓ 2014/41/EU recital 29

- (38) Nuair a eiseofar OIE chun 'sonraí' cuntais shonraithe a fháil, ba cheart a thuiscint go n-áirítear le 'sonraí' ar a laghad ainm agus seoladh shealbhóir an chuntais, sonraí faoi aon chumhacht aturnae atá i bhfeidhm ar an gcuntas, agus aon sonraí nó doiciméad eile a sholáthair sealbhóir an chuntais nuair a osclaíodh an cuntas agus atá fós i seilbh an bhainc.

↓ nua

- (39) Cumhdaítear le OIE faireachas trasteorann mar bheart imscrúdaitheach a dhéantar agus é mar phríomhchuspóir fianaise a bhailiú le haghaidh imeachtaí coiriúla agus lena mbaineann cruthú taifeadtaí fuaime, amhairc nó eile trí mhodhanna teicniúla arna n-oibriú ag oifigigh forfheidhmithe dlí. Leanfaidh an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme (⁴) d'fheidhm a bheith aige maidir le faireachas trasteorann a dhéantar faoi chuimsiú an chomhair oibríochtúil póilíneachta. Ba cheart an ionstraim dlí is infheidhme a chinneadh ar bhonn príomhchuspóir an bhirt. Go háirithe, i gcás ina n-ordaítear nó ina n-údaítear faireachas faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla chun fianaise a fháil, ba cheart é a dhéanamh faoin Treoir seo. I gcásanna amhais maidir le cén ionstraim a bhfuil feidhm aici, ba cheart d'údaráis inniúla an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaigh dul i gcomhairle le chéile gan mhoill.

⁶² Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoirí a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, , lch. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/oj>).

⁶³ ~~Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí (IO L 309, 25.11.2005, lch. 15).~~

- (40) Chun éifeachtacht imscrúduithe coiriúla a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann, faoi choinníollacha a rialaítear go docht, leanúint de bhearta faireachais ar fud críoch Ballstáit eile i gcás inar gá an leanúnachas sin lena áirithiú nach gcuirfear bailiú fianaise i mbaol. Níor cheart feidhmiú cumhachtaí comhéigneacha nó forfheidhmithe ag oifigigh de chuid an Stáit eisiúna laistigh de chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh a bheith i gceist leis an bhfaireachas trasteorann sin. Ba cheart faireachas trasteorann leanúint de bheith faoi réir rialú an Stáit fhorghníomhaithigh, ar cheart dó an chumhacht a choinneáil coinníollacha a fhorchur, aistriú na hoibríochta chuig a údaráis féin a éileamh, nó leanúint ar aghaidh a dhiúltú i gcás nach n-údarófaí an beart i gcás intíre comhchosúil. Maidir leis an maolú lena gceadaítear leanúint den fhaireachas i gcásanna práinne a bhfuil údar cuí leo, níor cheart é a léirmhíniú go docht agus a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach féidir OIE a tharchur roimh ré gan an beart a chur i mbaol. I bhfianaise a phráinní atá sé, is faoi gach Ballstát atá sé an t-údarás atá inniúil chun fógraí práinneacha a bhaineann le faireachas trasteorann a fháil agus a phróiseáil a ainmniú. Féadfaidh údarás breithiúnach, údarás forfheidhmithe dlí nó údarás lárnach a bheith san údarás sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na húdaráis arna n-ainmniú amhlaidh ar fáil agus in ann fógraí den sórt sin a phróiseáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine.

↓ 2014/41/AE aithris 30

⇒ nua

- (41) ⇒ Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de na rialacha lena rialaítear idircheapadh teileachumarsáide faoin Treoir seo a áirithiú, ba cheart léirmhíniú leathan a dhéanamh ar 'teileachumarsáid'. Ba cheart go gcuimseodh sé aon chumarsáid a tharchuirtear trí bhíthin líonraí cumarsáide leictreonaí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁴. Le tagairt do na sainmhínithe atá i dTreoir (AE) 2018/1972, áirithítear go leanfaidh an Treoir seo de bheith ailínithe le forbairtí i dteicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí agus cuirtear cosc ar éagothromaíochtaí sa léirmhíniú idir na Ballstáit a eascraíonn as éabhlóid theicneolaíoch. ⇐ Níor cheart go mbeadh féidearthachtaí chun comhoibriú faoin Treoir seo maidir le hidircheapadh teileachumarsáide teoranta d'inneachar na teileachumarsáide, ach d'fhéadfaí a áireamh leo freisin bailiú sonraí tráchta agus suímh a bhaineann leis an teileachumarsáid sin, chun gur féidir le húdaráis inniúla OIE a eisiúint chun sonraí teileachumarsáide nach bhfuil chomh cunórach céanna a fháil. Ba cheart déileáil le OIE a eisíodh chun sonraí stairiúla tráchta agus suímh a bhaineann le teileachumarsáid faoin réimeas ginearálta a bhaineann le forghníomhú an OIE agus féadfar é a bhreithniú, ag brath ar dhlí náisiúnta an Stáit forghníomhaitheach, mar bheart imscrúdaitheach comhéigneach.

↓ 2014/41/AE aithris 31

- (42) I gcás ina mbeidh roinnt Ballstát in ann an cúnamh teicniúil is gá a chur ar fáil, níor cheart go seolfaí OIE ach chuig Ballstát amháin acu agus ba cheart tús áite a thabhairt don Bhallstát ina bhfuil an duine lena mbaineann lonnaithe. Ba cheart na Ballstáit ina bhfuil an duine is ábhar don idircheapachán lonnaithe agus nach bhfuil cúnamh

⁶⁴ Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj>).

teicniúil uathu ag teastáil chun an t-idircheapachán a dhéanamh, a chur ar an eolas faoi sin i gcomhréir leis an Treoir seo. I gcás nach bhféadfar an cúnamh teicniúil a fháil ó Bhallstát amháin, áfach, féadfar OIE a tharchur chuig níos mó ná Stát forghníomhaitheach amháin.

↓ 2014/41/AE aithris 32

- (43) In OIE ina bhfuil an iarraidh chun teileachumarsáid a idircheapadh, ba cheart go gcuirfeadh an t-údarás eisiúna faisnéis leordhóthanach faoi bhráid an údaráis fhorghníomhaithigh, amhail sonraí maidir leis an iompraíocht choiriúil atá faoi imscrúdú, chun gur féidir leis an údarás forghníomhaitheach measúnú a dhéanamh an údarófaí an beart imscrúdaitheach sin i gcás intíre comhchosúil.

↓ 2014/41/AE aithris 33
(oiriúnaithe)

- (44) Ba cheart go mbeadh aird ag na Ballstáit ar an tábhacht a bhaineann lena áirithiú gur féidir le soláthraí seirbhíse a oibríonn gréasáin teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí agus ☒ a sholáthraíonn ☒ seirbhísí ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann cúnamh teicniúil a sholáthar, chun comhar a éascú faoin ~~ionstraim~~ ☒ Treoir ☒ seo i ndáil le teileachumarsáid a idircheapadh go dleathach.

↓ 2014/41/AE aithris 34

- (45) De bharr a raoin feidhme, déileálann an OIE le bearta sealadacha ach amháin d'fhonn fianaise a bhailiú. Ina leith sin, ba cheart go gcuirfí béim go bhféadfaidh aon ítim, lena n-áirítear sócmhainní airgeadais, a bheith faoi réir bearta sealadacha éagsúla le linn imeachtaí coiriúla, ní hamháin d'fhonn fianaise a bhailiú ach d'fhonn í a choigistiú freisin. Ní bhíonn an t-idirdhealú idir dhá chuspóir na mbearta sealadach soiléir i gcónaí agus féadfaidh cuspóir an bhirt shealadaigh a athrú le linn na n-imeachtaí. Ar an gcúis sin, tá sé rithábhachtach gaolmhaireacht rianúil a choinneáil ar bun idir na hionstraimí éagsúla is infheidhme sa réimse seo. Ina theannta sin, ar an gcúis chéanna, ba cheart go bhfágfaí faoin údarás eisiúna é a mheas an úsáidfear ítim mar fhianaise agus dá bhrí sin, an áireofar mar chuspóir OIE í.

↓ nua

- (46) I gcás ina dtéann gaireas taifeadta teicniúil atá údaraithe go dleathach i mBallstát amháin isteach ar chríoch Ballstáit eile agus i gcás nach bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil, ba cheart go gcuirfeadh sásra fógartha ar a chumas d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin a mheas, laistigh de thréimhse theoranta, an mbeadh úsáid leanúnach an ghairis incheadaithe i gcás intíre inchomparáide agus, i gcás inarb iomchuí, cur in aghaidh leanúint lena úsáid nó coinníollacha a fhorchur maidir le húsáid an ábhair a fuarthas. Maidir le tarchur sonraí arna mbailiú ag na gairis sin trí líonraí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí chun na sonraí sin a stóráil, níor cheart, leis an tarchur sin ann féin, an beart a cháiliú mar idircheapadh teileachumarsáide. Níor cheart feidhm a bheith ag cáiliú den sórt sin ach amháin i gcás ina bhfuil an beart dírithe go sonrach ar chumarsáid a fháil i dtarchur trí líonraí nó seirbhísí den sórt sin. In éagmais agóide laistigh den tréimhse fhorordaithe, ba cheart go gceadófaí oibriú leanúnach an bhirt ar feadh na tréimhse a dtugtar fógra ina leith. Tá feidhm ag an sásra sin faoi chuimsiú na

Treorach seo agus tá sé gan dochar do chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme maidir le faireachas trasteorann a dhéantar chun críocha an chomhair oibríochtúil póilíneachta. Braitheann an rogha ionstraime is infheidhme ar phríomhchuspóir an bhirt agus ní ar na modhanna teicniúla a úsáidtear.

- (47) Maidir le OCRP-AE, ní fhéadfaidh an t-údarás eisiúna OCRP-AE a eisiúint ach amháin i gcás ina bhfuil nó ina mbeidh an duine lena mbaineann, tráth na héisteachta nó na n-éisteachtaí atá beartaithe, faoi choinneáil, ina chónaí nó ag fanacht go sealadach sa Stát forghníomhaitheach ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo a chuireann srian nó bac ar shlí eile ar a láithreachacht fhisiciúil sa Stát eisiúna, agus i gcás ina measann an t-údarás eisiúna go bhfuil sé iomchuí agus comhréireach i bhfianaise imthosca sonracha an cháis. Mura n-eisítear OCRP-AE tar éis iarraidh a fháil ón duine lena mbaineann, ní mór don duine sin a thoiliú a thabhairt páirt a ghlacadh go cianda. Ní mór toiliú a thabhairt faoi shaoirse, ní mór é a bheith sonrach agus feasach agus ní mór a chur in iúl go soiléir leis go n-aontaíonn an duine lena rannpháirtíocht chianda san éisteacht/sna héisteachtaí lena mbaineann. Chun na críche sin, ba cheart a áirithiú go dtabharfar faisnéis don duine lena mbaineann faoi na cearta atá ar fáil dó agus go mbeidh rochtain aige ar dhlíodóir, sula lorgófar a thoiliú.
- (48) Is faoin údarás eisiúna atá sé measúnú a dhéanamh, ar bhonn na faisnéise atá os a chomhair, an bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar an duine atá faoi dhrochamhras, ar an duine atá cúisithe nó ar an íospartach sa Stát forghníomhaitheach agus an mbeadh sé iomchuí agus comhréireach don duine sin páirt a ghlacadh go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí lena mbaineann ar an mbonn sin. I gcás nach bhfuil ach faisnéis theoranta ar fáil, ba cheart measúnú den sórt sin a bheith ina ábhar do chomhairliúcháin idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach d'fhonn áit chónaithe an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an íospartaigh sa Stát iarrtha a dheimhniú agus chun an toghairm a sheirbheáil ar an éisteacht nó ar na héisteachtaí lena mbaineann. Chun críocha an mheasúnaithe ar chónaí, d'fhéadfadh imthosca oibiachtúla éagsúla a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil gnáthshuíomh a leasanna bunaithe ag an duine lena mbaineann i mBallstát ar leith nó go bhfuil sé ar intinn aige é sin a dhéanamh tráth na héisteachta nó na n-éisteachtaí a bheith ábhartha. D'fhéadfadh sé gur ann d'fhorais réasúnacha lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar dhuine sa Stát forghníomhaitheach, go háirithe i gcás ina bhfuil duine cláraithe mar chónaitheoir sa Stát forghníomhaitheach, trí chárta aitheantais nó cead cónaithe a bheith ina sheilbh aige nó aici nó trí chlárú i gclár oifigiúil cónaithe. I gcás nach bhfuil an duine lena mbaineann cláraithe sa Stát forghníomhaitheach, d'fhéadfaí cónaí a thabhairt le fios leis an bhfioras gur léirigh duine go raibh sé i gceist aige nó aici é nó í féin a lonnú sa Bhallstát sin nó go bhfuil, tar éis tréimhse sheasta láithreachta sa Bhallstát sin, naisc áirithe faighte aige nó aici leis ar naisc iad atá cosúil leis na cinn sin a d'eascródh as cónaí foirmiúil a bhunú sa Bhallstát sin. Chun a chinneadh, i gcás sonrach, cé acu atá nó nach bhfuil naisc leordhóthanacha idir an duine lena mbaineann agus an Stát forghníomhaitheach, as a dtagann fhorais réasúnacha lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Bhallstát sin, is gá tosca oibiachtúla éagsúla ar saintréith iad do chás an duine sin a chur san áireamh, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha a láithreachta sa Stát iarrtha nó na naisc theaghlaigh nó eacnamaíocha atá ag an duine sin leis an Stát iarrtha. Feithicil chláraithe, cuntas bainc, an fíoras nach raibh briseadh i bhfanacht an duine sa Stát forghníomhaitheach nó tosca oibiachtúla eile, d'fhéadfadh siad a bheith ábhartha chun a chinneadh gur ann d'fhorais réasúnacha lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát forghníomhaitheach. Cuairt ghairid,

fanacht saoire, lena n-áirítear i dteach saoire, nó fanacht cosúil leis sin sa Stát forghníomhaitheach gan aon nasc substaintiúil eile, ní leor an méid sin chun cónaí a bhunú sa Bhallstát sin.

- (49) I gcás ina bhfaightear amach nach bhfuil cónaí ar an duine atá faoi dhrochamhras, ar an duine atá cúisithe nó ar íospartach na coireachta ach go bhfuil sé ag fanacht go sealadach sa Stát forghníomhaitheach, ba cheart don údarás eisiúna a mheas an bhfuil cúiseanna a bhfuil údar cuí leo ann gan a bheith i láthair go fisiciúil ag na héisteachtaí lena mbaineann. I gcás nach féidir an fhaisnéis sin a thuiscint ón bhfaisnéis atá ar fáil don chúirt, is faoin duine lena mbaineann nó faoina dhlíodóir a bheidh sé aon chúiseanna cuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an údaráis eisiúna gan freastal go pearsanta ar na héisteachtaí. Áirítear leis sin cásanna nach bhfuil nasc substaintiúil ag duine leis an Stát forghníomhaitheach a cháileodh mar chónaí ach ina bhfuil sé ag fanacht go sealadach sa Stát forghníomhaitheach.
- (50) I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, d'fhéadfadh sé gur gá foráil a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht chianda gan toiliú roimh ré ón duine lena mbaineann, go háirithe i gcás ina dtagann rioscaí soiléire chun cinn a bhaineann leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí a léirítear a bheith fíor agus láithreach nó intuatha, agus i gcás ina mbeadh sé contrártha do riar éifeachtúil cuí an cheartais an éisteacht nó na héisteachtaí a chur ar atráth, nó na himeachtaí a chur ar fionraí mar gheall ar easpa an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, mar shampla. Ba cheart úsáid an mhaolaithe sin a bheith teoranta go docht do chásanna riachtanais agus a bheith faoi réir coimircí iomchuí chun a áirithiú nach ndéanfaidh sé dochar do chothroime na n-imeachtaí ná do chearta na cosanta.
- (51) Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu OCRP-AE a eisiúint nó gan é a eisiúint, ba cheart don údarás eisiúna a fhíorú go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar síos sa Treoir seo. Ina theannta sin, féadfaidh sé a mheas an mbeadh sé indéanta, iomchuí nó comhréireach dul ar iontaoibh BGE faoi Chinneadh Réime 2002/584/CGB in imthosca an cháis. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás nach gcomhlíonann an cion lena mbaineann an tairseach phionóis a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Chinneadh Réime sin nó i gcás nach mbeadh úsáid BGE riachtanach ná comhréireach toisc gur féidir a mheas gur leor OCRP-AE chun rannpháirtíocht an duine lena mbaineann san éisteacht nó sna héisteachtaí lena mbaineann sé a áirithiú. Féadfaidh an t-údarás eisiúna cásanna a chur san áireamh freisin ina bhfuil sé éigeantach an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a bheith i láthair ag an éisteacht ach inar cuireadh an tabhairt suas ar athló ar feadh tréimhse éiginnte ar chúiseanna tromchúiseacha daonnúla de bhun Airteagal 23(4) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó i gcás ina bhfuil an duine lena mbaineann faoi réir cailleadh saoire sa Stát forghníomhaitheach, nó faoi réir beart malartach lena gceanglaítear iad a ghaibhniú ar chríoch an Stáit sin, agus nach féidir nó nach iomchuí tabhairt suas sealadach a dhéanamh de bhun Airteagal 24(2) den Chinneadh Réime sin.
- (52) Agus cinneadh á dhéanamh an iomchuí OCRP-AE a eisiúint, ba cheart don údarás eisiúna a bheith in ann imthosca eile atá ábhartha do riar éifeachtúil cuí an cheartais a chur san áireamh freisin. Go háirithe, féadfaidh sé a mheas an mbeadh gá leis na himeachtaí coiriúla a dhéanamh murach sin in éagmais an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, nó an mbeadh aistriú imeachtaí coiriúla faoi Rialachán (AE)

2024/3011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁵ indéanta nó nach bhfónfadh sé do riar éifeachtúil cuí an cheartais. Féadfaidh an t-údarás eisiúna leasanna an íospartaigh a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear a riachtanais shonracha chosanta i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2012/29/AE. Ina theannta sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna tromchúis nó cineál an chiona nó castacht na n-imeachtaí a mheas, chun a mheas an mbeadh OCRP-AE iomchuí i gcás áirithe.

- (53) Ba cheart na forais chun forghníomhú beart trasteorann a dhiúltú a bheith teoranta i gcónaí agus níor cheart dóibh an bonn a bhaint d'éifeachtacht an chomhair bhreithiúnaigh. Ba cheart don údarás eisiúna agus don údarás forghníomhaitheach comhoibriú go dlúth lena chéile agus dul i gcomhairle le chéile sula ndéanfaidh siad cinneadh maidir le neamhaithint nó neamhfhorghníomhú OIE nó OCRP-AE.
- (54) I gcomhthéacs OCRP-AE, ba cheart go mbeadh an t-údarás forghníomhaitheach in ann forghníomhú a dhiúltú i gcásanna eisceachtúla, ar bhonn measúnú aonair, i gcás ina gcuirfeadh forghníomhú OCRP-AE ualach díréireach ar a chóras breithiúnach, ualach a d'fhéadfadh moill mhíchúí a chur ar riaradh cuí a cheartais féin, cur isteach ar an riaradh sin nó é a dhéanamh dofheidhmithe, agus i gcás nach féidir na hiarmhairtí sin a mhaolú trí bhíthin comhair agus comhaontuithe praiticiúla sonracha leis an údarás eisiúna.
- (55) Ba cheart na héisteachtaí cianda a rialú le dlí an Stáit eisiúna. Ba cheart don údarás eisiúna agus don údarás forghníomhaitheach teacht ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla chun OCRP-AE a fhorghníomhú. Is gá freagrachtaí a leithdháileadh go soiléir idir na húdaráis sin chun seoladh cuí na héisteachta, deimhneacht dhlíthiúil agus feidhmiú éifeachtach chearta nós imeachta an duine lena mbaineann a áirithiú. Ba cheart don údarás forghníomhaitheach eagrú praiticiúil na héisteachta a éascú laistigh dá chríoch agus a áirithiú gur féidir leis an duine lena mbaineann a chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs fhorghníomhú OCRP-AE. Ba cheart don údarás eisiúna leanúint de bheith freagrach as seoladh na n-imeachtaí agus as rannpháirtíocht éifeachtach agus feidhmiú éifeachtach na gceart ábhartha ag an duine lena mbaineann a áirithiú i gcomhréir le dlí an Stáit eisiúna. Féadfaidh an t-údarás eisiúna a cheangal ar an údarás forghníomhaitheach foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta áirithe a chomhlíonadh agus OCRP-AE á fhorghníomhú aige, amhail ceanglais shonracha maidir leis an duine a thoghairm chun láithriú don éisteacht chianda nó do na héisteachtaí cianda nó maidir le faisnéis a sholáthar don duine lena mbaineann a cheanglaítear go sonrach faoi dhlí an Stáit eisiúna.
- (56) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun cur isteach neamhriachtanach ar imeachtaí coiriúla a sheachaint, ba cheart na hiarmhairtí a bhaineann le mainneachtain ag an duine lena mbaineann teacht i láthair maidir le rannpháirtíocht chianda in éisteacht tar éis d'údarais an Stáit fhorghníomhaigh toghairm chuí a chur air a rialú le dlí an Stáit eisiúna, mar a dhéanfaí i gcás intíre. Ag brath ar imthosca an cháis, d'fhéadfadh athsceidealú na héisteachta, tarraingt siar OCRP-AE, nó leanúint leis na himeachtaí i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta is infheidhme de chuid an Stáit eisiúna a bheith san áireamh sna hiarmhairtí sin. Ba cheart cur i bhfeidhm na rialacha sin leanúint de bheith faoi réir chomhlíonadh dhlí an Aontais agus na gceart bunúsach, go háirithe an ceart a bheith i láthair ag triail daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe mar a chumhdaítear faoi Threoir (AE) 2016/343.

⁶⁵ Rialachán (AE) 2024/3011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú (IO L, 2024/3011, 27/11/2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3011/oj>).

- (57) Ba cheart don údarás forghníomhaitheach miontuairiscí a tharraingt suas agus na heilimintí ábhartha a bhaineann le forghníomhú OCRP-AE a thairfeadh chun poiblíocht, trédhearcacht, cuntasacht agus, i gcás inarb ábhartha, feidhmiú leigheasanna dlí a áirithiú. A luaithe a chuirfear na taifid sin ar aghaidh chuig an údarás eisiúna, áireofar sa chomhad náisiúnta iad.
- (58) Chun cothroime na n-imeachtaí coiriúla agus feidhmiú éifeachtach chearta an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe lena mbaineann OCRP-AE a choimirciú, ba cheart don údarás eisiúna a áirithiú go ndéanfaidh dlíodóir sainordaithe sa Stát eisiúna ionadaíocht ar an duine sin, dlíodóir atá i láthair go fisiciúil ag an éisteacht nó ag na héisteachtaí. Tá láithreachas fhisiciúil an dlíodóra sa seomra cúirte fíor-riachtanach chun a áirithiú gur féidir leis an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe lena mbaineann na cearta níos imeachta atá ar fáil faoi dhlí an Stáit eisiúna agus faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh ar íospartaigh na coireachta i gcomhréir leis na forálacha ábhartha faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais. Ba cheart socruithe teicniúla agus praiticiúla iomchuí a bheith ar fáil chun cumarsáid shlán, rúnda agus éifeachtach a chumasú idir an dlíodóir atá i láthair sa Stát eisiúna agus an duine lena mbaineann atá rannpháirteach go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí.
- (59) Chun na rioscaí a bhaineann le híospairt thánaisteach agus athíospairt íospartaigh na coireachta a sheachaint, ba cheart aon éisteacht a bhaineann le OCRP-AE a dhéanamh ar bhealach lena n-urramaítear riachtanais aonair na n-íospartach. Tá sé de cheart ag íospartaigh an tacaíocht mhothúchánach a fháil i gcomhréir le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chuige sin, ba cheart don údarás forghníomhaitheach a áirithiú go mbeidh rochtain ar an tacaíocht sin á háirithiú le linn OCRP-AE a fhorghníomhú. Ba cheart do na Ballstáit na húdaráis nó na seirbhísí atá freagrach as tacaíocht den sórt sin a sholáthar a chinneadh.
- (60) Le rannpháirtíocht chianda in éisteacht cúirte coiriúla de bhun OCRP-AE, níor cheart an leibhéal cosanta a thugtar do dhaoine a bhfuil baint acu le himeachtaí coiriúla a laghdú ar bhealach ar bith agus ba cheart aird chuig a thabhairt ar an ngá atá le cothroime na n-imeachtaí, comhionannas arm agus feidhmiú éifeachtach chearta na cosanta a chaomhnú. Ba cheart do na daoine sin a bheith in ann a gcearta níos imeachta is infheidhme in imeachtaí coiriúla faoi dhlí an Aontais agus faoi dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaigh a fheidhmiú go héifeachtach i gcomhréir leis na socruithe a bheartaítear faoi Theideal III den Treoir seo, gan beann ar rannpháirtíocht fhisiciúil nó cianda a bheith i gceist.
- (61) Níor cheart feidhmiú éifeachtach na gcearta níos imeachta i gcomhthéacs rannpháirtíocht chianda a theorannú do reáchtáil agus d'fhad na héisteachta/na n-éisteachtaí féin. Ba cheart do dhaoine atá rannpháirteach go cianda a bheith in ann na cearta uile sna himeachtaí lena mbaineann OCRP-AE a fheidhmiú, amhail iarrataí a chur isteach mar ullmhúchán don éisteacht nó do na héisteachtaí, rochtain ar an gcáschomhad agus aon cheart níos imeachta eile atá ar fáil dóibh faoi dhlí an Aontais agus faoi dhlí an Stáit eisiúna, faoi choinníollacha atá coibhéiseach, a mhéid is féidir, leis na coinníollacha is infheidhme i gcás rannpháirtíocht fhisiciúil.
- (62) Ba cheart an deis a bheith i gcónaí ag daoine a thoiligh le rannpháirtíocht chianda nó a d'iarr rannpháirtíocht chianda filleadh ar rannpháirtíocht fhisiciúil, más mian leo, chun a áirithiú go hiomlán go bhfuil sé de cheart acu a bheith i láthair go fisiciúil ag an triail. Sna cásanna sin, ba cheart OCRP-AE a tharraingt siar.

- (63) Ba cheart rochtain a bheith ag daoine lena mbaineann OCRP-AE ar leigheasanna éifeachtacha i gcomhréir le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, sa Stát eisiúna agus sa Stát forghníomhaitheach araon, i gcás ina ndéanann eisiúint, aithint nó forghníomhú an OCRP-AE sin dochar dá gcearta. Thairis sin, nuair a eisítear OCRP-AE gan toiliú an duine lena mbaineann, ba cheart athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ar an gcinneadh OCRP-AE a eisiúint a bheith ar fáil chun comhlíonadh na gcoinníollacha agus na gcoimircí a leagtar síos i dTeideal III den Treoir seo a fhíorú.
- (64) Tá dlúthnasc idir cothroime na n-imeachtaí lena mbaineann OCRP-AE agus iontaofacht agus éifeachtúlacht na gcoinníollacha teicniúla agus praiticiúla faoina seoltar iad. D'fhéadfadh cur isteach ar an gcumarsáid leis an seomra cúirte agus teipeanna teicniúla eile, lena n-áirítear maidir le rúndacht nó éifeachtacht na cumarsáide idir an dlíodóir agus an duine lena mbaineann, dochar a dhéanamh d'fheidhmiú éifeachtach na gceart nós imeachta agus do chothroime na n-imeachtaí. Ba cheart, dá bhrí sin, don duine lena mbaineann a bheith in ann na saincheisteanna sin a tharraingt anuas os comhair údarás eisiúna nó údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh, agus ba cheart don údarás eisiúna an méid sin a chur in iúl don údarás eisiúna ar an mbonn sin. Is faoin údarás eisiúna atá sé bearta ceartaitheacha iomchuí a ordú, i gcás inar gá, lena n-áirítear an éisteacht lena mbaineann a chur ar fionraí, a chur siar nó a athdhéanamh.
- (65) I gcás inar ghlac duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe páirt go cianda ina thriail de bhun OCRP-AE agus inar ciontaíodh an duine sin mar thoradh ar na himeachtaí sin, lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta, ordú coinneála nó beart coigistíochta air, nó aon phionós airgeadais nó beart maoirseachta eile, tá sé tábhachtach leanúnachas agus comhar éifeachtach a áirithiú trí na hionstraimí comhair bhreithiúnaigh atá ar fáil, de réir mar is ábhartha. Áirítear leis sin, go háirithe, Cinneadh Réime 2002/584/CGB maidir le tabhairt suas chun an phianbhreith a fhorghníomhú, Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle⁶⁶ chun an cinneadh críochnaitheach in aghaidh an duine sa Stát forghníomhaitheach a aithint agus chun an phianbhreith a ghabháil ar láimh chomh maith le Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁷ d'fhoilligh orduithe coigistíochta a aithint. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don Stát eisiúna agus don Stát forghníomhaitheach a bheith i ndlúth-theagmháil lena áirithiú go ndéanfar na bearta sealadacha is gá sa chás sonrach, go dtí go bhfaighfear agus go bhforghníomhófar iarrataí ar chomhar breithiúnach tar éis pianbhreith a fhorchur. I gcásanna ina mbeartaíonn an Stát eisiúna BGE a eisiúint, ba cheart don Stát forghníomhaitheach a bheith in ann, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, bearta sealadacha iomchuí a ghlacadh go dtí go bhfaighfear agus go bhforghníomhófar BGE. Ba cheart do na bearta sin leanúint de bheith comhréireach agus teoranta go docht don mhéid is gá chun a áirithiú go bhfanfaidh an duine lena mbaineann ar a chríoch chun an cinneadh críochnaitheach a fhorfheidhmiú go héifeachtach.
- (66) Le cur i bhfeidhm cuí na Treorach seo, glactar leis go mbeidh cumarsáid ann idir na húdaráis inniúla. Ba cheart iad a spreagadh chun dul i gcomhairle le chéile nuair is

⁶⁶ Cinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach ([IO L 327, 5.12.2008, lch. 27](#), ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2008/909/oj).

⁶⁷ Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe reo agus d'orduithe coigistíochta ([IO L 303, 28.11.2018, lch. 1](#), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1805/oj>).

iomchuí chun cur i bhfeidhm rianúil agus éifeachtúil na Treorach seo a éascú, go díreach nó, i gcás inarb iomchuí, trí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁸ nó tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach a rialaítear le Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle⁶⁹. Moltar d'údaráis inniúla freisin, i gcás inarb iomchuí, a iarraidh ar Eurojust ról comhordúcháin a fheidhmiú laistigh dá shainchúram chun tacú le bearta imscrúdaitheacha trasteorann agus chun iad a chomhordú d'fhonn fianaise a bhailiú, go háirithe seachadtaí rialaithe, faireachas trasteorann, imscrúduithe ceilte nó idircheapadh teileachumarsáide, i bhfianaise na ndúshlán sonrach comhordúcháin a bhaineann le bearta den sórt sin agus i bhfianaise an tsaineolais is féidir le Eurojust a thabhairt i ndáil leis sin. Féadfaidh údaráis inniúla a iarraidh ar Eurojust tarchur OIE, OCRP-AE nó fógraí agus iarrataí ar thoiliú a éascú chun faisnéis a malartaíodh roimhe sin a úsáid mar fhianaise.

- (67) Chun malartú tapa, díreach, idir-inoibritheach, iontaofa agus slán sonraí a áirithiú, chun cur leis na hinfheistíochtaí a rinneadh go dtí seo agus chun comhsheasmhacht le gníomhartha eile de chuid an Aontais a áirithiú, ba cheart, de ghnáth, an chumarsáid faoin Treoir seo idir na húdaráis a dhéanamh tríd an gcóras TF díláraithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/2844. Go háirithe, ba cheart an córas TF díláraithe sin a úsáid, de ghnáth, chun foirmeacha OIE agus OCRP-AE a mhalartú, agus le haghaidh aon chumarsáid oifigiúil eile idir na húdaráis faoin Treoir seo.
- (68) I gcás ina bhforáiltear leis an Treoir seo, i leith teachtaireachtaí áirithe, gur féidir an chumarsáid a dhéanamh trí 'aon mhodh' nó trí 'aon mhodh iomchuí', ba cheart rogha a bheith ag na húdaráis maidir leis an modh cumarsáide atá le húsáid. Ba cheart a thuiscint le forálacha den sórt sin go sainaitnítear cásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh úsáid an chórais TF dhíláraithe iomchuí de bhun Rialachán (AE) 2023/2844. Sna cásanna sin, ba cheart do na húdaráis a bheith in ann modhanna eile cumarsáide a úsáid, ar choinníoll go ndéantar an malartú faisnéise ar bhealach slán iontaofa, i gcomhréir leis an Rialachán sin.
- (69) Chun an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla a laghdú, chun tuairisciú staidrimh níos iomláine, níos iontaofa, níos comhsheasmhaí agus níos tráthúla a áirithiú, ba cheart do na bogearraí cur chun feidhme tagartha arna bhforbairt ag an gCoimisiún na sonraí staidrimh is gá chun críoch faireacháin a bhailiú ar bhonn ríomhchláraithe agus ba cheart sonraí den sórt sin a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit córas náisiúnta TF a úsáid in ionad na mbogearraí cur chun feidhme tagartha a d'fhorbair an Coimisiún, d'fhéadfaí an córas sin a fheistiú chun na sonraí sin a bhailiú ar bhonn ríomhchláraithe agus, sa chás sin, ba cheart na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún. D'fhéadfaí gné lena bhféadfaí sonraí staidrimh ábhartha a aisghabháil a fheistiú freisin ar an nascóir e-CODEX.

⁶⁸ Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1727/oj>).

⁶⁹ Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an Lónra Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/976/oj>).

↓ 2014/41/AE aithris 35

⇒ nua

- (70) I gcás ina ndéanfar tagairt do chúnamh frithpháirteach in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail i gcoinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích laistigh de Chomhairle na hEorpa ⇒ nó laistigh de na Náisiúin Aontaithe, ⇐ ba cheart go dtuigfí i gcás na mBallstát a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, tugtar tosaíocht dó ar na coinbhinsiúin sin.

↓ 2014/41/AE aithris 14

- (71) Agus dearbhú á dhéanamh acu maidir leis an réimeas teanga, spreagtar na Ballstáit teanga amháin ar a laghad a úsáidtear go coitianta san Aontas a chur san áireamh seachas a dteanga oifigiúil nó a dteangacha oifigiúla féin.

↓ 2014/41/AE aithris 36

- (72) Ba cheart go ndéanfaí catagóirí na gcionta a liostaítear in Iarscríbhinn ~~IXD~~ a léirmhíniú i gcomhréir lena léirmhíniú faoi ionstraimí dlíthiúla aitheantais fhrithpháirtigh atá ann cheana.

↓ 2014/41/AE aithris 37

(oiriúnaithe)

~~I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin⁷⁰, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. Maidir leis an Treoir seo, breithníonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go bhfuil údar leis na doiciméid sin a tharchur.~~

↓ 2014/41/AE aithris 38

(oiriúnaithe)

⇒ nua

- (73) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin ~~aitheantas frithpháirteach na geinntí a ghlacadh chun fianaise a fháil~~, ⇒ nósanna imeachta chun fianaise a bhailiú in ábhair choiriúla agus nósanna imeachta chun go nglacfaidh duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach coireachta páirt go cianda in éisteachtaí cúirte coiriúla ó Bhallstát eile trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile, ⇐ a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 ~~den~~ CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun ~~an cuspóir sin~~ ⇒ na cuspóirí sin ⇐ a ghnóthú.

⁷⁰ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

↓ 2014/41/AE aithris 39
(oiriúnaithe)
⇒ nua

- (74) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 ~~den~~ CAE agus sa Chairt, go háirithe Teideal VI di, i ndlí idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta inar páirtithe iad an tAontas nó na Ballstáit uile, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i mBunreachtanna na mBallstát ina réimsí feidhme lena mbaineann. Ní fhéadfar rud ar bith atá sa Treoir seo a léirmhíniú mar rud a chuireann toirmeasc ar OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a fhorghníomhú i gcás ina mbeidh cúiseanna ann lena chreidiúint, ar bhonn eilimintí oibiachtúla, go bhfuil an OIE ⇒ nó an OCRP-AE ⇐ eisithe chun duine a ionchúiseamh nó a phionósú ar fhorais ghnéas, bhunadh ciníoch nó eitneach, chreideamh, ghnéaschlaonadh, náisiúntacht, theanga, nó thuairimí polaitiúla an duine sin ná go bhféadfar seasamh an duine sin a dhochrú ar aon cheann de na cúiseanna sin.

↓ nua

- (75) Baineann próiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo le bailiú, malartú agus úsáid ina dhiaidh sin, chomh maith le haistriú ar aghaidh, faisnéise agus fianaise ábhartha le haghaidh na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 82 CFAE. Ar mhaithe le comhsheasmhacht agus cosaint éifeachtach sonraí pearsanta, ba cheart próiseáil sonraí pearsanta faoin Treoir seo a bheith i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷¹, mura rud é go ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, pointí (b) agus (c) agus, i dtaca leis na himeachtaí sin, pointe (d), den Treoir seo, i gcás ina bhféadfaidh feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷². Ba cheart an t-údarás eisiúna, an t-údarás forghníomhaitheach, chomh maith le húdaráis eile atá inniúil chun fógraí nó iarrataí ar thoiliú a eisiúint agus a fháil chun faisnéis a malartaíodh roimhe sin a úsáid mar fhianaise, a mheas mar rialaitheoirí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoi Threoir (AE) 2016/680 agus Rialachán (AE) 2016/679. D'fhéadfadh na húdaráis lárnacha tacaíocht riaracháin a thabhairt do na húdaráis inniúla sin agus, a mhéid atá siad ag próiseáil sonraí pearsanta thar ceann na rialaitheoirí sin, ba cheart a mheas gur próiseálaithe de chuid an rialaitheora lena mbaineann iad. A mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag Eurojust, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷³, chomh maith leis na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a leagtar

⁷¹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj>).

⁷² Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

⁷³ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-

síos i Rialachán (AE) 2018/1727. A mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), arna bunú le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle⁷⁴, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1939, chomh maith leis na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí a leagtar síos sa Rialachán sin.

↓ 2014/41/AE aithris 40

~~Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Chairt agus le hAirteagal 16(1) CFAE, tá an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leo a chosaint.~~

↓ 2014/41/AE aithris 41

~~Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit, le linn cur i bhfeidhm na Treorach seo, socrú maidir le beartais thrédhearcacha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus ag féachaint d'fheidhmiú na gceart atá ag ábhair sonraí leigheasanna dlí ar chosaint a sonraí pearsanta a fháil.~~

↓ 2014/41/AE aithris 42

~~Níor cheart sonraí pearsanta a fuarthas faoin Treoir seo a phróiseáil ach amháin i geás inar gá agus ba cheart é a bheith ar eomhréir leis na críocha eomhréireach le coireacht a chos, a imserú, a bhrath agus a ionchúiscamh nó smachtbhannaí coiriúla a fhorghníomhú agus le cearta cosanta a fheidhmiú. Níor cheart go mbeadh rochtain ach amháin ag daoine údaráithe ar fhaisnéis a bhfuil inti sonraí pearsanta a fhéadfar a fháil trí phróisis an fhíordheimhniúcháin.~~

↓ 2014/41/AE aithris 43

~~I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus seasamh na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i geir i bhfeidhm na Treorach seo.~~

↓ 2014/41/AE aithris 44

~~I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus seasamh na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.~~

aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([IO L 295, 21.11.2018, lch. 39](http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

⁷⁴ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj>).

↓ nua

- (76) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn[, le litir an ...], gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan éifeacht d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.]

↓ 2014/41/AE aithris 45

- (77) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

↓ 2014/41/AE aithris 46
(oiriúnaithe)

- (78) ☒ I gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, chuathas i gcomhairle leis ☒ Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ☒ agus thug sé tuairim uaidh an [...]. ☒ tuairim an 5 Deireadh Fómhair 2010⁷⁵, bunaithe ar Airteagal 41(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,⁷⁶

↓ nua

- (79) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasú mar thoradh ar an Treoir a bhí ann roimhe seo.
- (80) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d’oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama chun an Treoir a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn X a thrasú sa dlí náisiúnta,

⁷⁵ IO C 355, 29.12.2010, lch. 1.

⁷⁶ Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaisceacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal I

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Treoir seo rialacha maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha (OIE) a eisiúint, a aithint agus a fhorghníomhú chun fianaise a fháil in ábhair choiriúla, lena n-áirítear chun fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin;
 - (b) fógraí práinneacha a eisiúint maidir le faireachas trasteorann agus fógraí a eisiúint maidir le bearta imscrúdaitheacha trasteorann nach n-éilíonn cúnamh teicniúil ó Bhallstát eile, lena n-áirítear ceart an Bhallstáit dá dtugtar fógra agóid a dhéanamh;
 - (c) iarrataí a eisiúint ar thoiliú faisnéis a malartaíodh roimhe sin idir údaráis forfheidhmithe dlí nó a malartaíodh go spontáineach idir údaráis bhreithiúnacha a úsáid mar fhianaise agus toiliú den sórt sin a dheonú nó a dhiúltú; agus
 - (d) Orduithe Eorpacha um Chian-Rannpháirtíocht (OCPR-AE) a eisiúint, a aithint agus a fhorghníomhú, chun go mbeidh duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe, nó íospartach coireachta, a bhfuil stádas páirtí in imeachtaí coiriúla aige, rannpháirteach in éisteacht chúirte amháin nó níos mó in imeachtaí coiriúla go cianda trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile ó Bhallstát eile.
2. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an Treoir seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid chun urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus do phrionsabail dlí a chumhdaítear in Airteagal 6 CFAE, lena n-áirítear na cearta cosanta agus an ceart chun triail chóir a fháil atá ag daoine a ndéanann imeachtaí coiriúla difear dóibh, agus ní dhéanfar difear d'aon oibleagáid atá ar údaráis bhreithiúnacha maidir leis an méid sin.
3. Ní dhéanfaidh Teideal III den Treoir seo difear don cheart a bheith i láthair ag an triail mar a chumhdaítear in Airteagal 8(1) de Threoir (AE) 2016/343 nó i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla nó i ndlí nós imeachta coiriúil.

↓ 2014/41/AE

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

- (a) ciallaíonn ‘Stát eisiúna’ an Ballstát ina n-eisítear an OIE ⇒ nó an Ballstát ina n-eisítear an OCRP-AE; ⇐
- (b) ciallaíonn ‘Stát forghníomhaitheach’ an Ballstát a fhorghníomhaíonn an OIE, ina bhfuil an beart imscrúdaitheach le déanamh, ⇒ nó an Ballstát a fhorghníomhaíonn an OCRP-AE, ina bhfuil an duine atá faoi réir an OCRP-AE lonnaithe; ⇐
- (c) ciallaíonn ‘údarás eisiúna’:
 - (i) breitheamh, cúirt ☒ nó ☒ ☐ breitheamh imscrúdaithe ~~nó ionchúisitheoir poiblí~~ atá inniúil sa chás lena mbaineann; ~~nó~~
 - (ii) ☒ ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann: ☒

↓ nua

- i gcás OIE, i gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta réamhúdarú a fháil ó bhreitheamh, ó chúirt nó ó bhreitheamh imscrúdaithe don bheart imscrúdaitheach lena mbaineann agus nach bhfuarthas aon údarú den sórt sin i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, sula dtarchuirfear chuig an údarás forghníomhaitheach é, déanfaidh breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe a fhíoróidh an chomhréireacht leis na coinníollacha maidir le OIE a eisiúint faoin Treoir seo, go háirithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), an OIE a bhailíochtú;
- i gcás OCRP-AE, sula dtarchuirfear chuig an údarás forghníomhaitheach é, déanfaidh breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe, sa Stát eisiúna, an OCRP-AE a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a chomhréireacht leis na coinníollacha maidir le OCRP-AE a eisiúint faoin Treoir seo;

↓ 2014/41/AE

⇒ nua

- (iii) ⇒ i gcás OIE, ⇐ aon údarás inniúil eile mar atá sainmhínithe ag an Stát eisiúna, atá, sa chás sonrach, ag gníomhú ina cháil mar údarás imscrúdúcháin in imeachtaí coiriúla a bhfuil inniúlacht aige chun bailiú fianaise a ordú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, sula dtarchuirfear chuig an údarás forghníomhaitheach é, déanfaidh

breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna OIE a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a chomhréireacht leis na coinníollacha maidir le OIE a eisiúint faoin Treoir seo, go háirithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 76(1). ⇒ I gcás ina gceanglaítear leis an dlí náisiúnta réamhúdarú a fháil ó bhreitheamh, ó chúirt nó ó bhreitheamh imscrúdaithe don bheart imscrúdaitheach lena mbaineann agus nach bhfuarthas aon údarú den sórt sin i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta, ní fhéadfaidh ach breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe bailíochtú a dhéanamh; ⇐ ~~I gcás ina mbeidh údarás breithiúnach tar éis an OIE a bhailíochtú, féadfar an t-údarás sin a mheas mar údarás eisiúna chun an OIE a tharchur.~~

- (d) ciallaíonn ‘údarás forghníomhaitheach’ údarás a bhfuil inniúlacht aige OIE a aithint agus a fhorghníomhú a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir seo agus leis na nósanna imeachta is infheidhme i gcás intíre comhchosúil. ⇒ agus breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe a bhfuil inniúlacht aige OCRP-AE a aithint agus a fhorghníomhú a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir seo ⇐. Féadfaidh na nósanna imeachta sin údarú ó chúirt sa Stát forghníomhaitheach a cheangal, i gcás ina bhforálfar sin faoina dhlí náisiúnta;.

↓ nua

- (e) ciallaíonn ‘Ballstát imscrúdúcháin’ Ballstát ina n-eisítear fógra i gcomhréir le hAirteagal 33 nó 34;
- (f) ciallaíonn ‘Ballstát dá dtugtar fógra’ Ballstát a fhaigheann fógra i gcomhréir le hAirteagal 33 nó 34 agus nach bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil chun an beart imscrúdaitheach a dhéanamh;
- (g) ciallaíonn ‘teileachumarsáid’ aon chumarsáid, lena n-áirítear ábhar na cumarsáide agus sonraí gaolmhara araon, a tharchuirtear trí líonraí cumarsáide leictreonaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/1972, nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), den Treoir sin;
- (h) ciallaíonn ‘córas TF díláraithe’ an córas TF díláraithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) 2023/2844.
2. I gcás ina ndearna údarás breithiúnach, i gcomhréir le mír 1, OIE a bhailíochtú nó i gcás ina ndearna breitheamh nó cúirt nó breitheamh imscrúdaithe OCRP-AE a bhailíochtú, féadfar an t-údarás sin a mheas freisin mar údarás eisiúna chun críocha OIE nó OCRP-AE a tharchur.

☒ TEIDEAL II ☒

☒ COMHAR TRASTEORANN CHUN FIANAISE A FHÁIL IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA ☒

CAIBIDIL I

AN TORDÚ IMSCRÚDAITHE EORPACH

Airteagal ~~3~~

An tOrdú Imscrúdaithe Eorpach ☒ OIE ☒ agus oibleagáid chun é a fhorghníomhú

1. Is cinneadh breithiúnach é ~~an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE)~~ atá eisithe nó bailíochtaithe ag údarás breithiúnach ~~Ballstáit~~ (~~‘an Stát an Stáit eisiúna’~~) chun beart imscrúdaitheach ar leith amháin nó chun roinnt bearta imscrúdaitheacha ar leith a chur i gcrích ~~i nBallstát eile~~ (~~‘ansa Stát forghníomhaitheach’~~) d’fhonn fianaise a fháil i gcomhréir leis an ☒ Teidil seo agus le Teidil I, IV agus V ☒ ~~Treoir seo~~. ⇒ I gcás ina bhfuil géarghá leis chun bearta imscrúdaitheacha den sórt sin a fhorghníomhú, féadfaidh an t-údarás eisiúna seirbheáil doiciméad nós imeachta ar an duine lena mbaineann a iarraidh ⇨.

Féadfar an OIE a eisiúint freisin chun fianaise a fháil atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin.

2. Déanfaidh na Ballstáit OIE a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir leis an ☒ Teidil seo agus le Teidil I, IV agus V ☒ ~~Treoir seo~~.
3. Féadfaidh duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe, nó dlíodóir thar ceann an duine sin, a iarraidh go n-eiseofar OIE, laistigh de chreat na gceart cosanta infheidhme i gcomhréir le nós imeachta coiriúil náisiúnta.

- ~~4. Ní bheidh sé d’éifeacht ag an Treoir seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid chun urraim a thabhairt do chearta bunúsacha agus do phrionsabail dlí a chumhdaítear in Airteagal 6 de CAE, lena n-áirítear cearta cosanta daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla, agus ní dhéanfar difear d’aon oibleagáid atá ar údaráis bhreithiúnacha maidir leis an méid sin.~~

Airteagal ~~4~~

Raon feidhme an OIE

Cumhdófar san OIE aon bheart imscrúdaitheach, cé is moite d’fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú a bhunú agus fianaise a bhailiú laistigh den fhoireann sin dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Choinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir

Ballstáit an Aontais Eorpaigh⁷⁷ ('an Coinbhinsiún') agus i gCinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle⁷⁸, seachas chun críocha Airteagal 13(8) den Choinbhinsiún agus Airteagal 1(8) den Chinneadh Réime a chur i bhfeidhm faoi seach.

↓ nua

Cumhdófar leis an OIE freisin seirbheáil doiciméad nós imeachta ar an duine lena mbaineann, a mhéid a bhfuil géarghá leis an tseirbheáil sin chun beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú arb é is aidhm dó fianaise a iarradh san OIE a fháil.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

Airteagal 54

Cineálacha imeachtaí inar féidir an OIE a eisiúint

Féadfar OIE a eisiúint:

- (a) maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnaíonn údarás breithiúnach, nó a fhéadfar a thabhairt os comhair údarás breithiúnach, i leith cion coiriúil faoi dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna;
- (b) in imeachtaí a thionscnaíonn údarás riaracháin i ndáil le gníomhartha atá inphionóis faoi dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna de bhua gur sáruithe ar rialacha dlí iad, agus i gcás ina bhféadfaidh an cinneadh a bheith ina chúis le himeachtaí os comhair cúirte a bhfuil dlínse aici, go háirithe, in ábhair choiriúla;
- (c) in imeachtaí a thionscnaíonn údarás bhreithiúnacha i ndáil le gníomhartha atá inphionóis faoi dhlí náisiúnta an Stáit eisiúna de bhua gur sáruithe ar rialacha dlí iad, agus i gcás ina bhféadfaidh an cinneadh a bheith ina chúis le himeachtaí os comhair cúirte a bhfuil dlínse aici, go háirithe, in ábhair choiriúla; ~~agus~~
- (d) i dtaca le himeachtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) a bhaineann le cionta nó sáruithe a bhféadfar duine dlítheanach a chur faoi dhliteanas nó a phionósú ina leith sa Stát eisiúna.

Airteagal 65

Inneachar agus foirm an OIE

1. Is é an t-údarás eisiúna a dhéanfaidh an OIE san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn ~~IA~~ a líonadh isteach, a shíniú agus a hinneachar a dheimhniú a bheith cruinn ceart.

Beidh san OIE an fhaisnéis seo a leanas go háirithe:

- (a) sonraí faoin údarás eisiúna agus, i gcás inarb infheidhme, faoin údarás bailíochtúcháin;

⁷⁷ Coinbhinsiún a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 3).

⁷⁸ Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2002/465/oj).

- (b) cuspóir agus cúiseanna an OIE;
- (c) an fhaisnéis is gá atá ar fáil maidir leis an duine nó na daoine lena mbaineann;
- (d) cur síos ar an ngníomh coiriúil atá ina ábhar don imscrúdú nó do na himeachtaí, agus na forálacha is infheidhme de dhlí coiriúil an Stáit eisiúna;
- (e) tuairisc ar an mbeart imscrúdaitheach nó na bearta imscrúdaitheacha a iarradh agus an fhianaise atá le fáil;

↓ nua

- (f) i gcás inarb infheidhme, deimhniú go bhfuil an beart imscrúdaitheach nó na bearta imscrúdaitheacha a iarradh údaraithe ag breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe, lena n-áirítear dáta agus uimhir thagartha an chinnidh údarúcháin, ach amháin i gcás ina n-eisíonn nó ina mbailíochtaíonn breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe an OIE;
- (g) faisnéis faoi na féidearthachtaí maidir le leigheasanna dlí a lorg.

↓ 2014/41/AE

2. Tabharfaidh gach Ballstát le fios an teanga nó na teangacha, as teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais, agus sa bhreis ar theanga oifigiúil nó ar theangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann, a fhéadfar a úsáid chun an OIE a líonadh isteach nó a aistriú nuair is é an Ballstát lena mbaineann an Stát forghníomhaitheach.
3. Déanfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an OIE a leagtar amach in Iarscríbhinn ~~IA~~ a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Stáit forghníomhaithigh nó go haon teanga eile a bheidh tugtha le fios ag an Stát forghníomhaitheach i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

↓ nua

4. I gcás ina n-iarrann an t-údarás eisiúna go seirbheálfar doiciméid nós imeachta is gá chun beart imscrúdaitheach a iarrtar san OIE a fhorghníomhú, agus ina bhfuil cúis le creidiúint nach dtuigeann an duine lena mbaineann an teanga ina bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil tarraingthe suas, ní mór aistriúchán sa teanga a thuigeann an seolaí a bheith ag gabháil leis an doiciméad sin.

↓ 2014/41/AE

CAIBIDIL II

NÓSANNA IMEACHTA AGUS COIMIRCI DON STÁT EISIÚNA

Airteagal ~~76~~

Coinníollacha maidir le OIE a eisiúint agus a tharchur

1. Ní fhéadfaidh údarás eisiúna OIE a eisiúint ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

- (a) gur gá agus gur comhréireach é an OIE a eisiúint chun críche na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal ~~54~~, agus cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe á gcur san áireamh; agus
 - (b) go bhféadfaí an beart imscrúdaitheach nó na bearta imscrúdaitheacha a thugtar le fios san OIE a ordú faoi na coinníollacha céanna i gcás intire comhchosúil.
2. Déanfaidh an t-údarás eisiúna na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a mheas i ngach cás.
 3. I gcás ina mbeidh cúis mhaith ag an údarás forghníomhaitheach le creidiúint nár comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir le tábhacht an OIE a fhorghníomhú. Tar éis an chomhairliúcháin sin féadfaidh an t-údarás eisiúna a chinneadh an OIE a tharraingt siar.

Airteagal ~~87~~

Tarchur an OIE

↓ 2023/2843 Airteagal 11.2

⇒ nua

1. Déanfaidh an t-údarás eisiúna an tOrdú Imscrúdaithe Eorpach (OIE), arna líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal ~~65~~, a tharchur ⇒ go díreach ⇐ chuig an údarás forghníomhaitheach ⇒ nó, i gcás inarb infheidhme, le rannpháirteachas an údarais lárnaigh dá dtagraítear in Airteagal 52 ⇐.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

2. Déanfar ~~an cumarsáid~~ ⇨ gach cumarsáid ⇨ oifigiúil ~~ina dhiaidh sin~~ ⇨ eile ⇨ go díreach idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach ⇒ nó, i gcás inarb infheidhme, le rannpháirteachas an údarais lárnaigh dá dtagraítear in Airteagal 52 ⇐.
3. ~~5.~~ ~~Muraib~~ ⇨ I gcás nach ⇨ eol an t-údarás forghníomhaitheach, is é an t-údarás eisiúna a dhéanfaidh gach fiosrúchán is gá, lena n-áirítear trí phointí teagmhála ~~EJN~~ ⇨ an Líonra Bhreithiúnaigh Eorpaigh mar a fhoráiltear le Cinneadh 2008/976/CGB ⇨ chun an fhaisnéis a fháil ón Stát forghníomhaitheach.
4. ~~Féadfaidh an t-údarás eisiúna OIEnna a tharchur trí chóras teileachumarsáide an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (EJN), arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach ón gComhairle 98/428/CGB⁷⁹.~~
46. I gcás nach mbeidh inniúlacht ag an údarás sa Stát forghníomhaitheach a fhaigheann an OIE chun an OIE a aithint nó chun na bearta is gá dá fhorghníomhú a dhéanamh, déanfaidh an t-údarás sin, *ex officio*, an OIE a tharchur chuig an údarás forghníomhaitheach agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas dá réir.

⁷⁹ ~~Gníomhaíocht Chomhpháirteach 98/428/CGB an 29 Meitheamh 1998 a ghlac an Chomhairle ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Gréasán Breithiúnach Eorpach a chruthú (IO L 191, 7.7.1998, lch. 4).~~

57. Déileálfar leis na deacrachtaí uile a bhaineann le tarchur nó le barántúlacht aon doiciméid atá riachtanach don OIE a fhorghníomhú, trí theagmhálacha díreacha idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach a bhfuil baint aige leis, nó, i gcás inarb iomchuí, le rannpháirteachas údaráis lárnacha na mBallstát.

Airteagal ~~98~~

OIE atá gaolmhar le OIE atá ann cheana

1. I gcás ina n-eiseoidh údarás eisiúna OIE a fhorlíonann OIE atá ann cheana, tabharfaidh sé sin le fios san OIE.
2. ~~Má thugann~~ ☒ I gcás ina dtugann ☒ an t-údarás eisiúna cúnamh maidir le forghníomhú an OIE sa Stát eisiúna, i gcomhréir le hAirteagal ~~109~~(4), féadfaidh sé, gan dochar d'fhógraí a tugadh faoi Airteagal ~~5833~~(1), pointe (c), OIE a fhorlíonann OIE atá ann cheana, a chur go díreach faoi bhráid an údaráis fhorghníomhaithigh, agus é i láthair sa Stát ~~sin~~ ☒ forghníomhaitheach ☒.
3. Deimhneofar an OIE a fhorlíonann OIE atá ann cheana i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal ~~65~~(1), agus, i gcás inarb infheidhme, bailíochtófar é i gcomhréir le hAirteagal ~~2(e)~~ ⇒ 2(1), pointe (c) ⇐ .

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA AGUS COIMIRCI DON STÁT FORGHNÍOMHAITHEACH

Airteagal ~~109~~

Aitheantas agus forghníomhú

1. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach aitheantas do OIE, arna tharchur i gcomhréir leis ~~an~~ ☒ na forálacha is infheidhme den ☒ Treoir seo, gan gá le haon fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorghníomhú ar an mbealach céanna agus faoi na módúlachtaí céanna amhail is dá n-ordódh údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an beart imscrúdaitheach lena mbaineann, mura gcinntídh an t-údarás sin ceann de na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le neamhfhorghníomhú nó ceann de na forais le haghaidh cur siar dá bhforáiltear sa ☒ Teideal ☒ ~~Treoir~~ seo a agairt.
2. Comhlíonfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta atá léirithe go sainráite ag an údarás eisiúna mura bhforáiltear a mhalairt sa ☒ Teideal ☒ ~~Treoir~~ seo agus ar choinníoll nach mbeidh na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta sin contrártha le prionsabail bhunúsacha dlí an Stáit fhorghníomhaithigh.
3. I gcás ina bhfaighidh an t-údarás forghníomhaitheach OIE nach bhfuil eisithe ag údarás eisiúna mar a shonraítear in Airteagal ~~2(e)~~ ⇒ 2(1), pointe (c) ⇐, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an OIE ar ais chuig an Stát eisiúna.
4. Féadfaidh an t-údarás eisiúna a iarraidh go dtabharfaidh údarás amháin nó níos mó de chuid an Stáit eisiúna cúnamh le linn an OIE a fhorghníomhú mar thacaíocht

d'údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaitheach a mhéid a bheadh údaráis ainmnithe an Stáit eisiúna in ann cúnamh a thabhairt i bhforghníomhú na mbeart imscrúdaitheach a léirítear san OIE i gcás intíre comhchosúil. Comhlíonfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an iarraidh sin ar choinníoll nach mbeidh cúnamh den chineál sin contrártha le prionsabail bhunúsacha dlí an Stáit fhorghníomhaitheach ná nach ndéanann sí dochar dá leasanna slándála náisiúnta bunriachtanacha.

5. Beidh údaráis an Stáit eisiúna a bheidh i láthair sa Stát forghníomhaitheach faoi cheangal ag dlí an Stáit fhorghníomhaitheach le linn forghníomhú an OIE. Ní bheidh aon chumhacht forfheidhmithe dlí acu ar chríoch an Stáit fhorghníomhaitheach, mura mbíonn forghníomhú na gcumhachtaí sin ar chríoch an Stáit fhorghníomhaitheach i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaitheach agus a mhéid a comhaontaíodh idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás fhorghníomhaitheach.
6. Féadfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle le chéile, ar aon mhodh cuí, d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtúil an Airteagail seo a éascú.

Airteagal ~~11~~10

Dul i muinín cineál eile birt imscrúdaitheach

1. Rachaidh an t-údarás forghníomhaitheach, nuair is féidir, i muinín beart imscrúdaitheach seachas an beart dá bhforáiltear san EIO i gcás:
 - (a) nach ann don bheart imscrúdaitheach a luaitear san OIE faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaitheach; nó
 - (b) nach mbeadh an beart imscrúdaitheach a luaitear san OIE ar fáil i gcás intíre comhchosúil.
2. Gan dochar d'Airteagal ~~12~~11, níl feidhm ag mír ~~(1)~~ maidir leis na bearta imscrúdaitheacha seo a leanas, a chaithfidh a bheith ar fáil i gcónaí faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaitheach:
 - (a) faisnéis nó fianaise a fháil atá i seilbh an údaráis fhorghníomhaitheach cheana agus d'fhéadfadh an fhaisnéis nó an fhianaise a bheith faighte, i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaitheach, faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla nó chun críocha an OIE;
 - (b) fianaise a fháil atá i mbunachair shonraí arna sealbhú ag na póilíní nó ag na húdaráis bhreithiúnacha agus a bhfuil rochtain dhíreach ag an údarás forghníomhaitheach orthu faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla;
 - (c) finné, saineolaí, íospartach, duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe nó tríú páirtí a éisteacht ar chríoch an Stáit fhorghníomhaitheach;
 - (d) aon bheart imscrúdaitheach neamh-chomhéigineach mar a shainítear faoi dhlí an Stáit imscrúdaitheach;
 - (e) céannacht daoine a bhfuil síntiús acu le huimhir ghutháin shonraithe nó seoladh IP sonraithe.
3. Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach dul i muinín cineál eile birt imscrúdaitheach seachas an beart a léirítear san OIE i gcás ina mbainfeadh an beart imscrúdaitheach a roghnaigh an t-údarás forghníomhaitheach an toradh céanna amach ar mhodhanna nach bhfuil chomh cunórach céanna leis an mbeart imscrúdaitheach a léirítear san OIE.

4. Nuair a chinnfidh an t-údarás forghníomhaitheach leas a bhaint as an bhféidearthacht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3, cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas ar dtús, agus féadfaidh an t-údarás eisiúna a chinneadh an OIE a tharraingt siar nó a fhorlíonadh.
5. I gcás, i gcomhréir le mír 1, nach ann don bheart imscrúdaitheach a léirítear san OIE faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh nó nach mbeadh sé ar fáil i gcás intíre comhchosúil agus nach bhfuil aon bheart imscrúdaitheach eile ann a bhainfeadh an toradh céanna amach leis an mbeart imscrúdaitheach a iarradh, tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach fógra don údarás eisiúna nárbh fhéidir an cúnamh a iarradh a chur ar fáil.

Airteagal ~~12~~4

Forais le haghaidh neamhaitheantais nó neamh-fhorghníomhú

1. Gan dochar d’Airteagal $\Rightarrow$ 1(2) $\Leftarrow$ ~~1(4)~~, féadfar aitheantas nó forghníomhú OIE a dhiúltú sa Stát forghníomhaitheach i gcás:
 - (a) ina mbeidh díolúine nó pribhléid ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, rud a fhágfaidh nach féidir an OIE a fhorghníomhú, nó ina mbeidh rialacha ann maidir le cinneadh agus teorannú dliteanais choiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa agus le saoirse cainte i meáin eile, rud a fhágfaidh nach féidir an OIE a fhorghníomhú;
 - (b) ina mbeidh cás ar leith ann ina ndéanfaidh forghníomhú an OIE dochar do leasanna slándála náisiúnta bunriachtanacha, foinse na faisnéise a chur i mbaol nó faisnéis rúnaicmithe a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha faisnéise a úsáid;
 - (c) ina mbeidh an OIE eisithe in imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 54, pointí (b) agus (c) agus nach n-údarófaí an beart imscrúdaitheach faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh i gcás intíre comhchosúil;
 - (d) ina mbeadh forghníomhú an OIE contrártha le prionsabal *ne bis in idem*;
 - (e) ina mbainfidh an OIE le cion coiriúil a líomhnaítear go ndearnadh é lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus ina iomláine nó go páirteach ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, agus nach cion sa Stát forghníomhaitheach é an t-iompar a n-eisítear an OIE ina leith;
 - (f) ina mbeidh forais shubstaintiúla ann le creidiúint go mbeadh forghníomhú an bhirt imscrúdaitheach a léirítear san OIE ar neamhréir le hoibleagáidí an Stáit fhorghníomhaithigh i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE agus leis an gCairt;
 - (g) nach cion faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh é an t-iompar ar eisíodh an OIE ina leith, mura mbainfidh sé le cion a liostaítear laistigh de chatagóirí na gcionta a leagtar amach in Iarscríbhinn ~~IXD~~, mar atá léirithe ag an údarás eisiúna san OIE, má tá sé inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála ar feadh tréimhse uasta 3 bliana ar a laghad; nó
 - (h) ina mbeidh úsáid an bhirt imscrúdaitheach a luaitear san OIE teoranta faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh do liosta nó catagóirí cionta nó do chionta atá inphionóis le tairseach áirithe, nach gcuimsíonn an cion a chumhdaítear san OIE.

2. ~~Ní~~ ☒ Ní bheidh ☒ feidhm ag mír 1 ~~(g) agus mír 1(h), pointí (g) agus (h),~~ maidir le bearta imscrúdaitheacha dá dtagraítear in Airteagal ~~11~~ 10(2).
3. I gcás ina mbainfidh an OIE le cion i dtaca le cánacha nó dleachtanna, custam agus malairt, ní dhiúltóidh an t-údarás forghníomhaitheach aitheantas ná forghníomhú ar an bhforas nach bhforchuireann dlí an Stáit fhorghníomhaithigh an cineál céanna cánach nó dleachta nó nach bhfuil sa dlí sin rialachán cánach, dleachta, custaim agus malairte agus ar aon dul le dlí an Stáit eisiúna.
4. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, ~~b~~pointí (a), (b), (d), (e) agus (f), ~~de mhír 1~~ sula gcinnfidh an t-údarás forghníomhaitheach gan OIE a aithint nó a fhorghníomhú, go hiomlán nó go páirteach, rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás eisiúna trí aon mhodh iomchuí agus iarrfaidh sé ar an údarás eisiúna, i gcás inarb iomchuí, aon fhaisnéis is gá a chur ar fáil gan mhoill.
5. Sa chás dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), agus i gcás ina mbeidh an chumhacht ag údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is é an t-údarás forghníomhaitheach a iarrfaidh air an chumhacht sin a fheidhmiú láithreach. I gcás ina mbeidh an chumhacht ag údarás de chuid Stáit eile nó ag eagraíocht idirnáisiúnta an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is faoin údarás eisiúna a bheidh sé a iarraidh ar an údarás lena mbaineann an chumhacht sin a fheidhmiú.

Airteagal 13~~12~~

Teorainneacha ama d'aitheantas nó d'fhorghníomhú

1. Déanfar an cinneadh maidir le haitheantas nó le forghníomhú ☒ an OIE ☒, agus cuirfear an beart imscrúdaitheach i gcrích, leis an tapúlacht agus an tosaíocht chéanna le cas intíre comhchosúil agus, i gcás ar bith, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Airteagal seo.
- ~~2. I gcás ina mbeidh sé luaite ag an údarás eisiúna san OIE, de dheasca spriocdhátáí níos imeachta, thromhúis an chiona nó imthosca fíorphráinneacha eile, go bhfuil gá le sprioc am níos giorra ná na sprioc amanna dá bhforáiltear san Airteagal seo, nó i gcás ina mbeidh sé luaite ag an údarás eisiúna san OIE nach mór an beart imscrúdaitheach a chur i gcrích ar dháta faoi leith, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an ceanglas sin i geuntás a oiread is féidir.~~
2. ~~2.~~ ⇒ I gcás nach léirítear aon phráinn, ☒ ~~2.~~ Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an méid seo a leanas:
 - (a) an cinneadh a ghlacadh maidir le haitheantas nó le forghníomhú an OIE a luaithe is féidir agus ~~gan dochar do mhír 5,~~ tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don údarás forghníomhaitheach inniúil an OIE a fháil;

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

- ⇒ (b) an beart imscrúdaitheach a dhéanamh gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an cinneadh dá dtagraítear i bpointe (a) a ghlacadh, ☒ ~~4M~~ mura mbeidh forais ann le cur siar faoi Airteagal 15 nó mura mbeidh fianaise a luadh ☒ dá dtagraítear ☒ sa bheart imscrúdaitheach arna chumhdach san OIE i seilbh an Stáit fhorghníomhaithigh cheana, ~~deanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an beart imscrúdaitheach gan mhoill agus gan dochar do~~

~~mír 5, tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis an cinneadh dá dtagraítear i mír 3 a ghlacadh.~~

↓ nua

3. I gcás ina bhfuil sé luaite ag an údarás eisiúna san OIE, de thoradh spriocdhátaí níos imeachta, thromchúis an chiona nó imthosca fíorphráinneacha eile, go bhfuil gá le sprioc-am níos giorra ná na sprioc-amanna dá bhforáiltear san Airteagal seo, nó i gcás ina bhfuil sé luaite ag an údarás eisiúna san OIE nach mór an beart imscrúdaitheach a chur i gcrích ar dháta faoi leith, tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach tosaíocht don iarraidh sin agus cuirfidh sé san áireamh í a oiread is féidir agus an beart forghníomhaitheach á fhorghníomhú.
4. I gcás ina mbaineann OIE le bearta lena gceanglaítear fianaise a bhailiú i bhfíor-am, go leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama, dá dtagraítear in Airteagal 28, le hidircheapadh teileachumarsáide, dá dtagraítear in Airteagal 31, nó le faireachas trasteorann, dá dtagraítear in Airteagal 30, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an méid seo a leanas:
 - (a) déileáil leis an iarraidh mar iarraidh nach mór aird a thabhairt uirthi láithreach;
 - (b) an cinneadh maidir le haitheantas nó forghníomhú a dhéanamh gan mhoill;
 - (c) i gcás inar gá chun éifeachtacht an bhirt a áirithiú, a fhorghníomhú sealadach a cheadú go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le OIE a aithint nó a fhorghníomhú.
5. Scoirfear d'fhorghníomhú sealadach birt dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), i gcás ina ndíuláítear OIE a aithint nó a fhorghníomhú. Ní fhéadfar aon ábhar a fhaightear a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis chun bagairt láithreach thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí a chosc. Tabharfar fógra don údarás forghníomhaitheach faoi aon úsáid den sórt sin agus faoi na cúiseanna atá léi.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

6. ~~5.~~ ~~Mura~~ ☒ I gcás nach ☒ bhfuil sé praiticiúil don údarás forghníomhaitheach inniúil i gcás ar leith an teorainn ama a leagtar amach i mír ~~3~~ ⇒ 2, pointe (a), ☐ nó an ⇒ sprioc-am níos giorra nó an ☐ dáta sonraithe a leagtar amach i mír ⇒ 3 ☐ ~~2~~ a chomhlíonadh, cuirfidh sé údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas, gan mhoill, ar aon mhodh, agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis an moill agus an méid ama a mheastar is gá chun an cinneadh a ghlacadh. I gcás den sórt sin, féadfar síneadh 30 lá ar a mhéid a chur leis an teorainn ama a leagtar síos i mír ~~3~~ ⇒ 2, pointe (a), ☐.
7. ~~6.~~ ~~Mura~~ ☒ I gcás nach ☒ bhfuil sé praiticiúil don údarás forghníomhaitheach inniúil i gcás ar leith an teorainn ama a leagtar amach i mír ~~4~~ ⇒ 2, pointe (b), ☐ a chomhlíonadh, cuirfidh sé, údarás inniúil an Stáit eisiúna ar an eolas, gan mhoill, ar aon mhodh, agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis an moill agus rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir leis an amú iomchuí chun an beart imscrúdaitheach a chur i gcrích.

↓ nua

8. I gcás ina bhfuil moill ar fhorghníomhú OIE mar gheall ar phribhléid nó díolúine faoi dhlí náisiúnta an Stáit fhorghníomhaithigh, ní chuirfear tús leis na teorainneacha ama a leagtar amach i míreanna 1 go 4 ach ón lá a chuirtear an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas gur tarscaoileadh an phribhléid nó an díolúine.
-

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

Airteagal 14~~13~~

Fianaise a aistriú

1. Aistroidh an t-údarás eisiúna, gan moill mhíchuí, an fhianaise atá faighte nó atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin mar thoradh ar fhorghníomhú an OIE chuig an Stát eisiúna.
- I gcás ina n-iarrfar é san OIE agus ~~na~~ ☒ i gcás inar ☒ féidir faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, aistrefar an fhianaise láithreach chuig údaráis inniúil an Stáit eisiúna atá ag cuidiú le forghníomhú an OIE i gcomhréir le hAirteagal ~~109~~(4).
2. Féadfar aistriú na fianaise a chur ar fionraí, go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le leigheas dlí, mura luafar cúiseanna leordhóthanacha san OIE go bhfuil aistriú láithreach fíor-riachtanach chun go seolfar a chuid imscrúduithe mar is cuí nó chun cearta aonair a chaomhnú. Cuirfear aistriú na fianaise ar fionraí, áfach, ~~na ndéanfadh~~ ☒ i gcás ina ndéanfadh ☒ sé dochar tromchúiseach agus doleigheasta don duine lena mbaineann.
3. Agus fianaise a bheidh faighte á aistriú, tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach le fios an gceanglaíonn sé go dtabharfar an fhianaise ar ais don Stát forghníomhaitheach a luaithe nach mbeidh gá léi a thuilleadh sa Stát eisiúna.
4. I gcás inarb ábhartha na rudaí, na doiciméid nó na sonraí lena mbaineann cheana féin d'imeachtaí eile, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, ar iarraidh shainráite ón údarás eisiúna agus tar éis comhairliúcháin leis, an fhianaise a aistriú go sealadach ar an gcoinníoll go dtabharfar ar ais don Stát forghníomhaitheach í a luaithe nach mbeidh gá léi a thuilleadh sa Stát eisiúna nó ag tráth nó ócáid ar bith eile a bheidh comhaontaithe idir na húdaráis inniúla.
-

↓ nua

5. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach in iúl an bhfuil úsáid na fianaise sin faoi réir coinníollacha faoi Airteagal 21.
-

↓ 2014/41/AE

Airteagal 15

Forais le haitheantas nó le forghníomhú a chur siar

1. Féadfar aitheantas nó forghníomhú an OIE a chur siar sa Stát forghníomhaitheach i gcás:

- (a) ina bhféadfadh a fhorghníomhú dochar a dhéanamh d'imscrúdú nó d'ionchúiseamh coiriúil reatha, go dtí cibé tráth a mheasfaidh an Stát forghníomhaitheach a bheith réasúnta;
- (b) ina bhfuil na rudaí, na doiciméid, nó na sonraí lena mbaineann in úsáid cheana in imeachtaí eile, go dtí cibé tráth nach mbeidh gá leo a thuilleadh chun na críche sin.

↓ 2023/2843 Airteagal 11.3

- 2. A luaithe a scoirfidh na forais leis an gcur siar de bheith ann, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na bearta is gá láithreach chun OIE a fhorghníomhú agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas faoin méid sin.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

Airteagal 16

Oibleagáid maidir le cur in iúl

- 1. Déanfaidh an t-údarás ~~inniúil~~ sa Stát forghníomhaitheach a fhaigheann an OIE admháil a thabhairt á rá go bhfuair sé an OIE, tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn ~~IIB~~ a líonadh isteach agus a sheoladh, gan mhoill, agus in aon chás laistigh de sheachtain amháin ón dáta a fhaightear an OIE.

I gcás ina mbeidh údarás lárnach ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal ~~7(3)~~ ⇒ 52 ⇐, is infheidhme an oibleagáid ~~sin~~ a leagtar síos sa chéad fhomhír ~~leis an údarás~~ maidir ~~leis an údarás~~ le húdarás ~~leis an údarás~~ lárnach an stáit fhorghníomhaigh agus leis an údarás forghníomhaitheach a fhaigheann an OIE ón údarás lárnach sin.

Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal ~~7(6)~~ 8(4), tá feidhm ag an oibleagáid ~~sin~~ a leagtar síos sa chéad fhomhír maidir leis an údarás ~~inniúil~~ a fuair an OIE i dtosach agus maidir leis an údarás forghníomhaitheach a dtarchuirfear an OIE chuige ar deireadh araon.

↓ 2023/2843 Airteagal 11.4(a)
⇒ nua

- 2. Gan dochar d'Airteagal ~~11(4)~~ agus (5), cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas láithreach ar mhodh ar bith:
 - (a) mura féidir leis an údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir leis an aitheantas nó leis an bhforghníomhú toisc go bhfuil an fhoirm dá bhforáiltear in Iarscríbhinn ~~IA~~ neamhiomlán nó gur léir go bhfuil sí mícheart;
 - (b) más rud é go measfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, agus OIE á fhorghníomhú aige, go bhféadfadh sé a bheith iomchuí bearta imscrúdaitheacha a chur i gcrích nár samhlaíodh i dtosach, nó nach bhféadfaí a shonrú nuair a eisíodh OIE, chun é a chur ar a chumas don údarás eisiúna gníomhaíocht bhreise a dhéanamh sa chás sonrach; nó

- (c) más rud é go suífidh an t-údarás forghníomhaitheach nach féidir leis, i gcás sonrach, foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta arna gcur in iúl go sainráite ag an údarás eisiúna i gcomhréir le hAirteagal ~~109~~ a chomhlíonadh.

Arna iarraidh sin don údarás eisiúna, dearbhófar an fhaisnéis gan mhoill i gcomhréir le hAirteagal ~~⇒ 51~~ ~~⇒ 5a~~.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
→₁ 2023/2843 Airteagal 11.4(b)

3. →₁ Gan dochar d'Airteagal ~~1140~~(4) agus (5), cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas gan mhoill: ←
- (a) faoi aon chinneadh arna dhéanamh de bhun Airteagal ~~1140~~ nó Airteagal ~~1244~~;
- (b) faoi aon chinneadh chun forghníomhú nó aithint an OIE a chur siar, na cúiseanna leis an gcur siar agus, ~~más~~ ☒ i gcás inar féidir ☒, fad measta an churtha siar.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

☒ CAIBIDIL IV ☒

☒ LEIGHEASANNA DLÍ, COIMIRCI AGUS DLITEANAS ☒

Airteagal ~~1744~~

Leigheasanna dlí

1. Áiritheoidh na Ballstáit ~~gurb-infheidhme~~ ⇒ go mbeidh ☐ leigheasanna dlí ☒ éifeachtacha ☒ atá coibhéiseach leo siúd agus atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil ⇒ ar fáil do dhaoine atá faoi dhrochamhras, do dhaoine atá cúisithe agus d'aon duine eile a ndéantar dochar dá chearta ☐ leis na bearta imscrúdaitheacha a luaitear san OIE. ⇒ I gcás ina n-eisítear an OIE chun fianaise a fháil atá i seilbh údarais inniúla an Stáit forghníomhaithigh cheana féin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheasanna dlí atá coibhéiseach leo siúd atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil ar fáil sa Stát forghníomhaitheach do dhaoine atá faoi dhrochamhras, do dhaoine atá cúisithe agus d'aon duine eile a ndéantar dochar dá chearta chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht na mbeart imscrúdaitheach a dhéantar chun an fhianaise sin a bhailiú. ☐
2. Ní fhéadfar agóid a dhéanamh in aghaidh na gcúiseanna substaintiúla chun an OIE a eisiúint ach amháin i gcaingean arna tionscnamh sa Stát eisiúna, gan dochar do ráthaíochtaí na gceart bunúsach sa Stát forghníomhaitheach.
3. I gcás nach mbainfeadh sé an bonn den ghá rúndacht imscrúdaithe a áirithiú faoi Airteagal ~~2049~~(1), déanfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach na bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear faisnéis ar fáil maidir leis na féidearthachtaí atá ann faoin dlí náisiúnta chun na leigheasanna dlí a lorg nuair is infheidhme iadsan agus chun a áirithiú, in am trátha, gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na teorainneacha ama chun leigheas dlí a lorg mar an gcéanna leo siúd dá bhforáiltear i gcásanna intíre comhchosúla agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach a rathaíonn gur féidir na leigheasanna dlí sin a fheidhmiú go héifeachtach do na páirtithe lena mbaineann.
5. Cuirfidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach a chéile ar an eolas mar gheall ar na leigheasanna dlí atá á lorg in aghaidh OIE a eisiúint, a aithint nó a fhorghníomhú. ⇒ Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas i gcás ina bhfuil leigheas dlí á lorg chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht na mbeart imscrúdaitheach a rinneadh chun an fhianaise a bhailiú, ar fianaise í, i gcás ina n-eisítear OIE chun an fhianaise sin a fháil, atá i seilbh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh cheana féin. ⇐
6. Ní chuirfidh agóid dhlíthiúil forghníomhú an bhirt imscrúdaitheach ar fionraí, mura ndéanfar foráil ina leith sin i gcásanna intíre comhchosúla eile.
7. Cuirfidh an Stát eisiúna san áireamh agóid rathúil in aghaidh OIE a aithint nó a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta féin. Gan dochar do rialacha nós imeachta náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit in imeachtaí coiriúla sa Stát eisiúna go ndéanfar cearta na cosanta agus cothromaíocht na n-imeachtaí, agus an fhianaise a fhaightear tríd an OIE á measúnú, a urramú.

Airteagal ~~1847~~

Dliteanas coiriúil maidir le hoifigigh

Nuair a bheidh oifigigh i láthair ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh faoi chuimsiú chur i bhfeidhm ☒ an Teidil ☒ ~~na Treorach~~ seo, measfar iad mar oifigigh an Stáit fhorghníomhaithigh maidir le cionta arna ndéanamh acu nó ina n-aghaidh.

Airteagal ~~1948~~

Dliteanas sibhialta maidir le hoifigigh

1. I gcás ina mbeidh oifigigh ó Bhallstát i láthair ar chríoch Ballstáit eile, faoi chuimsiú chur i bhfeidhm ☒ an Teidil ☒ ~~na Treorach~~ seo, beidh an chéad Bhallstát faoi dhliteanas i leith aon damáiste a dhéanfaidh a chuid oifigeach i rith a n-oibríochtaí, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ar ar a chríoch a bheidh siad ag oibriú.
2. Déanfaidh an Ballstát, ar ar a chríoch a ndearnadh an damáiste dá dtagraítear i mír 1, an damáiste sin a shlánú faoi na coinníollacha is infheidhme maidir le damáiste arb iad a chuid oifigeach féin is cúis leis.
3. Déanfaidh an Ballstát arb iad a chuid oifigeach is cúis le damáiste d'aon duine ar chríoch Ballstáit eile aon suim a d'íoc an dara Ballstát sin leis na híospartaigh nó leis na daoine atá ina dteideal thar a gceann sin a aisíoc leis an mBallstát sin.
4. Gan dochar d'fheidhmiú a cheart i leith tríú páirtithe agus cé is moite de mhír 3, staonfaidh gach Ballstát, i gcásanna dá dtagraítear i mír 1, ó aisíoc damáistí a d'fhulaing sé ó Bhallstát eile a iarraidh.

Airteagal ~~2049~~

Rúndacht

1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach aird chuí ar rúndacht an imscrúdaithe le linn OIE a fhorghníomhú.
2. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, rúndacht fhíricí agus shubstaint an OIE a ráthú, ach amháin a mhéid is gá chun an beart imscrúdaitheach a fhorghníomhú. ~~Mura~~ ☒ I gcás nach ☒ féidir leis an údarás forghníomhaitheach ceanglas na rúndachta a chomhlíonadh, tabharfaidh sé fógra don údarás eisiúna gan mhoill.
3. Ní dhéanfaidh an t-údarás eisiúna, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus mura gcuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach a mhalairt in iúl, aon fhianaise nó faisnéis a nochtadh arna cur ar fáil ag an údarás forghníomhaitheach, ach amháin a mhéid a bheidh a nochtadh riachtanach do na himscrúduithe nó na nósanna imeachta a thuairiscítear san OIE.
4. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a áirithiú nach nochtfaidh baine don chustaiméir baine lena mbaineann nó do thríú daoine eile go bhfuil faisnéis tarchurtha chuig an Stát eisiúna i gcomhréir le hAirteagail 26 agus 27 nó go bhfuil imscrúdú á chur i gcrích.

↓ nua

5. Ní dhéanfaidh míreanna 1 go 4 difear d’Airteagal 21 i ndáil leis na coinníollacha maidir le faisnéis nó fianaise a úsáid agus a aistriú ar aghaidh ina dhiaidh sin.

Airteagal 21

Coinníollacha maidir le faisnéis nó fianaise a úsáid agus a aistriú ar aghaidh ina dhiaidh sin

1. I gcás ina bhfuil faisnéis nó fianaise faighte mar thoradh ar OIE a fhorghníomhú nó i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34, agus go ndéantar foráil i ndlí an Stáit fhorghníomhaigh nó an Bhallstáit dá dtugtar fógra, i gcás intíre comhchosúil, maidir le coinníollacha lena dteorannaítear úsáid na faisnéise nó na fianaise chun críocha eile seachas na críocha ar chucu a bailíodh í, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit sin in iúl, tráth a aistreofar an fhaisnéis nó an fhianaise agus, i gcás fógra faoi Airteagail 33 nó 34, gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 96 uair an chloig tar éis an fógra a fháil, go bhfuil feidhm ag na coinníollacha sin freisin sa Bhallstát a fuair an fhaisnéis nó an fhianaise faoin Teideal seo.
2. Gheobhaidh údarás eisiúna nó, i gcás inarb infheidhme, údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin (‘údarás déanta na hiarrata’) toiliú roimh ré ón údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, ó údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra (‘údarás faighte na hiarrata’) chun an fhaisnéis nó an fhianaise sin a úsáid chun críoch eile seachas na críocha ar chucu a bailíodh í nó chun faisnéis nó fianaise a aistriú chuig Ballstát eile, chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta sna cásanna seo a leanas:
 - (a) i gcás inar cuireadh coinníollacha in iúl de bhun mhír 1, sula n-úsáidfear an fhaisnéis nó an fhianaise chun críoch eile seachas na críocha ar chucu a bailíodh í;

- (b) i ngach cás, sula dtarchuirtear an fhaisnéis nó an fhianaise chuig Ballstát eile, chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta.
3. Is é údarás déanta na hiarrata a dhéanfaidh an iarraidh ar thoiliú faoi mhír 2 san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a líonadh isteach, a shíniú agus a hinneachar a dheimhniú a bheith cruinn agus ceart. Aistrefar í go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ar chuige a ndírítear an iarraidh, nó go haon teanga eile a nglacann an Stát sin léi i gcomhréir le hAirteagal 6(2).
4. Déanfaidh údarás faighte na hiarrata cinneadh faoin iarraidh a luaithes is féidir agus tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis dó í a fháil. I gcás nach bhfuil sé praiticiúil an teorainn ama sin a chomhlíonadh, cuirfidh údarás faighte na hiarrata údarás déanta na hiarrata ar an eolas gan mhoill, agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis sin, agus féadfaidh sé síneadh suas le 10 lá a chur leis an teorainn ama.
5. Gan difear a dhéanamh do mhír 6, tabharfar toiliú ach amháin sna cásanna seo a leanas:
- (a) tá feidhm ag foras le haghaidh neamhaitheantas nó le haghaidh neamhfhorghníomhú OIE, nó i gcás inarb infheidhme, ag foras le haghaidh agóid a dhéanamh faoi Airteagail 33 nó 34;
- (b) dhéanfaidh an úsáid nó an t-aistriú ar aghaidh a iarraidh difear d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil atá ar siúl;
- (c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 ná i gCaibidil V de Threoir (AE) 2016/680.
- Féadfar an cinneadh faoi mhír 4 a chur siar fad a bheidh foras den sórt sin ann.
6. Féadfaidh údarás faighte na hiarrata, mar choinníoll a ghabhann le toiliú a dheonú maidir le haistriú faisnéise nó fianaise chuig Ballstát eile, chuig tríú tír eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta eile, a cheangal go mbeidh OIE, iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach nó ionstraim choibhéiseach um chomhar breithiúnach arna heisiúint ag na húdaráis atá inniúil sa chás sonrach, ag gabháil leis an iarraidh ar an toiliú sin. I gcás, mar gheall ar bhagairt láithreach thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí, nach féidir toiliú a fháil roimh ré, féadfar an fhaisnéis nó an fhianaise a úsáid nó a tharchur gan mhoill, ar choinníoll go dtugtar fógra d'údarás faighte na hiarrata laistigh de 24 uair an chloig agus go gcuirtear ar an eolas é faoi na cúiseanna lena dtugtar údar leis an bpráinn.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA SONRACHA LE HAGHAIDH BEARTA IMSCRÚDAITHEACHA ÁIRITHE

Airteagal 22

**Aistriú sealadach daoine atá faoi choimeád chuig an Stát eisiúna chun beart
imscrúdaitheach a chur i gcrích**

1. Féadfar OIE a eisiúint le haghaidh aistriú sealadach duine atá faoi choimeád sa Stát forghníomhaitheach chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích d'fhonn fianaise a bhailiú, bailiú a éileoidh go mbeidh an duine sin i láthair ar chríoch an Stáit eisiúna, ar choinníoll go seolfar ar ais é laistigh den tréimhse a shonraíonn an Stát forghníomhaitheach.
2. I dteannta na bhforas le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal ~~124~~, féadfar forghníomhú an OIE a dhiúltú freisin ☒ i gcás ~~an~~ ☒ ~~más rud é~~:
 - (a) nach dtoileoidh an duine atá faoi choimeád; nó
 - (b) gur dócha go gcuirfidh an t-aistriú fad le coinneáil an duine atá faoi choimeád.
3. Gan dochar do mhír 2, pointe (a), i gcás ina measann an Stát forghníomhaitheach go bhfuil gá leis i bhfianaise aois an duine, nó bhail choirp nó mheabhrach an duine, tabharfar an deis d'ionadaí dlíthiúil an duine atá faoi choimeád an tuairim a thabhairt faoin aistriú sealadach.
4. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, deonófar idirthuras an duine atá faoi choimeád trí chríoch tríú Ballstát ('Ballstát an idirthurais') ar iarratas a chur isteach, a mbeidh na doiciméid go léir is gá ag gabháil léi.
5. Déanfar na socruithe praiticiúla maidir le haistriú sealadach an duine lena n-áirítear sonraí a dhálaí coinneála sa Stát eisiúna, agus na dátaí faoina mbeidh sé le haistriú ó chríoch an Stáit fhorghníomhaigh agus le tabhairt ar ais inti a chomhaontú idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach, agus áiritheofar go gcuirfear bail choirp agus mheabhrach an duine lena mbaineann san áireamh, chomh maith leis an leibhéal slándála is gá sa Stát eisiúna.
6. Fanfaidh an duine a aistreofar faoi choimeád ar chríoch an Stáit eisiúna agus, i gcás inarb infheidhme, ar chríoch Bhallstát an idirthurais, i gcomhair na ngníomhartha nó na gciontuithe ar ina leith a raibh sé faoi choimeád sa Stát forghníomhaitheach, mura gcuirfidh an Stát forghníomhaitheach iarratas isteach chun é a scaoileadh saor.
7. Bainfear tréimhse an choimeádta ar chríoch an Stáit eisiúna ó thréimhse na coinneála a bhfuil nó a mbeidh oibleagáid ar an duine lena mbaineann a chaitheamh ar chríoch an Stáit fhorghníomhaigh.
8. Gan dochar do mhír 6, ní dhéanfar duine aistrithe a ionchúiseamh ná a choinneáil ná a chur faoi réir aon srian eile ar a shaoirse phearsanta sa Stát eisiúna le haghaidh gníomhartha arna ndéanamh nó ciontuithe arna dtabhairt roimh a imeacht ó chríoch an Stáit fhorghníomhaigh agus nach sonraítear san OIE.
9. Maidir leis an duine aistrithe, scoirfidh an díolúine dá dtagraítear i mír 8 d'fheidhm a bheith aige, tar éis deis a bheith ag an duine imeacht ar feadh tréimhse 15 lá i ndiaidh a chéile ón dáta nach bhfuil a láithreacht ag teastáil a thuilleadh ó na húdaráis eisiúna, ~~más rud é~~ ☒ i gcás ☒:
 - (a) go mbeidh sé tar éis fanacht ar an gcríoch mar sin féin; nó
 - (b) tar éis dó í a fhágáil, go mbeidh sé tar éis filleadh.
10. Íocfar costais a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail seo i gcomhréir le hAirteagal ~~54~~, seachas na costais a eascraíonn as aistriú an duine go dtí an Stát eisiúna agus ón Stát eisiúna, ar costais iad a íocfaidh an Stát sin.

Airteagal 23

Aistriú sealadach daoine atá faoi choimeád chuig an Stát forghníomhaitheach chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích

1. Féadfar OIE a eisiúint le haghaidh aistriú sealadach duine atá faoi choimeád sa Stát eisiúna chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích d'fhonn fianaise a bhailiú, bailiú a éileoidh go mbeidh an duine sin i láthair ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh.
2. Is infheidhme *mutatis mutandis* mír 2, pointe (a) agus míreanna 3 go 9 d'Airteagal 22 maidir leis an aistriú sealadach faoin Airteagal seo.
3. Íocfar na costais a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Airteagail seo i gcomhréir le hAirteagal ~~5421~~, seachas na costais a eascraíonn as aistriú an duine lena mbaineann chuig an Stát forghníomhaitheach agus ón Stát forghníomhaitheach, ar costais iad a íocfaidh an Stát eisiúna.

Airteagal 24

Éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí ☒ theicneolaíocht chianchumarsáide ☒ ~~thar chur eolasamhairs~~ eile

1. I gcás ina mbeidh duine ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh agus nach mór d'údaráis inniúla an Stáit eisiúna é a éisteacht mar fhinné nó mar shaineolaí, féadfaidh an t-údarás eisiúna OIE a eisiúint chun an finné nó an saineolaí a éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí ☒ theicneolaíocht chianchumarsáide ☒ ~~thar chur eolasamhairs~~ eile i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus ~~6~~ 7.

Féadfaidh an t-údarás eisiúna OIE a eisiúint chun duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí ~~thar chur eolasamhairs~~ ☒ theicneolaíocht chianchumarsáide ☒ eile, ⇒ i gcás inarb é is aidhm don bheart sin fianaise a bhailiú agus nach rachaidh a fhorghníomhú thar a bhfuil gá leis chun na críche sin ⇐.
2. De bhreis ar na forais le haghaidh neamhaitheantais nó le haghaidh neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal ~~1211~~, féadfar forghníomhú OIE a bhaineann le héisteacht duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe a dhiúltú ~~más rud é ☒ i gcás ☒: (a) nach dtoileoidh an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe ☒ lena mbaineann ☒ nó~~
~~(b) go mbeadh sé contrártha le prionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh beart imscrúdaitheach den sórt sin a fhorghníomhú.~~
3. Tiocfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla. Agus na socruithe sin á gcomhaontú, gabhfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an méid seo a leanas air féin:
 - (a) an finné nó an saineolaí lena mbaineann a thoghairm, agus am agus ionad na héisteachta á lua;
 - (b) na daoine atá faoi dhrochamhras nó na daoine atá cúisithe a thoghairm chun láithriú don éisteacht i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar síos i ndlí an Stáit fhorghníomhaithigh agus na daoine sin a chur ar an eolas maidir lena gcearta faoi dhlí an Stáit eisiúna, agus am leordhóthanach a thabhairt dóibh a gcearta chun cosanta a fheidhmiú go héifeachtach;
 - (c) céannacht an duine a gheobhaidh éisteacht a áirithiú.

4. Más rud é, in imthosca cáis áirithe, nach mbeidh rochtain ar bith ag an údarás forghníomhaitheach ar na modhanna teicniúla le haghaidh éisteacht trí fhíschomhdháil ☒ nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile ☒, féadfaidh an Stát eisiúna na modhanna sin a chur ar fáil dó trí chomhaontú frithpháirteach.
5. I gcás ina reáchtálfar éisteacht trí fhíschomhdháil nó trí ~~thar-chur-closamhairc~~ ☒ theicneolaíocht chianchumarsáide ☒ eile, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:
 - (a) beidh an t-údarás inniúil i láthair sa Stát forghníomhaitheach le linn na héisteachta, tabharfaidh ateangaire cúnamh dó i gcás inar gá, agus beidh sé freagrach chomh maith as céannacht an duine atá chun éisteacht a fháil agus urraim do phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh araon a áirithiú;
~~Má tá an t-údarás forghníomhaitheach den tuairim go bhfuil prionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh á sárú le linn na héisteachta, déanfaidh sé na bearta is gá láithreach lena áirithiú go leanfaidh an éisteacht ar aghaidh i gcomhréir leis na prionsabail sin;~~
 - (b) comhaontóidh údaráis inniúla an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaithigh bearta chun an duine a chosaint atá le héisteacht a fháil, i gcás inar gá;
 - (c) seolfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an éisteacht go díreach, nó seolfar í faoina stiúradh, i gcomhréir lena dhlíthe féin;
 - (d) ar iarraidh ón Stát eisiúna nó ón duine atá le héisteacht a fháil, áiritheoidh an Stát forghníomhaitheach go dtabharfaidh ateangaire cúnamh don duine atá le héisteacht a fháil, ~~más~~ ☒ i gcás inar ☒ gá;
 - (e) cuirfear daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe ar an eolas roimh ré faoi éisteacht na gceart nós imeachta a d'fhabhródh chucu, lena n-áirítear an ceart diúltú fianaise a thabhairt, faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh agus an Stáit eisiúna. Féadfaidh finnétithe agus saineolaithe an ceart a éileamh diúltú fianaise a thabhairt, ceart a d'fhabhródh chucu faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh nó an Stáit eisiúna agus cuirfear ar an eolas iad faoin gceart ~~seo~~ ☒ sin ☒ roimh an éisteacht.
6. Gan dochar d'aon bheart arna chomhaontú chun daoine a chosaint, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, ar chríoch a chur leis an éisteacht, miontuairiscí a tharraingt suas ina luafar dáta agus ionad na héisteachta, céannacht an duine ar tugadh éisteacht dó, céannacht agus feidhmeanna gach duine eile sa Stát forghníomhaitheach a bhí rannpháirteach san éisteacht, aon mhionn a tugadh agus na dálaí teicniúla faoinar cuireadh an éisteacht ar siúl. Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an doiciméad ar aghaidh chuig an údarás eisiúna.
7. Glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena áirithiú, i gcás ina mbeidh duine le éisteacht a fháil laistigh dá chríoch i gcomhréir leis an Airteagal seo agus go ndiúltóidh sé fianaise a thabhairt nuair a bheidh oibleagáid air fianaise a thabhairt nó nach dtabharfaidh sé fianaise de réir na fírinne, go mbeidh feidhm ag a dhlí náisiúnta sa tsli chéanna amhail is dá gcuirfí an éisteacht ar siúl i nós imeachta náisiúnta.

Airteagal 25

Éisteacht trí chomhdháil ghutháin

1. Má tá duine ar chríoch Ballstáit amháin agus nach mór d'údaráis inniúla Ballstáit eile é a éisteacht mar fhinné nó mar shaineolaí, féadfaidh údarás eisiúna an dara Ballstát sin OIE a eisiúint d'fhonn finné nó saineolaí a éisteacht trí chomhdháil ghutháin dá bhforáiltear i mír 2, i gcás nach iomchuí nó nach féidir leis an duine atá le héisteacht láithriú ar a chríoch go pearsanta agus tar éis scrúdú a bheith déanta ar na modhanna oiriúnacha eile.
2. Mura gcomhaontófar a mhalairt, beidh feidhm ag Airteagal 24(3), (5), (6) agus (7) *mutatis mutandis* maidir le héisteachtaí trí chomhdháil ghutháin.

Airteagal 26

Faisnéis faoi chuntais bainc agus airgeadais eile

1. Féadfar OIE a eisiúint chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil cuntas amháin nó níos mó, d'aon chineál, in aon bhanc atá lonnaithe ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, i seilbh nó faoi rialú aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá faoi réir na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann, agus más amhlaidh, chun sonraí uile na gcuntas arna sainaitheint a fháil.
2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá ionas go mbeidh sé ar a chumas dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha faoin Airteagal seo.
3. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 chomh maith, ~~mar~~ ☒ i gcás ina n- ☒ iarrtar é sin san OIE, cuntais ar ina leith atá cumhachtaí aturnaí ag an duine atá faoi réir na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann.
4. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach san Airteagal seo ach amháin a mhéid atá an fhaisnéis i seilbh an bhainc a bhfuil an cuntas á choimeád aige.
5. Luafaidh an t-údarás eisiúna san OIE na cúiseanna a measann sé gur dócha gur de luach substaintiúil í an fhaisnéis iarrtha chun críocha na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann agus ar na forais a thiomhdaíonn sé gur i seilbh banc sa Stát forghníomhaitheach atá an cuntas agus, a mhéid agus is féidir, cé acu bainc a bheidh i gceist. Sonróidh sé san OIE chomh maith aon fhaisnéis atá ar fáil a fhéadfaidh a fhorghníomhú a éascú.
6. Féadfar OIE a eisiúint chomh maith lena chinneadh an bhfuil cuntas amháin nó níos mó i seilbh aon duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá faoi réir na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann, in aon institiúid airgeadais neamhbhainc atá lonnaithe ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 3, 4 agus ~~5~~ 5. Sa chás sin agus i dteannta na bhforas le haghaidh neamhaitheantais agus le haghaidh neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal ~~124~~, féadfar forghníomhú an OIE a dhiúltú freisin i gcás nach n-údarófaí forghníomhú an bhirt imscrúdaithe i gcás intíre comhchosúil.

Airteagal 27

Faisnéis maidir le hoibríochtaí baincéireachta agus oibríochtaí airgeadais eile

1. Féadfar OIE a eisiúint chun sonraí a fháil faoi chuntais bhainc shainaitheanta agus faoi oibríochtaí baincéireachta arna gcur i gcrích le linn tréimhse sainaitheanta trí chuntas amháin nó níos mó atá sonraithe ann, lena n-áirítear sonraí faoi aon chuntas seoltóra nó faighteora.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá ionas go mbeidh sé ar a chumas dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha faoin Airteagal seo.
3. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach san Airteagal seo ach amháin a mhéid atá an fhaisnéis i seilbh an bhainc ina sealbhaítear an cuntas.
4. Luafaidh an t-údarás eisiúna san OIE na cúiseanna a measann sé gurb ábhartha an fhaisnéis iarrtha chun críoch na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann.
5. Féadfar OIE a eisiúint maidir leis an bhfaisnéis dá bhforáiltear i mír 1 faoi threoir na n-oibríochtaí airgeadais arna seoladh ag na hinstiúidí airgeadais neamhbhainc. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 3 agus ~~4~~ 4. Sa chás sin agus i dteannta na bhforas le haghaidh neamhaitheantais agus le haghaidh neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal ~~1244~~, féadfar forghníomhú an OIE a dhiúltú freisin i gcás nach n-údarófaí forghníomhú an bhirt imscrúdaithe i gcás intíre comhchosúil.

Airteagal 28

Bearta imscrúdaitheacha lena mbaineann bailiú fianaise i bhfíor-am, ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama

1. Nuair a eiseofar an OIE chun beart imscrúdaitheacha a fhorghníomhú lena gceanglófar bailiú fianaise i bhfíor-am, ar bhonn leanúnach agus thar thréimhse áirithe ama, amhail:

- (a) faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí baincéireachta agus oibríochtaí airgeadais eile atá á gcur i gcrích trí chuntas sonraithe amháin nó níos mó;
- (b) na seachadtaí rialaithe ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh;

↓ nua

- (c) an faireachas ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh;
- (d) suiteáil agus úsáid gairis theicniúil lenar féidir sonraí suímh, fuaime nó amhairc a bhailiú ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh,

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

féadfar diúltú dá fhorghníomhú, i dteannta na bhforas le haghaidh neamhaitheantais agus neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal ~~1244~~, ~~nua~~ ☒ i gcás nach ☒ n-údarófar forghníomhú an bhirt imscrúdaithe lena mbaineann i gcás intíre comhchosúil.

2. Déanfar na socruithe praiticiúla maidir leis an mbeart imscrúdaitheach dá dtagraítear i mír 1, pointí (b), ☒ (c) agus (d) ☒ , agus cibé áit eile is gá a chomhaontú idir an Stát eisiúna agus an Stát fhorghníomhaithigh.
3. Luafaidh an t-údarás eisiúna san OIE an chúis a measann sé gurb ábhartha an fhaisnéis iarrtha chun críoch na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann.
4. Is ag údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh atá an ceart chun oibríochtaí a bhaineann le forghníomhú OIE dá dtagraítear i mír 1 a ghníomhú, a stiúradh agus rialú.

Airteagal 29

Imscrúduithe rúnda

1. Féadfar OIE a eisiúint chun iarraidh ar an Stát forghníomhaitheach cúnaimh a thabhairt don Stát eisiúna le linn imscrúduithe a sheoladh ar choireacht ag oifigigh ag gníomhú faoi chéannacht rúnda nó bhréagach ('imscrúduithe rúnda').
2. Luafaidh an t-údarás eisiúna san OIE an chúis a measann sé gur dócha gurb ábhartha an t-imscrúdú chun críoch n-imeachtaí coiriúla. Déanfaidh údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh an cinneadh maidir le haitheantas agus forghníomhú OIE arna eisiúint faoin Airteagal seo i ngach cás aonair agus aird chuí á tabhairt ar a dhlí náisiúnta agus a nósanna imeachta náisiúnta.
3. I dteannta na bhforas le haghaidh neamhaitheantais agus neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal ~~12~~¹¹, féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach forghníomhú OIE, dá dtagraítear i mír 1, a dhiúltú, i gcás:
 - (a) nach n-údarófaí forghníomhú an imscrúdaithe rúnda i gcás intíre comhchosúil; nó
 - (b) nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir leis na socruithe i gcomhair na n-imscrúduithe rúnda faoi mhír 4.
4. Déanfar imscrúduithe rúnda i gcomhréir le dlí náisiúnta agus nósanna imeachta an Bhallstáit ar ar a chríoch a dhéantar an t-imscrúdú rúnda. Is ag údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaigh atá an ceart chun an oibríocht a bhaineann leis an imscrúdú rúnda a ghníomhú, a stiúradh agus a rialú. Déanfar fad an imscrúdaithe rúnda, na coinníollacha mionsonraithe agus stádas dlíthiúil na n-oifigeach lena mbaineann le linn na n-imscrúduithe rúnda a chomhaontú idir an Stát eisiúna agus an Stát forghníomhaitheach agus aird chuí á tabhairt ar a ndí náisiúnta agus a nósanna imeachta.

↓ nua

Airteagal 30

Faireachas trasteorann

1. Féadfar OIE a eisiúint faoi chuimsiú na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (a), chun a údarú go leanfar, ar chríoch an Stáit fhorghníomhaigh, d'fhaireachas arna thionscnamh sa Stát eisiúna, i gcás inarb é atá i gceist leis an bhfaireachas sin go ndéanann oifigigh forfheidhmithe dlí breathnóireacht ar dhuine nó réad agus ina mbaineann sé le taifid fuaime, amhairc nó taifid eile a chruthú trí mhodhanna teicniúla arna n-oibriú ag oifigigh forfheidhmithe dlí chun fianaise a fháil.
2. Luafar san OIE na cúiseanna lena dtugtar údar le dul ar iontaoibh faireachais trasteorann.
3. I dteannta na bhforas le neamhaitheantas nó le neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal 12, féadfar forghníomhú an OIE dá dtagraítear i mír 1 a dhiúltú freisin i gcás nach n-údarófaí an beart imscrúdaitheach i gcás intíre comhchosúil. Féadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach a thoiliú a chur faoi réir aon choinníll a mbeadh feidhm aige i gcás intíre comhchosúil.

4. Fad an fhaireachais trasteorann agus na socruithe praiticiúla ina leith, lena n-áirítear úsáid modhanna teicniúla agus na módúlachtaí lena rialaítear iompar na n-oifigeach lena mbaineann, déanfar iad a chomhaontú idir údaráis inniúla an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaithigh. Gníomhóidh oifigigh forfheidhmithe dlí an Stáit eisiúna a bhfuil an faireachas trasteorann á dhéanamh acu chun faireachán agus doiciméadú a dhéanamh ar an bhfaireachas trasteorann agus chun na críche sin amháin, ní fheidhmeoidh siad cumhachtaí comhéigineacha agus ní rachaidh siad isteach in áitreabh príobháideach ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh.
5. Arna iarraidh sin, tabharfar faireachas trasteorann ar láimh d'oifigigh forfheidhmithe dlí an Stáit fhorghníomhaithigh.
6. De mhaolú ar mhír 1, i gcás nach féidir, ar fhoras práinne a bhfuil údar cuí léi, OIE a eisiúint agus a tharchur sula rachaidh an duine nó an réad atá faoi fhaireachas isteach i gcríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, féadfaidh oifigigh forfheidhmithe dlí an Stáit eisiúna leanúint d'fhaireachas trasteorann a dhéanamh ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh ar choinníoll:
 - (a) díreach tar éis d'oifigigh forfheidhmithe dlí an Stáit eisiúna an teorainn a thrasnú, go ndéanfaidh an t-údarás atá inniúil ar fhógraí práinneacha a eisiúint agus a tharchur fógra a thabhairt, trí aon mhodh iomchuí, don údarás atá inniúil ar fhógraí práinneacha a fháil, faoi leanúint den fhaireachas sa Stát forghníomhaitheach agus faoi na cúiseanna a thugann údar leis an bpráinn;
 - (b) go n-eiseofar agus go dtarchuirfear an OIE chuig an údarás forghníomhaitheach gan mhoill agus tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig tar éis an teorainn dá dtagraítear i bpointe (a) a thrasnú, agus na cúiseanna nárbh fhéidir é a tharchur roimh ré a lua ann;
 - (c) go ndéanfar an faireachas trasteorann i gcomhréir le haon treoir arna heisiúint ag údaráis inniúla an Stáit fhorghníomhaithigh;
 - (d) go dtiocfaidh deireadh leis an bhfaireachas trasteorann a luaithe a iarrfaidh an t-údarás forghníomhaitheach amhlaidh nó i gcás ina ndiúltófar aitheantas nó forghníomhú an OIE;
 - (e) i gcás nach ndéanfar aon chinneadh maidir le haitheantas nó forghníomhú OIE laistigh de 24 uair an chloig ó tharchur an OIE, beidh leanúint den fhaireachas trasteorann faoi réir chinneadh an údaráis fhorghníomhaithigh forghníomhú sealadach faireachais trasteorann a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 13(4), pointe (c);
 - (f) i gcás ina ndiúltófar aitheantas nó forghníomhú an OIE nó nach gceadófar ar bhealach eile faireachas trasteorann a fhorghníomhú go sealadach faoi phointe (e), ní fhéadfar aon ábhar a gheofar ón bhfaireachas trasteorann a úsáid ach amháin i gcás ina mbeidh géarghá leis chun bagairt láithreach thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí a chosc, agus tabharfar fógra don údarás forghníomhaitheach faoi aon úsáid den sórt sin agus faoi na cúiseanna atá léi.
7. Tabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 6, pointe (a), tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V a úsáid. Aistrefar é go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit dá dtugtar fógra nó go haon teanga eile a nglacann an Ballstát dá dtugtar fógra léi i gcomhréir le hAirteagal 6(2). I gcás nach féidir aistriúchán den sórt sin a chur ar fáil go réasúnta in am, féadfar an fógra a tharchur i dteanga a thuigtear go ginearálta i mBallstáit eile.

8. I gcás nach é an t-údarás dá dtugtar fógra dá dtagraítear i mír 6, pointe (a), an t-údarás forghníomhaitheach, cuirfidh sé an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas láithreach.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

~~CAIBIDIL V~~

~~IDIRCHEAPADH TEILEACHUMARSÁIDE~~

~~Airteagal 3130~~

Idircheapadh teileachumarsáide le cúnamh teicniúil ó Bhallstát eile

1. Féadfar OIE a eisiúint chun teileachumarsáid a idircheapadh sa Bhallstát a bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil.
2. I gcás ina mbeidh níos mó ná Ballstát amháin in ann an cúnamh iomlán teicniúil is gá a sholáthar don idircheapadh teileachumarsáide céanna, ní sheolfar an OIE ach amháin chuig ceann amháin acu. Tabharfar tús áite i gcónaí don Bhallstát ina bhfuil nó ina mbeidh an duine is ábhar don idircheapadh lonnaithe.
3. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san OIE dá dtagraítear i mír 1 freisin:
 - (a) faisnéis chun an duine is ábhar don idircheapadh a shainaithint;
 - (b) an fad is inmhianaithe don idircheapadh; agus
 - (c) sonraí teicniúla leordhóthanacha, go háirithe an t-aitheantóir sprice, lena áirithiú gur féidir an OIE a fhorghníomhú.
4. Cuirfidh an t-údarás eisiúna in iúl san OIE na cúiseanna a measann sé go bhfuil an beart imscrúdaitheach ábhartha chun críoch na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann.
5. I dteannta na bhforas le neamhaitheantas nó le neamh-fhorghníomhú dá dtagraítear in Airteagal 11, féadfar forghníomhú OIE dá dtagraítear i mír 1 a dhiúltú freisin i gcás nach n-údarófaí an beart imscrúdaitheach i gcás intíre comhchosúil. Féadfaidh an Stát forghníomhaitheach a thoiliú a chur faoi réir aon choinníll a urramófaí i gcás intíre comhchosúil.
6. Féadfar OIE dá dtagraítear i mír 1 a fhorghníomhú tríd an méid seo a leanas:
 - (a) teileachumarsáid a tharchur chuig an Stát eisiúna láithreach; nó
 - (b) toradh an idircheaptha teileachumarsáide a idircheapadh, a thaifeadadh agus a tharchur chuig an Stát eisiúna ina dhiaidh sin.

Rachaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cibé acu an ndéantar an t-idircheapadh i gcomhréir le pointe (a) nó (b).

↓ nua

7. I gcás inar faide an tréimhse a n-iarrtar idircheapadh teileachumarsáide sa Stát forghníomhaitheach ná an tréimhse ar ordaíodh bearta imscrúdaitheacha den sórt sin lena linn, nó ina bhféadfar iad a dhéanamh, i gcomhréir le dlí an Stáit

fhorghníomhaithigh, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas gan mhoill agus cuirfidh sé féidearthachtaí in iúl, más ann dóibh, chun síneadh a chur leis an tréimhse sin. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an údarás eisiúna síneadh a chur le hidircheapadh teileachumarsáide sa Stát forghníomhaitheach thar an fad tréimhse a léirítear san OIE tosaigh, ní mór OIE nua a eisiúint.

↓ 2014/41/AE

8. ~~7.~~ Agus OIE dá dtagraítear i mír 1 á eisiúint nó le linn an idircheaptha, féadfaidh an t-údarás eisiúna tras-scríobh, díchódú nó díchriptiú an taifid a iarraidh chomh maith, i gcás ina bhfuil cúis ar leith ann amhlaidh a dhéanamh, faoi réir chomhaontú an údaráis fhorghníomhaithigh.
9. ~~8.~~ Íocfar na costais a thagann as cur i bhfeidhm an Airteagail seo i gcomhréir le hAirteagal ~~5421~~, seachas na costais a eascraíonn as tras-scríobh, díchódú agus díchriptiú na gcumarsáidí idircheaptha, a íocfaidh an Stát eisiúna.

CAIBIDIL VI

BEARTA SEALADACHA

Airteagal 32

Bearta sealadacha

1. Féadfaidh an t-údarás eisiúna OIE a eisiúint chun aon bheart a dhéanamh d'fhonn cosc a chur go sealadach ar réad a dhíothú, a chlaohlú, a bhaint, a aistriú nó a dhiúscairt a fhéadfar a úsáid mar fhianaise.
2. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh maidir leis an mbeart sealadach agus cuirfidh sé an cinneadh in iúl a luaithe is féidir agus, i gcás inar praiticiúil é, laistigh de 24 uair an chloig tar éis dó an OIE a fháil.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

3. I gcás ina n-iarrrfar beart sealadach dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an t-údarás eisiúna in iúl san OIE an bhfuil an fhianaise le haistriú chuig an Stát eisiúna nó an bhfuil sí le fanacht sa Stát forghníomhaitheach. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an OIE a aithint agus a fhorghníomhú agus an fhianaise a aistriú i gcomhréir leis na nósanna imeachta ☒ is infheidhme ☒ a leagtar síos sa Treoir seo.
4. I gcás go mbeidh, i gcomhréir le mír 3, treoir ag gabháil le OIE go bhfuil an fhianaise le fanacht sa Stát forghníomhaitheach, cuirfidh an t-údarás eisiúna in iúl san OIE an dáta a chuirfear deireadh leis an mbeart sealadach dá dtagraítear i mír 1 nó an dáta measta leis an iarraidh a chur isteach ar an bhfianaise a aistriú chuig an Stát eisiúna.
5. Tar éis don údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna, féadfaidh sé, i gcomhréir lena dhlí agus lena chleachtas náisiúnta, coinníollacha iomchuí a leagan síos i bhfianaise imthosca an cháis chun an tréimhse ina bhfuil an beart sealadach dá dtagraítear i mír 1 le coinneáil ar bun a theorannú. ☒ I gcás ina ☒ ~~Más rud é go~~ mbeartóidh an t-údarás forghníomhaitheach deireadh a chur

leis an mbeart sealadach, i gcomhréir leis na coinníollacha sin, féadfaidh sé an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas faoi sin, agus tabharfar an deis dó a bharúlacha a chur isteach. Tabharfaidh an t-údarás eisiúna fógra don údarás forghníomhaitheach láithreach gur cuireadh deireadh leis an mbeart sealadach dá dtagraítear i mír 1.

☒ CAIBIDIL VII ☒

☒ FÓGRAÍ MAIDIR LE BEARTA IMSCRÚDAITHEACHA TRASTEORANN A DHÉANTAR GAN CÚNAMH TEICNIÚIL Ó BHALSTÁT EILE ☒

Airteagal 3331

Fógra a thabhairt don Bhallstát ina bhfuil an duine is ábhar don idircheapadh lonnaithe nach bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil

1. I gcás ina n-údaróidh údarás inniúil ~~Ballstát amháin (an ‘Ballstát~~ ⇒ an Bhallstáit imscrúdúcháin ⇐ ~~idircheaptha~~) teileachumarsáid a idircheapadh, chun beart imscrúdaitheach a dhéanamh ⇒ in imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (a), agus, i gcás ina mbaineann sé le himeachtaí den sórt sin, na himeachtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (d), ⇐ agus go mbeidh seoladh cumarsáide an duine is ábhar don idircheapadh a shonraítear san ordú idircheaptha á úsáid ar chríoch Ballstáit eile (~~an ‘Ballstát dá dtugtar fógra~~) nach bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil chun an t-idircheapadh a dhéanamh, tabharfaidh an Ballstát ⇒ imscrúdúcháin ⇐ ~~idircheaptha~~ fógra d’údarás inniúil an Bhallstáit ☒ eile sin ☒ ~~dá dtugtar fógra~~ faoin idircheapadh:
 - (a) roimh an idircheapadh i gcásanna ina mbeidh údarás inniúil an Bhallstáit ⇒ imscrúdúcháin ⇐ ~~idircheaptha~~ ar an eolas, tráth a dhéanfar an t-idircheapadh a ordú, go bhfuil nó go mbeidh an duine is ábhar don idircheapadh ar chríoch an Bhallstáit dá dtugtar fógra;
 - (b) le linn an idircheaptha nó tar éis an t-idircheapadh a bheith déanta, láithreach tar éis dó a fháil amach go bhfuil nó go raibh an duine is ábhar don idircheapadh ar chríoch an Bhallstáit dá dtugtar fógra le linn an idircheaptha.
2. Tabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III ~~E~~ a úsáid. ⇒ Aistrefar é go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit dá dtugtar fógra nó go haon teanga eile a nglacann an Ballstát dá dtugtar fógra léi i gcomhréir le hAirteagal 6(2). ⇐

↓ nua

3. I gcás nach mbeidh aon inniúlacht ag an údarás sa Bhallstát dá dtugtar fógra a fhaigheann an fógra dá dtagraítear i mír 1 chun gníomhú, déanfaidh sé, gan moill mhíchúil agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis fógra a fháil, é a tharchur chuig údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra agus, ar an gcaoi sin, údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin a chur ar an eolas.

4. ~~3.~~ Féadfaidh údarás inniúil ~~na n-Bhallstát an Bhallstáit~~ dá dtugtar fógra, i gcás nach n-údarófaí an t-idircheapadh i gcás intíre comhchosúil, fógra a thabhairt, gan mhoill agus laistigh de 96 uair a chloig ar a dhéanaí tar éis dó an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil, d'údarás inniúil an Bhallstáit ⇒ imscrúdúcháin ⇐ idircheaptha:

- (a) nach bhféadfaidh an t-idircheapadh a dhéanamh nó go bhfoirceannfar é; agus
- (b) i gcás inar gá, nach bhféadfar úsáid a bhaint as aon ábhar atá idircheaptha cheana féin fad a bhí an duine is ábhar don idircheapadh ar a chríoch ⇒ agus nach mór é a scriosadh ⇐, nó nach bhféadfar é a úsáid ach faoi choinníollacha a shonróidh sé, ⇒ lena n-áirítear coinníollacha a chuirtear in iúl de bhun Airteagal 21 ⇐. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra údarás inniúil an Bhallstáit ⇒ imscrúdúcháin ⇐ idircheaptha ar an eolas faoi na cúiseanna a thugann údar leis na coinníollacha sin.

- ~~4. Beidh Airteagal 5(2) infheidhme *mutatis mutandis* maidir leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 2.~~

5. Arna iarraidh sin d'údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin aon fhaisnéis bhreise is gá ar fáil don Bhallstát dá dtugtar fógra chun a mheasúnú an bhféadfaí an t-idircheapadh a údarú i gcás intíre comhchosúil.
6. I gcás nach féidir na nósanna imeachta inmheánacha a cheanglaítear faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit dá dtugtar fógra a chur i gcrích laistigh den tréimhse 96 uair an chloig, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin ar an eolas gan mhoill, agus tabharfaidh sé cúiseanna leis sin, agus féadfaidh sé síneadh breise nach faide ná 96 uair an chloig a chur leis an tréimhse sin.
7. I gcás nach ndéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra aon agóid laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 4 agus gan dochar do mhír 6, féadfaidh an Ballstát imscrúdúcháin leanúint den idircheapadh ar chríoch an Bhallstáit dá dtugtar fógra ar feadh na tréimhse a chuirtear in iúl san fhógra dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina mbeidh sé beartaithe ag údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin síneadh a chur leis an idircheapadh thar an tréimhse a chuirtear in iúl sa chéad fhógra, ní mór fógra nua a thabhairt.

Airteagal 34

Fógra a thabhairt don Bhallstát faoi úsáid gairis taifeadta theicniúil ar a chríoch nach bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil

1. I gcás, chun beart imscrúdaitheach a chur i gcrích in imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a), agus, a mhéid a bhaineann siad leis na himeachtaí sin, iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (d), ina bhfuil úsáid gairis theicniúil lenar féidir suíomh, sonraí fuaime nó sonraí amhairc a bhailiú ('gairias taifeadta teicniúil')

údaraithe ag údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin agus i gcás ina dtéann an fheiste sin isteach i gcríoch Ballstáit eile nach bhfuil cúnamh teicniúil uaidh ag teastáil chun leanúint dá húsáid, tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit eile sin maidir le húsáid gairis taifeadta theicniúil ar a chríoch:

- (a) roimh úsáid den sórt sin i gcásanna ina mbeidh údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin ar an eolas, tráth a dhéanfar úsáid an ghairis taifeadta theicniúil a ordú, go rachaidh sé isteach ar chríoch an Bhallstáit dá dtugtar fógra; nó
 - (b) le linn na húsáide sin nó ina diaidh, a luaithe a fhaigheann sé amach go bhfuil nó go mbeidh an gaireas taifeadta teicniúil ar chríoch an Bhallstáit dá dtugtar fógra.
2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 2, 3, 4, 5, 6 agus 7 d'Airteagal 33 maidir leis na fógraí a dhéanfar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

CAIBIDIL VIII

IARRATAÍ AR THOILIÚ CHUN FAISNÉIS A MALARTAÍODH ROIMHE SEO A ÚSÁID MAR FHIANAISE

Airteagal 35

Iarraidh ar thoiliú chun faisnéis a malartaíodh roimhe seo a úsáid mar fhianaise

1. Féadfaidh údarás déanta na hiarrata toiliú údarás faighte na hiarrata a iarraidh, i gcás ina gceanglaítear é sin faoina dhlí náisiúnta nó faoi na coinníollacha a ghabhann le tarchur bunaidh na faisnéise, chun faisnéis a úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla, ar faisnéis í a sholáthair údaráis inniúla Ballstáit amháin ('Stát déanta na hiarrata') roimhe sin d'údaráis inniúla Ballstáit eile ('Stát faighte na hiarrata'):
 - (a) i gcomhréir le Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸⁰;
 - (b) trí mhalartú faisnéise spontáineach idir údaráis bhreithiúnacha de bhun Airteagal 7 den Choinbhinsiún.
2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'údarás déanta na hiarrata' an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (c), atá inniúil ar iarraidh ar thoiliú a eisiúint, agus ciallaíonn 'údarás faighte na hiarrata' an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (d), atá inniúil ar fhreagra a thabhairt ar iarraidh den sórt sin.
3. Ní fhéadfar an iarraidh ar thoiliú a dhéanamh ach amháin i gcás ina mbeidh úsáid na faisnéise mar fhianaise riachtanach agus comhréireach chun críocha na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann agus ina mbeadh iarraidh den sórt sin incheadaithe faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre comhchosúil i Stát déanta na hiarrata.
4. Is é údarás déanta na hiarrata a dhéanfaidh an iarraidh ar thoiliú san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a líonadh isteach, a shíniú agus a hinneachar a dheimhniú

⁸⁰ Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle (IO L 134, 22.5.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/977/oj>).

a bheith cruinn agus ceart. Beidh an fhaisnéis is gá inti chun a chur ar chumas d'údarás faighte na hiarrata a chinneadh an bhféadfar toiliú a dheonú. Aistreofar í go teanga oifigiúil de chuid Stát faighte na hiarrata nó go haon teanga eile a nglacann an Stát sin léi i gcomhréir le hAirteagal 6(2).

5. Déanfaidh údarás faighte na hiarrata cinneadh faoin iarraidh a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis dó í a fháil. I gcás nach mbeidh sé praiticiúil an teorainn ama sin a chomhlíonadh, cuirfidh údarás faighte na hiarrata údarás déanta na hiarrata ar an eolas gan mhoill, agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis sin, agus féadfaidh sé síneadh suas le 10 lá a chur leis an teorainn ama.
6. Deonóidh údarás faighte na hiarrata toiliú, i gcás inarb iomchuí faoi réir coinníollacha, murab ann do cheann amháin de na forais seo a leanas le diúltú nó le cur siar:
 - (a) nach mbeadh úsáid na faisnéise mar fhianaise inghlactha faoi dhlí Stát faighte na hiarrata in imeachtaí den chineál céanna leo siúd a n-iarrtar toiliú ina leith;
 - (b) go bhfuil foras réasúnach ann chun a chreidiúint go ndéanfaidh toiliú a dheonú dochar d'imeachtaí coiriúla atá ar feitheamh i Stát faighte na hiarrata nó go ndéanfaidh sé dochar tromchúiseach do leasanna náisiúnta bunriachtanacha;
 - (c) nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha lena rialaítear úsáid na faisnéise arna soláthar de bhun Threoir (AE) 2023/977, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an fhaisnéis míchruinn, neamhiomlán nó nach bhfuil sí cothrom le dáta a thuilleadh.
7. A luaithe a scoirfidh an foras le cur siar dá dtagraítear i mír 6 de bheith ann, déanfaidh údarás faighte na hiarrata cinneadh dá dtagraítear i mír 5 agus cuirfidh sé údarás déanta na hiarrata ar an eolas faoi sin.
8. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 8 maidir le hiarrataí ar thoiliú faoin Airteagal seo.
9. Áiritheoidh na Ballstáit gurb infheidhme leigheasanna dlí atá coibhéiseach leis na leigheasanna sin atá ar fáil i gcás intíre comhchosúil i leith iarrataí ar thoiliú agus cinntí maidir le hiarrataí den sórt sin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 2, 3, 4, 5, 6 agus 7 d'Airteagal 17 maidir le hiarrataí agus cinntí den sórt sin.

TEIDEAL III

ORDÚ EORPACH UM CHIAN-RANNPHÁIRTÍOCHT

CAIBIDIL I – AN tORDÚ EORPACH UM CHIAN-RANNPHÁIRTÍOCHT

Airteagal 36

OCRP-AE agus an oibleagáid chun é a fhorghníomhú

1. Is éard atá in OCPR-AE cinneadh breithiúnach a eisíonn údarás breithiúnach de chuid Ballstáit chun gur féidir le duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe, nó íospartach coireachta, a bhfuil stádas páirtí in imeachtaí coiriúla aige, a bheith

rannpháirteach in éisteacht chúirte amháin nó níos mó in imeachtaí coiriúla go cianda trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile ó Bhallstát eile.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an creat dlíthiúil agus nós imeachta is gá i bhfeidhm chun go mbeidh a n-údarás eisiúna in ann OCPR-AE a eisiúint i gcomhréir leis an Teideal seo.
3. Déanfaidh na Ballstáit OCPR-AE a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir leis an Teideal seo agus le Teidil I, IV agus V.
4. Cumhdófar le OCPR-AE cian-rannpháirtíocht in aon éisteacht os comhair cúirt a bhfuil dlínse aici in ábhair choiriúla ag gach céim de na himeachtaí coiriúla, ó thús na n-imscrúduithe go dtí go dtabharfar na himeachtaí chun críche, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, pianbhreith a ghearradh agus aon achomharc a réiteach.

CAIBIDIL II

NÓSANA IMEACHTA AGUS COIMIRCÍ DON STÁT EISIÚNA

Airteagal 37

Coinníollacha chun OCPR-AE a eisiúint agus a tharchur

1. Féadfaidh an t-údarás eisiúna OCPR-AE a eisiúint i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) go bhfuil nó go mbeidh cónaí ar dhuine atá faoi dhrochamhras, ar dhuine atá cúisithe, nó ar íospartach coireachta sa Stát forghníomhaitheach, nó go bhfuil sé nó go mbeidh sé ag fanacht go sealadach sa Stát sin ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo a chuireann bac nó bac ar shlí eile ar a láithreacht sa Stát eisiúna, tráth na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann, nó go bhfuil sé faoi choinneáil sa Stát forghníomhaitheach i ndáil le himeachtaí eile ina choinne;
 - (b) go measann an t-údarás eisiúna gurb iomchuí an OCPR-AE a eisiúint agus go bhfuil sé comhréireach in imthosca sonracha an cháis rannpháirtíocht an duine lena mbaineann in éisteacht nó éisteachtaí cúirte in imeachtaí coiriúla sa Stát eisiúna a éascú, agus cearta an duine lena mbaineann á gcur san áireamh;
 - (c) gur thug an duine lena mbaineann a thoiliú a bheith rannpháirteach san éisteacht nó sna héisteachtaí go cianda, i gcomhréir le hAirteagal 38.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás eisiúna OCPR-AE a eisiúint i gcás ina mbeidh gá leis sin, go heisceachtúil, chun riar éifeachtúil cuí an cheartais a áirithiú sula bhfaighidh sé toiliú an duine lena mbaineann de bhun mhír 1(c). Cuirfidh an t-údarás eisiúna an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas dá réir sin agus iarrfaidh sé cúnamh uaidh toiliú an duine lena mbaineann a lorg, agus úsáid á baint as an roinn ábhartha den fhoirm in Iarscríbhinn VIII. I gcásanna den sórt sin, fionnfaidh an t-údarás forghníomhaitheach toiliú an duine lena mbaineann sula ndéanfar aon chinneadh maidir le haitheantas agus forghníomhú OCPR-AE i gcomhréir le hAirteagal 41 nó le hAirteagal 43.
3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás eisiúna OCPR-AE a eisiúint gan toiliú an duine lena mbaineann a fháil de bhun mhír 1, pointe (c), in imthosca eisceachtúla, i gcás ina mbeidh a rannpháirtíocht san éisteacht nó sna héisteachtaí ar an láthair ina

bagairt thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí nó ar an tsláinte phoiblí a léirítear a bheith fíor agus ann nó intuatha, agus go mbeadh sé contrártha do riar éifeachtúil cuí an cheartais an éisteacht nó na héisteachtaí a chur siar nó na himeachtaí a chur ar fionraí, ar choinníoll go n-urramófar cearta cosanta an duine lena mbaineann agus cothroime na n-imeachtaí.

Ní bheidh feidhm ag an maolú sin nuair is duine leochaileach nó leanbh é an duine lena mbaineann agus nuair nach bhfuil reáchtáil na héisteachta nó na n-éisteachtaí go cianda comhoiriúnach lena riachtanais shonracha agus lena leasanna sonracha.

4. Féadfaidh duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach coireachta a chomhlíonann an coinníoll faoi mhír (1), pointe (a), a iarraidh go n-eiseofar OCPR-AE os comhair an údaráis eisiúna, i gcomhréir le nósanna imeachta faoi dhlí an Stáit eisiúna. Cuirfear iarrataí den sórt sin faoi bhráid an údaráis eisiúna in am trátha roimh an éisteacht nó na héisteachtaí lena mbaineann agus scrúdóidh an t-údarás sin iad i bhfianaise mhír 1. Cuirfidh an t-údarás eisiúna cinneadh réasúnaithe ar fáil maidir leis an iarraidh laistigh de thréimhse réasúnach ama.
5. I gcás ina mbaineann OCPR-AE le leanbh atá faoi dhrochamhras, atá cúisithe nó atá ina íospartach coireachta, áiritheoidh an t-údarás eisiúna go dtabharfar tús áite i gcónaí dá leasanna agus an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm.

Airteagal 38

An nós imeachta chun toiliú a fháil

1. I gcás ina seirbheáilfear an toghairm chun freastal ar éisteacht/éisteachtaí ar an duine lena mbaineann, déanfaidh an t-údarás eisiúna an méid seo a leanas freisin, de réir mar is iomchuí:
 - (a) toiliú a lorg chun páirt a ghlacadh go cianda in éisteacht amháin nó níos mó trí fhíschomhdháil nó trí theicneolaíocht chianchumarsáide eile i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 37(1), pointe (a) agus (b); nó
 - (b) an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht agus faoi na coinníollacha faoinar féidir leis, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le hAirteagal 37(4), iarraidh a chur isteach ar chian-rannpháirtíocht in éisteacht amháin nó níos mó.
2. Sula dtabharfaidh sé a thoiliú, cuirfidh údaráis inniúla an Stáit eisiúna an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an t-íospartach coireachta ar an eolas ó bhéal nó i scríbhinn, i dteanga a thuigeann sé, faoin méid seo a leanas ar a laghad:
 - (a) an fhéidearthacht comhairle dlíodóra a lorg sa Stát eisiúna i gcomhréir le Treoir 2013/48/AE do dhuine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe, agus le Treoir 2012/29/AE agus leis an dlí náisiúnta d'íospartaigh choireachta;
 - (b) a cheart go gcuirfí ateangaireacht ar fáil dó os comhair na n-údarás inniúil agus an ceart go gcuirfí aistriúchán i scríbhinn ar fáil dó i gcomhréir le Treoir 2010/64/AE nó Treoir 2012/29/AE, de réir mar is iomchuí;
 - (c) an nós imeachta chun OCPR-AE a fhorghníomhú, chomh maith leis na cearta sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an duine lena mbaineann le linn nós imeachta den sórt sin.

3. I gcásanna dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), i gcás inar leanbh é an duine lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 3, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/800, tabharfaidh dlíodóir cúnamh don leanbh sin sula dtabharfaidh sé a thoiliú. I gcás inar leanbh é an duine lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2, pointe 1(c), de Threoir 2012/29/AE, agus go gcuirtear cosc ar shealbhóirí na freagrachta tuismitheora ionadaíocht a dhéanamh ar an íospartach linbh mar thoradh ar choinbhleacht leasa idir iad agus an t-íospartach linbh, nó go bhfuil an t-íospartach linbh neamhthionlactha nó scartha ón teaghlach, tabharfaidh ionadaí speisialta nó dlíodóir cúnamh don leanbh sula dtabharfaidh sé a thoiliú.
4. I gcás inar leanbh é an duine lena mbaineann, déanfaidh údaráis inniúla an Stáit eisiúna an fhaisnéis a bhfuil sé de cheart ag an leanbh a fháil i gcomhréir leis an Airteagal seo a sholáthar, a luaithe is féidir, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis na forálacha sin, do shealbhóirí na freagrachta tuismitheora, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Threoir (AE) 2016/800 nó, dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Threoir 2012/29/AE, duine fásta iomchuí eile nó ionadaí dlíthiúil iomchuí eile, dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2016/800 nó in Airteagal 24(1), pointí (b) agus (c), de Threoir 2012/29/AE.
5. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 i dteanga shimplí inrochtana, agus aon riachtanas ar leith a bheadh ag daoine leochaileacha á gcur san áireamh.
6. Tabharfar toiliú go deonach agus go haonchiallach páirt a ghlacadh go cianda in éisteacht nó éisteachtaí. Déanfar an toiliú a thaifeadadh i dteannta na gcúinsí faoinar tugadh é, i gcomhréir leis an nós imeachta taifeadta a cheanglaítear le dlí an Stáit eisiúna.
7. Is le dlí an Stáit eisiúna a rialófar na teorainneacha ama chun toiliú a chur in iúl nó chun iarraidh ar chian-rannpháirtíocht a chur isteach in éisteacht amháin nó níos mó.
8. I gcásanna ina bhfuil an duine lena mbaineann i láthair sa Stát forghníomhaitheach tráth na toghairme, iarrfaidh an t-údarás eisiúna cúnamh ar na húdaráis inniúla sa Stát forghníomhaitheach chun an toghairm dá dtagraítear i mír 1 a sheirbheáil agus faisnéis a sholáthar don duine lena mbaineann i gcomhréir leis an airteagal seo, chomh maith le haon fhoirmiúlacht agus nós imeachta atá le comhlíonadh a chur in iúl. Má iarrfar toiliú ón duine lena mbaineann chun páirt a ghlacadh go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí, cuirfidh na húdaráis inniúla sa Stát forghníomhaitheach in iúl don údarás eisiúna an bhfuarthas an toiliú agus tarchuirfidh siad na taifid ábhartha uile chuig an údarás eisiúna. I gcás nárbh fhéidir toiliú a fháil nó nárbh fhéidir teacht ar an duine lena mbaineann, cuirfidh údaráis inniúla an Stáit forghníomhaithigh an t-údarás eisiúna ar an eolas dá réir sin.
9. I gcás inar eisigh an t-údarás eisiúna OCRP-AE de bhun an mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 37(2) ar an gceanglas toiliú a fháil ón duine lena mbaineann le cian-rannpháirtíocht san éisteacht nó sna héisteachtaí sula n-eiseofar an OCRP-AE, lorgóidh an t-údarás forghníomhaitheach toiliú an duine lena mbaineann le bheith rannpháirteach go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE i gcomhréir le ceanglais an airteagail seo, agus aon fhoirmiúlacht agus nós imeachta arna gcur in iúl ag an údarás eisiúna á gcomhlíonadh, sula ndéanfaidh sé cinneadh maidir le haitheantas agus forghníomhú an OCRP-AE.

Airteagal 39

Inneachar agus foirm an OCRP-AE

1. Is é an t-údarás eisiúna a dhéanfaidh an OCRP-AE san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a líonadh isteach, a shíniú agus a hinneachar a dheimhniú a bheith cruinn agus ceart.
2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, go háirithe, san OCRP-AE:
 - (a) sonraí faoin údarás eisiúna agus, i gcás inarb infheidhme, faoin údarás bailíochtúcháin;
 - (b) céannacht an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an íospartaigh coireachta lena mbaineann an OCRP-AE, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha is eol don údarás eisiúna maidir le leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an duine sin;
 - (c) céannacht agus sonraí teagmhála an dlíodóra arna shainordú ag an duine lena mbaineann nó arna cheapadh ag an Stát eisiúna chun críche na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE;
 - (d) tuairisc ar an ngníomh coiriúil, atá ina ábhar don imscrúdú nó do na himeachtaí, agus na forálacha is infheidhme de dhlí coiriúil an Stáit eisiúna;
 - (e) tuairisc ar an gcéim de na himeachtaí agus ar chineál, líon agus amchlár tascach na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE;
 - (f) na cúiseanna a bhfuil cian-rannpháirtíocht san éisteacht shonrach nó sna héisteachtaí sonracha iomchuí i bhfianaise na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 37(1);
 - (g) faisnéis i dtaobh ar iarr an duine lena mbaineann nó ar thoiligh an duine lena mbaineann páirt a ghlacadh go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí, cur i bhfeidhm Airteagal 37(2) agus aon fhoirmiúlacht agus nós imeachta atá le comhlíonadh agus toiliú an duine lena mbaineann á lorg nó, i gcás inarb ábhartha, cur i bhfeidhm Airteagal 37(3);
 - (h) na socruithe praiticiúla atá beartaithe chun an OCRP-AE a fhorghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 42, lena n-áirítear aon bheart is gá chun freastal ar aon leochaileacht de chuid an duine lena mbaineann;
 - (i) aon fhoirmiúlacht agus nós imeachta a cheanglaítear go sainráite le dlí an Stáit eisiúna chun an OCRP-AE a fhorghníomhú.
3. Tabharfaidh gach Ballstát le fios an teanga nó na teangacha, as teangacha oifigiúla institiúidí an Aontais, agus sa bhreis ar theanga oifigiúil nó ar theangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann, a fhéadfadh a úsáid chun an OCRP-AE a líonadh isteach nó a aistriú nuair is é an Ballstát lena mbaineann an Stát forghníomhaitheach.
4. Déanfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna an OCRP-AE a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Stáit forghníomhaigh nó go haon teanga eile a bheidh tugtha le fios ag an Stát forghníomhaitheach i gcomhréir le mír 3.

Airteagal 40

Tarchur an OCRP-AE

1. Déanfar an OCRP-AE arna líonadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 39 a tharchur ón údarás eisiúna chuig an údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, le rannpháirtíocht ón údarás lárnach dá dtagraítear in Airteagal 52, tríd an gcóras TF díláraithe.

2. Beidh aon fhaisnéis agus doiciméad ábhartha breise ag gabháil leis an OCRP-AE, lena n-áirítear taifid ábhartha an toilithe a fuarthas.
3. Murab eol céannacht an údaráis fhorghníomhaigh, is é an t-údarás eisiúna a dhéanfaidh gach fiosrúchán is gá, lena n-áirítear trí phointí teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh, chun an fhaisnéis a fháil ón Stát forghníomhaitheach.
4. I gcás nach mbeidh inniúlacht ag an údarás sa Stát forghníomhaitheach a fhaigheann an OCRP-AE ar an OCRP-AE a aithint nó na bearta is ga a dhéanamh chun é a fhorghníomhú, déanfaidh an t-údarás sin, *ex officio*, an OCRP-AE a tharchur chuig an údarás forghníomhaitheach agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas dá réir.

CAIBIDIL III

NÓSANNA IMEACHTA AGUS COIMIRCI DON STÁT FORGHNÍOMHAITHEACH

Airteagal 41

Aitheantas agus forghníomhú

1. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach aitheantas do OCRP-AE, arna tharchur i gcomhréir leis an Treoir seo, gan gá le haon fhoirmiúlacht sa bhreis, agus áiritheoidh sé a fhorghníomhú i gcomhréir leis na módúlachtaí arna gcomhaontú leis an údarás eisiúna mura gcinnfidh an t-údarás forghníomhaitheach ceann amháin de na forais le neamhaitheantas nó le neamh-fhorghníomhú dá bhforáiltear sa Treoir seo a agairt.
2. Comhlíonfaidh an t-údarás forghníomhaitheach na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta atá léirithe go sainráite ag an údarás eisiúna mura bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo agus ar choinníoll nach mbeidh na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dlí an Stáit fhorghníomhaigh.
3. Déanfar an éisteacht nó na héisteachtaí go díreach ag an údarás eisiúna, nó faoina threoir, agus rialófar í nó iad le dlí an Stáit eisiúna. Déanfar bearta arna nglacadh ag an údarás forghníomhaitheach chun an OCRP-AE a fhorghníomhú a rialú le dlí an Stáit fhorghníomhaigh, cé is moite d'fhoirmiúlachtaí agus nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 2 arna bhforchur ag an údarás eisiúna i gcomhréir le dlí an Stáit eisiúna.

Airteagal 42

Ceanglais agus socruithe praiticiúla chun OCRP-AE a fhorghníomhú

1. Tiocfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla chun an OCRP-AE a fhorghníomhú, lena n-áirítear amchlár na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann. Agus na socruithe sin á gcomhaontú ag an údarás forghníomhaitheach, gabhfaidh sé an méid seo a leanas air féin:
 - (a) an duine atá faoi dhrochamhras, an duine atá cúisithe nó an t-íospartach coireachta lena mbaineann a thoghairm chun bheith i láthair ag an éisteacht chianda nó na héisteachtaí cianda i gcomhréir le dlí an Stáit fhorghníomhaigh agus leis na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta a cheanglaíonn an t-údarás eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 41(2) agus, mura gcomhaontófar a mhalairt idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás

forghníomhaitheach, an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoina chearta faoi dhlí an Stáit eisiúna, in am trátha ionas go mbeidh sé in ann a chearta a fheidhmiú go héifeachtach;

(b) céannacht an duine lena mbaineann a fhíorú.

2. Áiritheoidh an t-údarás eisiúna go ndéanfaidh dlíodóir sainordaithe sa Bhallstát eisiúna ionadaíocht ar an duine lena mbaineann, i gcás inar duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe é, agus beidh an dlíodóir sin i láthair go fisiciúil sa seomra cúirte le linn na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag a n-údaráis inniúla ar na modhanna teicniúla uile is gá chun OCRP-AE a fhorghníomhú. Áireofar air sin an inniúlacht an méid seo a leanas a sholáthar:
 - (a) bealach slán, rúnda agus éifeachtach do na daoine lena mbaineann chun cumarsáid a dhéanamh lena ndlíodóir sa Stát eisiúna lenar féidir feidhmiú éifeachtach an chirt rochtain ar dhlíodóir dá bhforáiltear i dTreoracha 2013/48/AE agus (AE) 2016/800;
 - (b) an bonneagar is gá chun inrochtaineacht físchomhdhála nó teicneolaíochta ciancumarsáide eile a áirithiú do dhaoine leochaileacha.
4. Beidh údarás inniúil de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh i láthair le linn na héisteachta nó na n-éisteachtaí, tabharfaidh ateangaire cúnamh dó i gcás inar gá, agus beidh sé freagrach chomh maith as aitheantas an duine lena mbaineann a fhíorú agus as feidhmiú cuí an bhonneagair theicniúil ábhartha.
5. Tiocfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach ar chomhaontú, i gcás inar gá, maidir leis na bearta is gá chun freastal ar aon riachtanas speisialta bheadh ag an duine lena mbaineann. I gcás ina bhfaighidh an t-údarás forghníomhaitheach amach faoi leochaileachtaí an duine lena mbaineann nár tugadh faoi deara san OCRP-AE, cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas dá réir sin agus gan moill mhíchuí, ionas gur féidir bearta a chomhaontú chun freastal ar aon riachtanas speisialta atá nasctha leis sin.
6. Arna iarraidh sin don Stát eisiúna nó don duine lena mbaineann, áiritheoidh an Stát forghníomhaitheach go dtabharfaidh ateangaire cúnamh don duine, i gcás inar gá.
7. I gcás inar íospartach coireachta an duine lena mbaineann, áiritheoidh an t-údarás forghníomhaitheach go bhfaighidh an t-íospartach sin tacaíocht mhothúchánach le linn na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE i gcomhréir le riachtanais aonair na n-íospartach.
8. Cuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas roimh an éisteacht nó na héisteachtaí maidir leis na cearta nós imeachta a d'fhabhródh chuige faoi dhlí an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaithigh faoi seach, ó bhéal nó i scríbhinn, i dteanga shimplí inrochtana, agus aon leochaileacht ar leith a d'fhéadfadh a bheith aige á cur san áireamh.
9. Gan difear a dhéanamh d'aon bheart arna chomhaontú chun daoine a chosaint, déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach, ar thabhairt chun críche na héisteachta, miontuairiscí a tharraingt suas ina gcuirfear in iúl dáta agus ionad na héisteachta nó na n-éisteachtaí, céannacht an duine lena mbaineann, céannacht agus feidhmeanna gach duine eile sa Stát forghníomhaitheach a bhí rannpháirteach san éisteacht nó sna héisteachtaí, aon mhionn a tugadh agus na coinníollacha teicniúla faoinar réachtáladh

an éisteacht. Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an doiciméad ar aghaidh chuig an údarás eisiúna.

Airteagal 43

Foras le haghaidh neamhaitheantais nó neamh-fhorghníomhú

1. Gan dochar d’Airteagal 1(2), diúltófar aitheantas agus forghníomhú OCRP-AE sa Stát forghníomhaitheach más rud é:
 - (a) go mbaineann an OCRP-AE le duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe agus go mbaineann sé le héisteacht nó éisteachtaí i ndáil le cion a chumhdaítear le maithiúnas sa Stát forghníomhaitheach agus, i gcás ina raibh dlínse ag an Stát sin an cion a ionchúiseamh faoina dhlí coiriúil féin;
 - (b) go mbeadh forghníomhú an OCRP-AE contrártha don phrionsabal *ne bis in idem*;
 - (c) nach bhféadfar freagracht choiriúil a chur ar an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe lena mbaineann an OCRP-AE, mar gheall ar a aois, faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, as na gníomhartha lena mbaineann an OCRP-AE.
2. Gan dochar d’Airteagal 1(2), féadfar aitheantas nó forghníomhú OCRP-AE a dhiúltú sa Stát forghníomhaitheach más rud é:
 - (a) go mbeidh díolúine nó pribhléid ann faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh, rud a fhágfaidh nach féidir an OCRP-AE a fhorghníomhú nó go mbeidh rialacha ann maidir le cinneadh agus teorannú dliteanais choiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa agus le saoirse cainte i meáin eile, rud a fhágfaidh nach féidir an OCRP-AE a fhorghníomhú, i gcás ina mbaineann an OCRP-AE le duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe;
 - (b) go mbaineann an OCRP-AE le duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe agus go mbaineann sé le héisteacht nó le héisteachtaí i ndáil le hiompar a thagann faoi dhlínse an Stáit fhorghníomhaithigh faoina dhlí coiriúil féin agus le hionchúiseamh coiriúil nó pionósú an duine lena mbaineann, má tá duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe faoi urchosc reachta de réir dhlí an Stáit sin;
 - (c) go mbaineann an OCRP-AE le duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe agus go mbaineann sé le héisteacht nó éisteachtaí i ndáil le cion coiriúil a líomhnaítear a rinneadh:
 - (i) lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus go hiomlán nó go páirteach ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, agus nach cion sa Stát forghníomhaitheach é an t-iompar atá i gceist; nó
 - (ii) lasmuigh de chríoch an Stáit eisiúna agus nach gceadaíonn dlí an Stáit fhorghníomhaithigh ionchúiseamh i leith na gcionta céanna nuair a rinneadh lasmuigh dá chríoch iad;
 - (d) in imthosca eisceachtúla, go bhfuil foras substaintiúil le creidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú soiléir ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt, go háirithe an

ceart chun triail chóir a fháil nó an ceart cosanta, mar thoradh ar fhorghníomhú an OCRP-AE, in imthosca sonracha an cháis;

- (e) go mbaineann an OCRP-AE le duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe agus go mbaineann sé le héisteacht nó le héisteachtaí i ndáil le hiompar nach cion faoi dhlí an Stáit fhorghníomhaithigh é, mura mbainfidh sé le cion a liostaítear laistigh de chatagóirí na gcionta a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, mar atá léirithe ag an údarás eisiúna san OCRP-AE, má tá sé inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála ar feadh tréimhse uasta 3 bliana ar a laghad;
- (f) go heisceachtúil, go measann an t-údarás forghníomhaitheach gur léir go gcuirfeadh forghníomhú OCRP-AE sa chás áirithe ualach díréireach ar chóras breithiúnach an Stáit fhorghníomhaithigh;
- (g) go bhfuil an fhoirm in Iarscríbhinn VIII neamhiomlán nó go bhfuil sí mícheart go follasach agus nár líonadh isteach í tar éis an chomhairliúcháin dá dtagraítear i mír 4.

3. I gcás ina mbainfidh an OCRP-AE le héisteacht nó le héisteachtaí i ndáil le cion i dtaca le cánacha nó dleachtanna, custam agus malairt, ní dhiúltoídís an t-údarás forghníomhaitheach aitheantas ná forghníomhú ar an bhforas nach bhforchuireann dlí an Stáit fhorghníomhaithigh an cineál céanna cánach nó dleachta nó nach bhfuil sa dlí sin rialachán cánach, dleachta, custaim agus malairte agus ar aon dul le dlí an Stáit eisiúna.
4. Sa chás dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), agus i gcás ina mbeidís an chumhacht ag údarás de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is é an t-údarás forghníomhaitheach a iarrfaidís ar an údarás sin an chumhacht sin a fheidhmiú. I gcás ina mbeidís an chumhacht ag údarás de chuid Stáit eile nó ag eagraíocht idirnáisiúnta an phribhléid nó an díolúine a tharscaoileadh, is faoin údarás eisiúna a bheidís sé a iarraidís ar an údarás lena mbaineann an chumhacht sin a fheidhmiú.
5. In aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, sula ndéanfar cinneadh gan an OCRP-AE a aithint nó a fhorghníomhú, bíodís sin go hiomlán nó go páirteach, rachaidís an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhairle leis an údarás eisiúna ar aon bhealach is iomchuí agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidís sé ar an údarás eisiúna aon fhaisnéis riachtanach bhreise a sholáthar gan mhoill agus laistigh de 7 lá ar a dhéanaí ón dáta a bheidís an iarraidís faighte. I gcás ina gcinnfidís an t-údarás forghníomhaitheach nach féidir OCRP-AE a aithint ach go páirteach, féadfaidís an t-údarás eisiúna a chinneadh an OCRP-AE a tharraingt siar *ex officio* nó arna iarraidís sin don duine lena mbaineann.
6. Más rud é, tar éis toghairm chuí a bheith curtha ar an duine lena mbaineann chun páirt a ghlacadh go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí lena mbaineann, nach dtiocfaidís an duine lena mbaineann i láthair ag an am agus san áit atá curtha in iúl ag an údarás forghníomhaitheach, rialófar iarmhairtí nós imeachta an neamhláithreachta sin le dlí an Stáit eisiúna, mar a bheadís feidhm acu i gcás intíre amháin nach mbeadh an duine ar cuireadh toghairm chun éisteachta air i láthair. Cuirfidís an t-údarás eisiúna an t-údarás forghníomhaitheach ar an eolas, i gcás inar gá, faoi aon bheart nó socrú is gá sna cásanna sin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, athsceidealú na héisteachta nó tarraingt siar an OCRP-AE.

Airteagal 44

Teorainneacha ama d'aitheantas agus d'fhorghníomhú

1. Déanfar an cinneadh maidir le haitheantas agus forghníomhú agus déanfar an OCRP-AE a fhorghníomhú laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear i míreanna 2 go 5.
2. I gcás ina mbeidh sé luaite ag an údarás eisiúna san OCRP-AE, de dheasca spriocdhátaí nós imeachta, thromchúis an chiona nó imthosca fíorphráinneacha eile, go bhfuil gá le sprioc-am níos giorra don chinneadh maidir le haitheantas nó forghníomhú ná na sprioc-amanna dá bhforáiltear san Airteagal seo, nó i gcás ina mbeidh sé luaite ag an údarás eisiúna san OCRP-AE nach mór an éisteach nó na héisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE a reáchtáil ar dháta faoi leith nó faoi dháta faoi leith, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an ceanglas sin maidir le sprioc-am níos giorra i gcuntas a oiread is féidir.
3. Glacfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an cinneadh maidir le haitheantas agus forghníomhú an OCRP-AE a luaithe is féidir agus, gan difear a dhéanamh do mhír 5, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis don údarás forghníomhaitheach inniúil an OCRP-AE a fháil.
4. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach an OCRP-AE a fhorghníomhú i gcomhréir leis na socruithe praiticiúla arna gcomhaontú idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach i gcomhréir le hAirteagal 42.
5. Mura mbeidh sé praiticiúil don údarás forghníomhaitheach i gcás sonrach an teorainn ama a leagtar amach i mír 3 nó an sprioc-am nó dáta sonrach a chuirfidh an t-údarás eisiúna in iúl i gcomhréir le mír 2 a chomhlíonadh, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas faoi sin gan mhoill trí aon mhodh, agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá leis an moill agus an méid ama a mheastar is gá chun an cinneadh a dhéanamh. I gcás den sórt sin, féadfar síneadh 30 lá ar a mhéad a chur leis an teorainn ama 30 lá a síos amach i mír 3.

Airteagal 45

Neamhfhéidearthacht OCRP-AE a fhorghníomhú

1. Féadfaidh údar a bheith le neamh-fhorghníomhú OCRP-AE i gcás nach féidir an toghairm chuig an éisteacht nó na héisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE a sheirbheáil ar an duine lena mbaineann toisc nach féidir leis an údarás forghníomhaitheach é a aimsiú ar chríoch an Stáit fhorghníomhaithigh, d'ainneoin iarrachtaí réasúnta a bheith déanta.
2. Sula ndéanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach cinneadh maidir le dodhéantacht OCRP-AE a fhorghníomhú, rachaidh sé i gcomhairle leis an údarás eisiúna.

Airteagal 46

Oibleagáid an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach a fhaigheann an OCRP-AE admháil a thabhairt á rá go bhfuair sé an OCRP-AE, gan mhoill, agus in aon chás laistigh de sheachtain amháin ón dáta a fhaightear an OCRP-AE.

I gcás ina mbeidh údarás lárnach ainmnithe, beidh feidhm ag an oibleagáid a admháil go bhfuarthas an OCRP-AE maidir leis an údarás lárnach agus leis an údarás forghníomhaitheach a fhaigheann an OCRP-AE ón údarás lárnach.

Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 40(4), tá feidhm ag an oibleagáid a admháil go bhfuarthas an OCRP-AE maidir leis an údarás inniúil a fuair an OCRP-AE i dtosach agus maidir leis an údarás forghníomhaitheach a dtarchuirfear an OCRP-AE chuige ar deireadh araon.

2. Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas láithreach trí mhodh ar bith:
 - (a) mura féidir leis an údarás forghníomhaitheach cinneadh a dhéanamh maidir leis an aitheantas nó leis an bhforghníomhú toisc go bhfuil an fhoirm dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VIII neamhiomlán nó go bhfuil sí mícheart go follasach;
 - (b) más rud é go suífidh an t-údarás forghníomhaitheach nach féidir leis, sa chás sonrach, foirmiúlachtaí agus nósanna imeachta arna gcur in iúl go sainráite ag an údarás eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 41 a chomhlíonadh.
3. Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas gan mhoill:
 - (a) faoi aon chinneadh arna dhéanamh de bhun Airteagal 43 agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin.
 - (b) más rud é, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna i gcomhréir le hAirteagal 45(2), go measann an t-údarás forghníomhaitheach nach féidir OCRP-AE a fhorghníomhú.
4. Cuirfidh an t-údarás eisiúna an duine lena mbaineann OCRP-AE ar an eolas faoi aon chinneadh arna dhéanamh ag an údarás forghníomhaitheach de bhun Airteagal 43 nó Airteagal 45.

Airteagal 47

Bearta sealadacha

1. I gcás inar eisíodh OCRP-AE chun rannpháirtíocht daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine atá cúisithe ón Stát forghníomhaitheach in imeachtaí coiriúla a éascú agus gur cinneadh ciontachta agus forchur pianbhreithe coimeádta nó ordaithe coinneála a bhí mar thoradh ar na himeachtaí, cuirfidh an Stát eisiúna an Stát forghníomhaitheach ar an eolas faoin rún atá aige BGE a eisiúint, i gcás inarb infheidhme.
2. Áiritheoidh an Stát forghníomhaitheach, i gcás ina gcuirfear ar an eolas é, go mbeidh a údarais inniúla in ann bearta sealadacha iomchuí a dhéanamh faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis chun a áirithiú go bhfanfaidh an duine lena mbaineann ina chríoch, lena n-áirítear tríd an duine a ghabháil, go dtí go bhfaighfear BGE agus go ndéanfar cinneadh maidir le haitheantas agus forfheidhmiú an BGE.

Airteagal 48

Comhairliúcháin idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach

1. I gcás inar gá, féadfaidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach dul i gcomhairle lena chéile gan mhoill agus d'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtúil an Teidil seo a éascú.
2. I gcás ina measfaidh an t-údarás eisiúna go n-éascódh sé cur i bhfeidhm éifeachtach an Teidil seo, féadfaidh sé dul i gcomhairle freisin leis an údarás forghníomhaitheach sula n-eiseoidh sé OCRP-AE, trí aon mhodh iomchuí. Tabharfaidh an t-údarás forghníomhaitheach freagra ar an iarraidh ar chomhairliúchán gan moill mhíchúí.

Airteagal 49

Ceartha nós imeachta agus coimircí

1. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme ag na Ballstáit, áiritheoidh siad go n-urramófar cothroime na n-imeachtaí lena mbaineann an OCRP-AE agus ceartha na ndaoine lena mbaineann an OCRP-AE dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, go háirithe ceartha daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe mar a leagtar amach i dTreoracha 2010/64/AE, 2012/13/AE, 2013/48, (AE) 2016/343, (AE) 2016/800 agus (AE) 2016/1919 agus ceartha íospartaigh choireachta mar a leagtar amach i dTreoir 2012/29/AE, agus i ndlí an Stáit eisiúna nó an Stáit fhorghníomhaigh, a mhéid a chomhlíontar dlí an Aontais, de réir mar is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 42.
Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú gur féidir leis an duine lena mbaineann na ceartha sin a fheidhmiú go héifeachtach go cianda ón mBallstát forghníomhaitheach agus ar bhealach lena n-áiritheofar cothroime na n-imeachtaí, le linn na héisteachta nó na héisteachtaí cianda lena mbaineann an OCRP-AE agus roimh an éisteacht nó na héisteachtaí sin agus ina ndiaidh, i gcás ina bhfuil baint ag feidhmiú na gceart atá i gceist leis an éisteacht nó na héisteachtaí lena mbaineann.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar socruithe nós imeachta iomchuí do dhaoine leochaileacha atá faoi dhrochamhras, daoine leochaileacha atá cúisithe nó íospartaigh choireachta leochaileacha nach mbeadh in ann, murach sin, páirt éifeachtach a ghlacadh go cianda san éisteacht nó sna héisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE, lena n-áirítear trí bhearta cosanta speisialta a chur i bhfeidhm.
I gcás ina mbainfidh an OCRP-AE le leanbh, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tús áite i gcónaí dá leas in aon chinneadh a bhaineann leis a dhéanfar i gcomhréir leis an Teideal seo.
3. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh sé de cheart ag duine a bheith i láthair ag an éisteacht nó ag na héisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE agus, i gcomhréir le hAirteagal 37, go n-iarrfaidh sé nó go dtoileoidh sé páirt a ghlacadh i níos mó ná éisteacht chianda amháin, go mbeidh sé de cheart aige filleadh ar a bheith rannpháirteach go pearsanta chun críoch aon éisteachta nó éisteachtaí ina dhiaidh sin a chumhdaítear leis an OCRP-AE. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an t-údarás eisiúna an OCRP-AE a tharraingt siar.

Airteagal 50

Leigheasanna dlí

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach coireachta lena mbaineann OCRP-AE na leigheasanna uile atá ar fáil

faoi dhlí an Stáit eisiúna sna himeachtaí coiriúla lena mbaineann an OCRP-AE a fheidhmiú go héifeachtach.

2. Beidh sé de cheart ag duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach coireachta lena mbaineann an OCRP-AE leigheas éifeachtach a fháil sa Stát eisiúna in aghaidh eisiúint OCRP-AE má dhéantar dochar dá chearta. Go háirithe, beidh sé de cheart ag an duine lena mbaineann agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 37(2) OCRP-AE a eisiúint gan a thoiliú.
3. Beidh sé de cheart ag duine atá faoi dhrochamhras, duine atá cúisithe nó íospartach coireachta lena mbaineann an OCRP-AE leigheas éifeachtach a fháil sa Stát forghníomhaitheach in aghaidh aitheantas agus fhorghníomhú OCRP-AE má dhéantar dochar dá chearta le haitheantas agus forghníomhú an OCRP-AE. Beidh éifeachtaí fionraíochta ag feidhmiú na leigheasanna sin ar aitheantas agus ar fhorghníomhú an OCRP-AE.
4. Déanfaidh an t-údarás forghníomhaitheach faireachán ar choinníollacha teicniúla agus praiticiúla forghníomhaithe an OCRP-AE agus cuirfidh sé an t-údarás eisiúna ar an eolas láithreach faoi aon saincheist teicniúil nó praiticiúil a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú éifeachtach chearta an duine lena mbaineann nó do chothroime na n-imeachtaí.

I gcás ina dtiocfaidh saincheistanna den sórt sin chun cinn le linn na héisteachta nó na n-éisteachtaí lena mbaineann an OCRP-AE, cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach nó an t-údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach a bheidh i láthair le linn na héisteachta an t-údarás eisiúna ar an eolas láithreach trí aon mhodh iomchuí. Cuirfear an éisteacht sin ar fionraí agus comhoibreoidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach nó, i gcás inarb iomchuí, an t-údarás inniúil sa Stát forghníomhaitheach a bheidh i láthair le linn na héisteachta, chun gach beart iomchuí a dhéanamh chun na saincheistanna sin a leigheas gan mhoill agus, i gcás inar gá, chun an éisteacht lena mbaineann a athsceidealú agus a athdhéanamh.

I gcás ina mbeidh na saincheistanna teicniúla fós ann agus nach féidir iad a réiteach laistigh de thréimhse réasúnta ama, féadfaidh an t-údarás eisiúna a chinneadh an OCRP-AE a tharraingt siar. I gcásanna den sórt sin, déanfar an éisteacht nó na héisteachtaí a athsceidealú chun am leordhóthanach a thabhairt don duine lena mbaineann socrú a dhéanamh chun go mbeidh sé i láthair go fisiciúil ag an éisteacht nó na héisteachtaí sa Stát eisiúna.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfágfaidh na teorainneacha ama chun leigheas dlí a agairt i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 go mbeidh sé beagnach dodhéanta nó ródheacair an ceart chun leighis den sórt sin a fheidhmiú.
6. Cuirfidh an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach a chéile ar an eolas faoi aon leigheas dlí atá á lorg i gcomhréir le mír 2 agus 3 agus faoin toradh air sin.

↓ 2023/2843/AE airteagal 11.1
(oiriúnaithe)
⇒ nua

TEIDEAL IV

✠ FORÁLACHA COITEANNA ✠

Airteagal 51~~5a~~

Modhanna cumarsáide

1. Cé is moite den chumarsáid faoi Airteagal 10~~9~~(6), Airteagal 12~~11~~(4), Airteagal 13~~12~~(5) agus (6), ~~agus~~ Airteagal 16(2), an chéad fhomhír, $\Rightarrow$ Airteagal 22(4), Airteagal 30(6), Airteagal 43(4), Airteagal 44(5), Airteagal 46(2), Airteagal 48(2) agus Airteagal 50(3) $\Leftarrow$, déanfar cumarsáid oifigiúil faoin Treoir seo idir an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forghníomhaitheach $\Rightarrow$, idir údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin agus údarás inniúil an Bhallstáit dá dtugtar fógra, idir údarás déanta na hiarrata agus údarás faighte na hiarrata dá dtagraítear in Airteagal 35, agus idir na húdaráis inniúla náisiúnta sin agus Eurojust nó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, $\Leftarrow$ i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/2844 ~~ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~.

↓ nua

2. Cumarsáid de bhun Airteagal 10(6), Airteagal 12(4), Airteagail 13(5) agus (6), Airteagal 16(2), an chéad fhomhír, Airteagal 22(4), Airteagal 30(6), pointe (a), Airteagal 43(4), Airteagal 44(5), Airteagal 46(2), Airteagal 48(2) agus Airteagal 50(3), féadfar í a dhéanamh trí na modhanna tarchuir is tapa agus is iomchuí, lena n-áirítear tríd an gcóras TF díláraithe.

↓ 2014/41/AE

$\Rightarrow$ nua

3. I gcás inar ainmnigh Ballstát údarás lárnach nó údaráis lárnacha, beidh feidhm ag míreanna 1 $\Rightarrow$ agus 2 $\Leftarrow$ freisin maidir le cumarsáid oifigiúil leis an údarás lárnach nó leis na húdaráis lárnacha de chuid Ballstáit eile.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

Airteagal 52~~7~~

☒ Údaráis lárnacha a ainmniú ☒

~~3. Gan dochar d'Airteagal 2(d),~~ Féadfaidh gach Ballstát údarás lárnach a ainmniú nó, i gcás ina bhforálfar amhlaidh ina chóras dlí, níos mó ná údarás lárnach amháin a ainmniú chun cabhrú leis na húdaráis inniúla☒ faoin Treoir seo ☒ . Féadfaidh Ballstát, ~~mas~~ ☒ i gcás inar ☒ gá sin de bharr eagrúcháin a chórais bhreithiúnaigh inmheánaigh, freagracht a chur ar a údarás lárnach nó ar a údaráis lárnacha as tarchur riaracháin agus fáil ☒ na nithe seo a leanas ☒ :

- (a) OIE~~na~~,

↓ nua

- (b) fógraí dá dtagraítear in Airteagal 30(6), pointe (a) agus Airteagail 33 agus 34,
(c) iarrataí ar thoiliú chun faisnéis a úsáid a malartaíodh roimhe seo mar fhianaise,
(d) OCRP-AE,

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

(c) agus as comhfhreagras oifigiúil eile a bhaineann le OIE na ☒ le pointí (a) go (d) ☒.

↓ nua

Airteagal 53

Comhar le Eurojust agus leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach

Féadfaidh údaráis inniúla faoin Treoir seo, ag céim ar bith den nós imeachta faoin Treoir seo, cúnamh ó Eurojust nó ón nGréasán Breithiúnach Eorpach a iarraidh i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal ~~54~~ 54

Costais

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo, íocfaidh an Stát forghníomhaitheach na costais go léir a bhí ann ar chríoch an Stáit forghníomhaigh, ar costais iad atá bainteach le forghníomhú OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ .
 2. I gcás ina measfaidh an t-údarás forghníomhaitheach go bhféadfar go measfar na costais chun an OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a fhorghníomhú a bheith an-ard, féadfaidh sé dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna maidir le conas a d'fhéadfaí na costais a roinnt nó an OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a mhodhnú.
Cuirfidh an t-údarás forghníomhaitheach an t-údarás eisiúna ar an eolas roimh ré faoi na mionsonraíochtaí ar an gcuid de na costais a mheasfar a bheith an-ard.
 3. I gcásanna eisceachtúla nuair nach féidir teacht ar chomhaontú maidir leis na costais dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an t-údarás eisiúna a chinneadh:
 - (a) an OIE nó ⇒ OCRP-AE ⇐ a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach; ~~nó~~
 - (b) an OIE ⇒ nó OCRP-AE ⇐ a choimeád, agus an chuid de na costais a mheasfar a bheith an-ard a íoc.
-

↓ nua

Airteagal 55

Staidreamh

1. Baileoidh na Ballstáit staidreamh cuimsitheach chun gur féidir leis an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Teorach seo. Coimeádfaidh údaráis inniúla na mBallstát an staidreamh sin agus tarchuirfidh siad chuig an gCoimisiún é ar bhonn bliantúil. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát na sonraí pearsanta is gá a phróiseáil chun an staidreamh sin a tháirgeadh. Beidh an staidreamh a tharchuirfear chuig an gCoimisiún teoranta do shonraí comhiomlánaithe agus ní bheidh sonraí pearsanta ann.

2. Cuimseofar an méid uile seo a leanas sa staidreamh dá dtagraítear i mír 1:
- (a) an líon OIEnna agus fógraí faoi Airteagal 30(6), pointe (a), arna dtarchur ag an Stát eisiúna;
 - (b) an líon OIEnna arna bhforghníomhú ag an Stát forghníomhaitheach;
 - (c) an líon OIEnna neamhaitheanta agus neamh-fhorghníomhaithe, bídís neamhaitheanta agus neamh-fhorghníomhaithe go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear an foras le neamhaithint/neamh-fhorghníomhú, lena n-áirítear cásanna nach féidir cúnaimh a chur ar fáil de bhun Airteagal 11(5) agus cásanna ina gcuireann an Stát forghníomhaitheach an OIE ar ais de bhun Airteagal 10(3);
 - (d) an líon cásanna inar lorgaíodh leigheasanna dlí in aghaidh an OIE a eisiúint nó a fhorghníomhú agus an líon cinntí ar éirigh leis na hagóidí a rinneadh ina n-aghaidh;
 - (e) an fad ama a thóg sé fianaise a tharchur nó an fad ama a thóg sé chun faisnéis a tharchur faoin gcinneadh maidir le neamhaithint nó neamh-fhorghníomhú OIE;
 - (f) an líon fógraí faoi Airteagail 33 agus 34 arna dtarchur ag údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin, agus an líon agóidí arna dtarchur ag an mBallstát dá dtugtar fógra, mar fhreagairt ar na fógraí sin;
 - (g) an líon OCRP-AEnna arna dtarchur ag an Stát eisiúna, lena n-áirítear faisnéis maidir le céim na n-imeachtaí lena mbaineann siad agus i dtaobh ar bhain siad le duine atá faoi dhrochamhras, le duine atá cúisithe nó le híospartach na coireachta;
 - (h) an líon OCRP-AEnna a aithníodh agus a forghníomhaíodh;
 - (i) an líon OCRP-AEnna ar diúltaíodh iad a aithint nó a fhorghníomhú, go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an bhforas le neamhaithint nó le neamh-fhorghníomhú ar a bhfuiltear ag brath, maidir le céim na n-imeachtaí lenar bhain an OCRP-AE agus i dtaobh ar bhain siad le duine atá faoi dhrochamhras, le duine atá cúisithe nó le híospartach coireachta;
 - (j) an líon cásanna inar lorgaíodh leigheasanna dlí in aghaidh OCRP-AE a eisiúint nó a fhorghníomhú, lena sonraítear ar dhuine atá faoi dhrochamhras, dhuine atá cúisithe nó íospartach a thug gach cás acu, agus an líon cinntí ar éirigh leis na hagóidí a rinneadh ina n-aghaidh.
3. Na bogearraí cur chun feidhme tagartha dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2023/2844 agus, i gcás ina bhfuil siad feistithe déanamh amhlaidh, trí na córais chúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 12(1) den Rialachán sin, déanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhailiú ar bhonn ríomhchláraithe agus a tharchur chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil.
4. Baileofar an staidreamh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 60(3) ar aghaidh. Déanfar na staitisticí sin a tharchur den chéad uair 1 bhliain amháin tar éis an dáta sin.
5. Go dtí an dáta dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do chur i bhfeidhm Airteagal 16(2), pointí (c) agus (d), de Rialachán (AE) 2023/2844 i leith na staitisticí seo a leanas, a mhéid a chomhfhreagraíonn siad don fhaisnéis dá dtagraítear sna pointí sin:

- (a) an líon OIEnna arna dtarchur ag an Stát eisiúna tríd an gcóras TF díláraithe, dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), den Airteagal seo;
 - (b) an fad ama is gá chun fianaise a tharchur nó an fad ama is gá chun faisnéis a tharchur faoin gcinneadh maidir le neamhaithint nó neamh-fhorghníomhú OIE dá dtagraítear i mír 2, pointe (e) den Airteagal seo;
 - (c) an líon fógraí faoi Airteagal 33 arna dtarchur ag údarás inniúil an Bhallstáit imscrúdúcháin dá dtagraítear i mír 2, pointe (f), den Airteagal seo.
6. Ón dáta dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo ar aghaidh, bailiú agus tarchur na staitisticí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (e) agus (f) den Airteagal seo, beidh sé sin sin ina nós imeachta coibhéiseach um fhógra a thabhairt faoi Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/2844 le haghaidh na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 16(2), pointí (c) agus (d), den Rialachán sin.

Airteagal 56

Leasuithe ar na foirmeacha caighdeánacha

Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57 chun Iarscríbhinní I go IX a leasú trí na foirmeacha caighdeánacha atá sna hIarscríbhinní sin a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh orthu.

Airteagal 57

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 56 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amháin ó *[dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]*.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 56 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghactar de bhun Airteagal 56 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a

chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

TEIDEAL V

⊗ FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS ⊗ FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 58~~33~~

Fógraí

1. Faoi ⇒ [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm] ⇐ ~~an 22 Bealtaine 2017~~ tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

- (a) an t-údarás nó na húdaráis, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó lena ndlí náisiúnta, atá inniúil ~~de réir Airteagal~~ ⊗ i gcomhréir le hAirteagal ⊗ ~~2(e)~~ ⇒ 2(1), pointí (c) ⇐ agus (d), nuair ⊗ ⊗ is é an Ballstát sin an Stát eisiúna nó an Stát forghníomhaitheach ⇒ de réir bhrí na bhforálacha sin ⇐ :

↓ nua

- (b) an t-údarás nó na húdaráis atá, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta nó lena ndlí náisiúnta, inniúil i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34 nuair is é an Ballstát sin an Ballstát imscrúdúcháin nó an Ballstát dá dtugtar fógra;
- (c) an t-údarás nó na húdaráis arna n-ainmniú faoi Airteagal 30(6), pointe (a), chun fógraí práinneacha a tharchur agus a fháil i gcomhréir leis an Airteagal sin, i gcás inarb é an Ballstát sin an Stát eisiúna nó an Stát forghníomhaitheach;

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)
⇒ nua

- (~~de~~) na teangacha a nglactar leo ~~i gcás OI~~ dá dtagraítear in Airteagal ~~65~~(2) ⇒ agus Airteagal 38(3) ⇐;
- (~~ce~~) an fhaisnéis maidir leis an údarás lárnach ainmnithe nó na húdaráis lárnacha ainmnithe, ~~na~~ ⊗ i gcás inar ⊗ mian leis an mBallstát úsáid a bhaint as an bhféidearthacht faoi Airteagal ~~7(3)~~52, ⊗ lena soiléirítear a bhfreagrachtaí ⊗ . Beidh an fhaisnéis ⊗ sin ⊗ ~~seo~~ ina ceangal ar údaráis an Stáit eisiúna.
2. Féadfaidh gach Ballstát liosta doiciméad riachtanach a sholáthar don Choimisiún a mbeadh gá aige leo faoi Airteagal 22(4).
3. Cuirfidh na Ballstáit aon athrú dá éis sin ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 in iúl don Choimisiún.
4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis arna fáil faoin Airteagal seo ar fáil do na Ballstáit uile agus don ⊗ Líonra Breithiúnach Eorpach ⊗ ~~LPE~~. Cuirfidh ⊗ an Líonra

↓ nua

5. Fógraí arna dtarchur faoi mhíreanna 1 agus 2 d’Airteagal 33 de Threoir 2014/41/AE, beidh siad bailí go fóill chun críocha na Treorach seo ach amháin má dhéantar iad a ionadú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an Airteagal seo.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

Airteagal 59~~34~~

Gaolta le hionstraimí, le comhaontuithe agus le comhshocraíochtaí dlíthiúla eile

1. Gan dochar dá ~~LE~~ difear a dhéanamh dá ~~LE~~ gcur i bhfeidhm idir na Ballstáit agus tríú Stáit agus a gcur i bhfeidhm sealadach de bhua Airteagal ~~60~~ ³⁵, cuirtear an Treoir seo, ~~ón 22 Bealtaine 2017,~~ in ionad fhorálacha ~~comhfhreagracha~~ na gcoinbhinsiún is infheidhme idir na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu ~~LE~~ agus a chomhfhreagraíonn d’fhorálacha na Treorach seo (‘na forálacha comhfhreagracha’) ~~LE~~ :
- (a) An Coinbhinsiún Eorpach um Chúnamh Frithpháirteach i ndáil le hÁbhair Choiriúla ó Chomhairle na hEorpa an 20 Aibreán 1959, i dteannta a ~~dhá~~ ~~LE~~ thrí ~~LE~~ phrótacal bhreise, agus na comhaontuithe déthaobhacha arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 26 de;
 - (b) An Coinbhinsiún lena gcuirtear i bhfeidhm Comhaontú Schengen;
 - (c) An Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach i ndáil le hÁbhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus a phrótacal~~;~~

↓ nua

- (d) an Coinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht ó Chomhairle na hEorpa an 23 Samhain 2001 agus na prótacail bhreise a ghabhann leis;
 - (e) Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Cibearchoireachta an 24 Nollaig 2024;
 - (f) Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta;
 - (g) Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh an Éillithe;
 - (h) Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha.
2. Cuirfear forálacha comhfhreagracha na gcoinbhinsiún dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), in ionad fhorálacha comhfhreagracha na gcoinbhinsiún ón 22 Bealtaine 2017. Cuirfear forálacha comhfhreagracha na gCoinbhinsiún dá dtagraítear i mír 1, pointí (d), (e), (f), (g) agus (h) in ionad fhorálacha comhfhreagracha na gCoinbhinsiún ó [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm].

3. I gcás ina nglacfar prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), tar éis an 22 Bealtaine 2017, cuirfear forálacha comhfhreagracha na Treorach seo in ionad fhorálacha comhfhreagracha an phrótacail sin ó [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm].

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

- ~~2. Leis seo, déantar an Treoir seo a chur in ionad Chinneadh Réime 2008/978/CGB le haghaidh na mBallstát a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu. Déantar an Treoir seo a chur in ionad forálacha Chinneadh Réime 2003/577/CGB le haghaidh na mBallstát a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu a mhéid a bhaineann le fianaise a reo.~~

~~Le haghaidh na mBallstát a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, déanfar tagairtí do Chinneadh Réime 2008/978/CGB, agus a mhéid a bhaineann le fianaise a reo, do Chinneadh Réime 2003/577/CGB, a fhorléiriú mar thagairtí don treoir seo.~~

- ~~4.3.~~ I dteannta na Treorach seo, féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích le Ballstáit eile tar éis ⇒ [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm] ⇐ ~~an 22 Bealtaine 2017~~ ach amháin a mhéid a fhágfaidh siad sin gur féidir aidhmeanna na Treorach seo a neartú a thuilleadh agus rannchuidiú leis na nósanna imeachta a shimpliú nó a éascú chun fianaise a bhailiú ⇒ nó cian-rannpháirtíocht na ndaoine atá faoi dhrochamhras, na ndaoine atá cúisithe nó íospartaigh na coireachta a éascú a thuilleadh in éisteachtaí cúirte coiriúla ó Bhallstát eile ⇐ agus ar choinníoll go n-urramaítear leibhéal na gcoimircí a leagtar amach sa Treoir seo.

- ~~54. Faoi 22 Bealtaine 2017~~ ⇒ Faoi [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm] ⇐, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na comhaontuithe agus na socruithe atá ann cheana dá dtagraítear i mír 3 ar mian leo leanúint dá gcur i bhfeidhm. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún chomh maith maidir le haon chomhaontú nó socrú nua dá dtagraítear i mír ~~34~~ laistigh de 3 mhí tar éis é a shíniú.

↓ nua

6. Fógraí arna dtarchur faoi Airteagal 34(4) de Threoir 2014/41/AE, beidh siad bailí go fóill chun críocha na Treorach seo ach amháin má dhéantar iad a ionadú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le mír 5.

7. Beidh feidhm ag an Treoir seo gan dochar don Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme a mhéid a rialaítear faireachas trasteorann a dhéantar chun críocha an chomhair oibríochtúil póilíneachta leis an gCoinbhinsiún.

Airteagal 60

Forálacha idirthréimhseacha

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 1(1) a thionscnófar ón [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm].

2. Mar sin féin, Airteagal 51, a mhéid a bhaineann sé le teachtaireachtaí i ndáil le nósanna imeachta a bhunaítear faoi Airteagal 21, Airteagal 30(6), agus Airteagail 34 agus 35 agus faoi Theideal III, beidh feidhm acu maidir le nósanna imeachta a thionscnófar ón dáta a socróidh an Coimisiún.
3. Socróidh an Coimisiún an dáta dá dtagraítear sa dara mír i gcinneadh tar éis dó gníomh cur chun feidhme a ghlacadh faoi Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2023/2844, lena n-áirithítear go gcumasóidh an córas TF díláraithe cur i bhfeidhm na nósanna imeachta a thugtar isteach leis an Treoir seo. Is é an dáta sin an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme sin.
4. OIE agus fógraí ón mBallstát, i gcás ina bhfuil an duine is ábhar don idircheapadh lonnaithe in áit nach bhfuil cúnaimh teicniúil uaidh ag teastáil, a fuarthas roimh [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm], leanfaidh siad de bheith faoi rialú Threoir 2014/41/AE.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

⇒ nua

~~Airteagal 35~~

~~Forálacha idirthréimhseacha~~

- ~~1. Leanfaidh iarrataí ar chúnaimh frithpháirteach a gheofar roimh an 22 Bealtaine 2017 de bheith faoi rialú ag ionstraimí láithreacha a bhaineann le cúnaimh frithpháirteach in ábhair choiriúla. Beidh cinntí chun fianaise a reo de bhua Chinnadh Réime 2003/577/CGB agus a gheofar roimh an 22 Bealtaine 2017 faoi réir an Chinnidh Réime sin.~~
- ~~2. Tá Airteagal 8(1) mutatis mutandis infheidhme maidir leis an OIE tar éis cinneadh reo a glacadh faoi Chinnadh Réime 2003/577/CGB.~~

~~Airteagal 61~~~~36~~

~~Trasuí~~

1. ~~Déanfaidh~~ ☒ Tabharfaidh ☒ na Ballstáit ☒ na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin ☒ ~~na bearta~~ is gá ☒ i bhfeidhm ☒ chun ~~an Treoir seo~~ ⇒ Airteagail 1 agus 2, Airteagal 3(1), Airteagal 4, Airteagal 6(1), pointí (f) agus (g), Airteagal 6(4), Airteagal 8(1) agus 8(2), Airteagal 9(3), Airteagal 10(3), Airteagal 13, Airteagal 14(5), Airteagal 17(1) agus (5), Airteagal 21, Airteagal 24(1), (2) agus (5), pointe (a), Airteagal 28(1), pointí (c) agus (d), Airteagal 28(2), Airteagal 30, Airteagal 31(7), Airteagail 33 go 50, Airteagail 51 go 55, Airteagail 58 go 60 agus Iarscríbhinní I go IX ⇐ a chomhlíonadh ~~faoi 22 Bealtaine 2017~~ ⇒ faoi [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm] ⇐ . ☒ Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. ☒
- ⇒ Beidh feidhm ag na bearta sin ón [2 bhliain tar éis an teacht i bhfeidhm]. ⇐
2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit ☒ na ☒ bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil.

- ☒ Cuimseofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i ndlíthe, rialúcháin agus forálacha riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnefidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.
- ☒ ~~Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.~~

~~3. Faoi 22 Bealtaine 2017, déanfaidh na Ballstáit téacs na bhforálacha lena dtrasúifear ina ndlí náisiúnta féin na hoibleagáidí a fhorchuirtear orthu faoi Treoir seo a tharchur chuig an gCoimisiún.~~

↓ nua

3. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

~~Article 37~~

~~Tuarascáil maidir leis an geur i bhfeidhm~~

~~Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis an 21 Bealtaine 2014, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ar bhonn fianaise cháilíochtúil nó chainníochtúil araon, lena n-áirítear go háirithe, measúnú ar a thionchar maidir le comhar in ábhar choiriúla agus le cosaint daoine aonair, chomh maith le forghníomhú na bhforálacha maidir leis an idircheapadh teileachumarsáide i bhfianaise na geumarsáidí teieniúla. Beidh tograí le haghaidh leasuithe ar an Treoir seo ag gabháil leis an tuarascáil, más gá.~~

↓ nua

~~Airteagal 62~~

~~Tuarascáil maidir leis an gcur i bhfeidhm~~

Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(3), cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus faisnéis arna soláthar ag na Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 55 agus arna bailiú ag an gCoimisiún mar thaca léi.

~~Airteagal 63~~

~~Aisghairm~~

Aisghairtear Treoir 2014/41/AE le héifeacht ón [2 bhliain lúide 1 lá amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát a bhaineann leis an teorainn ama maidir le trasú na Treorach a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn X.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear í i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn XI.

↓ 2014/41/AE (oiriúnaithe)

Airteagal ~~6438~~

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis ☒lá ☒a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

↓ 2014/41/AE

Airteagal ~~6539~~

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil....
